Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Lár Bailte ar dTús

## Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann



Arna ullmhú ag An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus An Roinn Fortbartha Tuaithe agus Pobail.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá ón Aire** | **3** |
| **Achoimre Feidhmiúcháin** | **5** |
| **Caibidil 1 – Comhthéacs Beartaist** | **7** |
| Tús Eolais | 8 |
| An Fáth a bhfuil Tábhacht le Lár Bailte | 8 |
| Bailte na hÉireann | 10 |
| Dúshláin Roimh Bhailte | 13 |
| Comhthéacs Beartais Náisiúnta | 13 |
| Comhthéacs Beartais AE | 16 |
| Tacaíochtaí Reatha do Lár Bailte a Fhorbairt | 16 |
| **Caibidil 2 – Deiseanna dár mBailte agus Sráidbhailte** | **18** |
| Athrú Aeráide agus Oiriúnú ár mBailte | 19 |
| Claochlú Digiteach agus Bealaí Nua Oibre agus Maireachtála | 19 |
| Athrú Déimeagrafach agus Rogha Tithíochta i mBailte | 19 |
| Miondíol Taithí-threoraithe | 20 |
| Spás Poiblí a Athghiniúint | 20 |
| Soghluaisteacht Inbhuanaithe | 20 |
| Sócmhainní Cultúir agus Oidhreachta Áiteanna a Fhíorú | 21 |
| An Ghaeltacht agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta | 21 |
| Pobail Ghníomhacha, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe | 22 |
| **Caibidil 3 – Lár Bailte ar dTús (LBT)– Beartas Nua** | **25** |
| Cúlra agus Aidhm | 26 |
| Fís Chomhchoiteann do Bhailte na hÉireann | 26 |
| Coitiantacht maidir le Cur Chuige | 27 |
| Príomhghnéithe an Chuir Chuige um Lár Bailte ar dTús | 27 |
| **Caibidil 4 – Forbairt Cumais agus Comhroinnt Taithí** | **29** |
| Cumas Áitiúil | 31 |
| Oifig Náisiúnta LBT | 33 |
| Líonra LBT | 33 |
| Treoraíocht agus Dea-Chleachtas Náisiúnta | 34 |
| Foghlaim ónár mBailte Rathúla | 37 |
| Tacaíochtaí Eile | 37 |

| | |
|---|---|
| **Caibidil 5 – Sonraí mar Fhaisnéis don Fhorbairt** | **40** |
| Sonraí faoi Bhailte na hÉireann | 41 |
| Sonraí Níos Fearr a Thógáil | 41 |
| Toradh Sóisialta agus Costas-sochair ar Infheistíocht i Lár Bailte | 42 |
| Taighde agus Athrú Iompraíochta | 43 |
| **Caibidil 6 – Plean Lár Bailte ar dTús (LBT) a Fhorbairt** | **45** |
| Comhpháirteanna an Phlean | 46 |
| Geilleagar an Bhaile | 47 |
| Próiseas an Phlean LBT | 48 |
| LBT agus na Pleananna Spáis Reachtúla | 49 |
| **Caibidil 7 – Maoiniú agus Tacaíochtaí Rialála** | **53** |
| Maoiniú do Bhailte | 54 |
| CAFU agus CAFT | 54 |
| Tacaíochtaí Rialála | 55 |
| Bailte Luathchéime agus Pathfinder | 55 |
| An Ciste Croí Cónaithe | 56 |
| **Caibidil 8 – Cur i bhFeidhm Náisiúnta** | **59** |
| Struchtúir um Chur i bhFeidhm Náisiúnta | 60 |
| An Ghné Réigiúnach | 60 |
| Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm | 60 |
| Fócas Tras-Rialtais | 61 |
| **Aguisíní** | **63** |
| **Aguisín 1 – Achoimre ar Ghníomhartha LBT agus ar ghníomhartha tacúla in Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann agus Tithíocht do Chách** | **63** |
| **Aguisín 2 – An Creat Náisiúnta Pleanála agus LBT** | **69** |
| **Aguisín 3 – Grúpa Idir-rannach (GIR) agus Grúpaí Oibre** | **71** |
| **Aguisín 4 – Grúpa Comhairleach** | **72** |
| **Aguisín 5 – Ag Tacú leis an gCreat Infheistíochta** | **73** |
| **Aguisín 6 – Ról na nOifigeach Athghiniúna Baile** | **75** |
| **Aguisín 7 – Foirne Baile LBT** | **76** |
| **Aguisín 8 – Gnéithe den Phlean LBT** | **77** |

# Réamhrá ón Aire

Tugtar breac-chuntas sa doiciméad *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* ar fhís chun tacú le hathghiniúint agus le forbairt bhailte tuaithe chun rannchuidiú le téarnamh an gheilleagair áitiúil agus náisiúnta, agus chun a chur ar chumas daoine cónaí agus oibriú i dtimpeallacht bheomhar. Cuid lárnach den fhís sin is ea an beartas *Lár Bailte ar dTús*.

Is ionann *Lár Bailte ar dTús* agus cur chuige nua ar fhorbairt ár mbailte ina mbeidh ról lárnach ag pobail áitiúla agus ag gnólachtaí áitiúla maidir lena mbailte féin a athshamhlú agus lena dtodhchaí féin a phleanáil. Tá gach baile difriúil. Tá gach baile uathúil agus teastaíonn réitigh uathúla uathu ar na dúshláin agus deiseanna atá rompu. Sa bheartas *Lár Bailte ar dTús* aithnítear an éagsúlacht sin agus aithnítear nach n-oibreoidh cur chuige den chineál "oireann an toise céanna do gach duine" chun na torthaí is mian linn uile dár mbailte a bhaint amach.

Leagtar creat amach inár mbeartas chun a éascú do gach baile a thodhchaí féin a phleanáil, agus na hacmhainní a thabhairt dóibh ina leith, trí bhíthin phlean saincheaptha, arna fhorbairt ag Foireann Bhaile chomhoibríoch agus le tacaíocht óna Údarás Áitiúil. Leagtar amach na struchtúir agus an maoiniú a chuirfimid ar bun ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil chun tacú lenár mbailte plean a dhearadh, a sholáthar agus a chur i bhfeidhm chun gach baile a athshamhlú. Plean a chuimseoidh a ról tábhachtach eacnamaíoch agus sóisialta inár sochaí; plean a aithneoidh an tábhacht a bhaineann le comhfhorbairt áite; agus plean a soláthróidh spásanna bríomhara a bhfuil cónaí iontu i gcroílár ár mbailte. Cé go ndíríonn sé ar ár mbailte, cruthaíonn sé creat agus prionsabail a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir lenár sráidbhailte tuaithe a fhorbairt freisin.

Tá infheistíocht shuntasach á déanamh ag mo Roinn inár mbailte agus sráidbhailte, go háirithe trí bhíthin An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, agus le déanaí, an Tionscnamh um Fheabhsúchán Sráid-dreacha. Tá tionchar mór á imirt ag na cláir infheistíochta sin ar ár mbailte agus sráidbhailte cheana féin; cinnteofar leis na struchtúir atá á gcur ar bun againn faoi *Lár Bailte ar dTús* go mbainfear amach tionchar níos mó agus torthaí níos fearr fós dár mbailte.

Is léir an réasúnaíocht le hinfheistiú inár mbailte. Is cuid lárnach iad don oiread sin dár saol – is iontu a chónaímid, a oibrímid, a chaithimid go leor dár gcuid ama. Tá an poitéinseal ag ár mbailte freisin rannchuidiú ollmhór lenár bhfreagairt shóisialta ar shaincheisteanna amhail soláthar tithíochta, bealaí nua le bheith ag obair agus rannpháirtíocht an phobail. Féadfaidh infheistiú inár mbailte cuidiú le caighdeán beatha níos fearr do chách a sholáthar.

Baineann an beartas *Lár Bailte ar dTús* le tráth ina bhfuil an beartas forbartha tuaithe is uaillmhéine agus is claochlaithí leis na deicheanna de bhlianta anuas á chur i bhfeidhm againn. Is tráth é seo ina bhfuil athrú suntasach ar bun agus deiseanna móra ann dár mbailte. Táim muiníneach go bhféadfaidh an beartas seo a éascú dár mbailte freagairt do na deiseanna sin agus táim tiomanta é a sholáthar.



**Heather Humphreys T.D.**

*An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail*

# Réamhrá ón Aire Stáit

Tá ríméad orm fáilte a chur roimh fhoilsiú an bheartais *Lár Bailte ar dTús* mar chéim thábhachtach chun tacú le forbairt agus athghiniúint na mbailte ar fud na tíre amach anseo. Is príomhghné é de Chlár an Rialtais agus aithníonn sé tábhacht na mbailte chun forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil inár bpobail a chumasú. Féadfaidh ár mbailte tithe nua agus fostaíocht a sholáthar go hinbhuanaithe dár saoránaigh, chomh maith le caighdeán ard beatha a léiríonn an mórtas agus nasc láidir atá ag daoine lena gceantar.

Tógadh *Lár Bailte ar dTús* ar bhonnchloch láidir an Chreata Náisiúnta Pleanála a fhéachann le bailte láidre a thógáil a bheidh ábalta seirbhísí agus deiseanna a sholáthar do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí áitiúla araon. Ní mór stop a chur le cuid den mheath a tháinig ar ár mbailte, atá le brath go príomha i bhfoirgnimh thréigthe agus fholmha, trí bhíthin comhdhlúthú na forbartha nua a chur chun cinn laistigh den bhaile inar féidir úsáid a bhaint as seirbhísí agus bonneagar atá ann cheana féin. Sa straitéis *Tithíocht do Chách* freisin, tacaítear go mór le tuilleadh athúsáide agus athchóirithe i leith foirgneamh atá ann cheana féin mar chuspóir beartais, agus le tuilleadh láithreán inlíonta agus athfhorbraíochta a ghníomhachtú chun lár ár mbailte a athghiniúint agus chun daoine agus gníomhaíocht a thabhairt ar ais chucu.

Ach tacú le hathghiniúint bailte, tá clár infheistíochta poiblí suntasaí á stiúradh ag mo Roinn faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus tá tionscadail forbartha ar bun i ngach contae.

Leis an infheistíocht sin, is féidir tionscnaíocht agus nuáil áitiúil a dhéanamh chun feabhsúcháin ar ár mbailte a sholáthar agus chun buntáistí breise eacnamaíocha agus comhshaoil a ghiniúint. Leanfar den chlár infheistíochta sin agus ceanglófar é le sruthanna maoinithe nua eile lena chinntiú go dtabharfar Pleananna áitiúla *Lár Bailte ar dTús* chun críche go hiomlán.

Agus na prionsabail maidir le *Lár Bailte ar dTús* á soláthar acu, tá ról ríthábhachtach le himirt ag Údaráis Áitiúla. Trí bhíthin na naisc láidre agus an caidreamh atá acu lena bpobail áitiúla, beidh siad ábalta tacú le straitéisí saincheaptha um an fhorbairt áitiúil a fhorbairt. Féadfaidh Údaráis Áitiúla oibriú le 'Foireann Bhaile' na bpáirtithe leasmhara spreagtha áitiúla trí bhíthin tacaíochtaí teicniúla, riaracháin agus eile a sholáthar agus tionscadail agus cláir éifeachtacha *Lár Bailte ar dTús* a cheapadh.

Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le comhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh faoi mo chathaoirleacht as a rannchuidiú agus as a léargas luachmhar a bhí mar fhaisnéis ag ullmhú an bheartais. Táim cinnte go gcuirfidh an beartas *Lár Bailte ar dTús* le go leor don obair iontach atá á déanamh ag pobail áitiúla cheana féin chun a mbailte féin a athbheochan agus a athnuachan. Leanfaidh mo Roinn ar aghaidh ag cuidiú le hathghiniúint bailte agus cinnteoidh sí go gcuirfear an beartas *Lár Bailte ar dTús* i bhfeidhm, le go dtacóidh ár lár bailte le pobail bhríomhara is main le daoine cónaí, oibriú agus bualadh le chéile iontu.



**An tUasal Peter Burke T.D.**

*Aire Stáit ar a bhfuil freagracht maidir le Rialtas Áitiúil agus Pleanáil*

# Achoimre Feidhmiúcháin

*"Tá d'aidhm ag an mbeartas Lár Bailte ar dTús lár bailte a chruthú a fheidhmeoidh mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine le bheith ag cónaí agus ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu, agus a bheidh mar mhol seirbhísí, sóisialta, cultúir agus áineasa don phobal áitiúil".*

Tá dúshláin mhóra roimh bhailte na hÉireann agus deiseanna móra acu nach mór freagairt chomhordaithe agus chuimsitheach a thabhairt orthu. Leis an mbeartas seo, *Lár Bailte ar dTús* (LBT), éascófar an fhreagairt sin i mbailte, idir chinn bheaga agus chinn mhóra, ar fud na tíre le go bhféadfaidh lár an bhaile feidhmiú mar chroílár inbhuanaithe agus bríomhar do na pobail ar a bhfreastalaíonn siad, ar bhealaí atá inoiriúnaithe agus iomchuí do riachtanais an 21ú hAois.

A bhuí do phaindéim COVID-19 táimid níos feasaí faoin tábhacht a bhaineann le ríocht phoiblí, sráideanna, páirceanna agus áiseanna eile ardcháilíochta i mbailte lena soláthraítear spás do phobail bualadh le chéile agus tabhairt faoi chúrsaí áineasa. Tríd is tríd, bíonn tionchar ag bailte ar chaighdeán ár saol agus ba cheart dóibh a bheith ina n-áiteanna tarraingteacha do dhaoine ar gach aois, ar gach cumas agus as gach cúlra sóisialta le bheith ag cónaí iontu. Is lárionad cúrsaí oibre agus fiontraíochta go fóill iad, agus tá deiseanna nua ann freisin, mar gheall ar an gcianobair. Freastalaíonn bailte ar riachtanais cuairteoirí agus turasóirí freisin, agus is foinse thábhachtach de charachtar pobail, féiniúlacht agus mórtas áitiúil iad.

### *Lár Bailte ar dTús: Soláthar Áitiúil*

Aithnítear sa bheartas *Lár Bailte ar dTús* gur áit uathúil é gach baile. Tugann sé bunús do gach baile a bhealach féin a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil faoi stiúir a bplean féin. Léireofar sin trí bhíthin phlean saincheaptha LBT a mbeidh diagnóis shoiléir ar láidreachtaí agus ar dhúshláin áitiúla mar bhonn taca leis. An pobal áitiúil agus na gnólachtaí áitiúla a stiúrfaidh an Plean LBT sin mar chuid d'Fhoireann Bhaile, le tacaíocht ó Oifigigh Athghiniúna Baile nuacheaptha ó shaineolas teicniúil laistigh de gach Údarás Áitiúil. Rud ríthábhachtach é go dtacófar lenár mbailte a bpleananna LBT a thabhairt chun críche trí bhíthin mhaoiniú suntasach a chuirfear ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm LBT, go háirithe trí bhíthin chistí amhail An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

**Údarás Áitiúil & Oifigeach Athghiniúna Baile**

Ag tacú leis an bhFoireann Bhaile agus le soláthar áitiúil LBT, agus iad a chumasú

**Foireann Bhaile Ilgheallsealbhóirí**

Soláthar LBT a stiúradh trí bhíthin fhoireann ionadaithe áitiúla pobail & gnó agus geallsealbhóirí eile

**Scrúdú ar Shláinte an Bhaile**

Anailís mhionsonraithe a chur ar fáil chun cuidiú leis an mbaile a thuiscint

**Plean Lár Bailte ar dTús**

Breac-chuntas a thabhairt ar fhís chuimsitheach don bhaile, príomhthéamaí a áireamh agus idirghabhálacha sonracha a shainaithint

**Clár Infheistíochta**

Teacht ar mhaoiniú agus tacaíochtaí ar bun chun tacú le LBT

**Soláthar & Tionchar**

An fhís a bhfuil breac-chuntas uirthi sa Phlean TÁLB a sholáthar

## *Lár Bailte ar dTús: Creat Náisiúnta*

Sa bheartas *Lár Bailte ar dTús*, leagtar amach raon Gníomhartha lena gcruthófar an creat is gá, nuair a chuirfear le chéile iad, chun tacú lenár mbailte na torthaí inmhianaithe a bhaint amach agus a bhfís uathúil féin a thabhairt chun críche. Baineann na Gníomhartha sin le feabhas a chur ar an tuiscint agus ar an eolas atá againn ar ár mbailte agus faoina dteastaíonn uathu, cur le cumas gníomhairí soláthair chun an beartas uaillmhianach seo a chur i bhfeidhm, struchtúir nua a thógáil ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, agus a chinntiú go ndéanfar na cistí atá ann cheana agus cistí nua a chomhordú agus iad a dhíriú ar chur i bhfeidhm *Lár Bailte ar dTús* i ngach baile.

Áirítear ar phríomhthosaíochtaí chun an creat sin a bhunú agus a fhás:

1. 1. **Líonra Oifigeach Athghiniúna Baile** chun cur chuige comhordaithe a úsáid ar sholáthar ar fud na tíre agus le feidhmiú mar fhóram chun dea-chleachtas a roinnt agus le bheith mar fhaisnéis ag rolladh amach leanúnach an bheartais. Stiúrfaidh na hOifigigh Athghiniúna Baile rannpháirtíocht na foirne ildisciplíneach laistigh de gach Údarás Áitiúil agus treoróidh agus tacóidh siad le Foirne Baile tríd an bpróiseas LBT.
2. **Cláir forbartha cumais d'Fhoirne Baile** chun scileanna agus inniúlachtaí Foirne Baile a mhéadú agus chun a chur ar a gcumas soláthar éifeachtach a dhéanamh. Beidh Gradaim Náisiúnta LBT agus imeachtaí náisiúnta faoin téama LBT ag gabháil leis sin chun aitheantas a thabhairt do thionscnaimh bhaile rathúla.
3. **Clár náisiúnta, comhtháite agus mórscála um Scrúdú ar Shláinte an Bhaile** do bhailte, ag tógáil ar agus ag leathnú shamhail rathúil na Comhairle Oidhreachta maidir le Scrúdú Sláinte Comhoibríoch ar Lár Bailte, agus a bhfuil bunachar sonraí náisiúnta ar bhailte mar thoradh air.
4. **Sraith Straitéisí um Lár Bailte ar dTús , lena n-áirítear Tairseach Gréasáin** lena dtabharfar rochtain ar na hacmhainní agus ar an maoiniú uile atá ar fáil do LBT. Leis an tSraith Straitéisí, cuirfear samhail dea-chleachtais ar fáil chun pleananna LBT a fhorbairt, agus samhlacha atá ann cheana féin mar fhaisnéis aici agus áireofar snáitheanna sonracha a dhíreoidh ar phríomh-shaincheisteanna a bhaineann lenár mbailte a fhorbairt, amhail gníomhú ar son na haeráide, digitiú, forbairt fiontraíochta agus cuspóir sóisialta.
5. **Clár infheistíochta saindírithe** chun tacú le bailte na hidirghabhálacha a shainaithnítear ina bPlean Lár Bailte ar dTús saincheaptha a sholáthar. Áirítear leis sin cláir mhaoinithe, idir chinn atá ann cheana féin [An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach; An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe; An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte] agus chinn nua [An Ciste Croí Cónaithe (Bailte); Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa] cláir mhaoinithe a mbeidh mar thosaíocht acu soláthar an bheartais *Lár Bailte ar dTús* seo.
6. **Bailte Pathfinder** a dtabharfar cúnamh dóibh láithreach le ghníomhú mar na chéad bhailte a thaispeánfaidh cur chuige an bheartais LBT. Cuirfear béim go leanúnach faoin mbeartas ar **bhailte luathchéime** a shainaithint, ina mbeidh tuilleadh tacaíochta de dhíth ag geallsealbhóirí chun comhoibriú mar chuid d'Fhoireann Bhaile agus chun rochtain a fháil ar chláir infheistíochta.
7. **Sásraí chun lár bailte a chur ag croílár na cinnteoireachta** lena n-áirítear modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na forbartha maidir le infheidhmeacht laistigh den chóras pleanála reachtúla agus uirlisí chun cuidiú le Ranna Rialtais agus a ngníomhaireachtaí measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcinntí infheistíochta ar lár bailte.
8. **Sonraí níos fearr a chuireann leis an tuiscint atá againn ar bhailte na hÉireann** agus lena dtógfar bonn fianaise d'fhás leanúnach an bheartais LBT. Áireofar leis sin ardán nua taighde agus fianaise, ceanglais chomhaontaithe chun sonraí a thomhas i ndáil le príomhthorthaí sóisialta agus eacnamaíocha, agus taighde a mbeidh d'aidhm aige an toradh sóisialta ar infheistíocht inár mbailte a bhaint amach.
9. **Oifig Náisiúnta nua um Lár Bailte ar dTús Office** a bhunófar laistigh de na struchtúir atá ann cheana féin agus a stiúrfaidh cur i bhfeidhm ghníomhartha Lár Bailte ar dTús agus a chomhordóidh rannpháirtíocht geallsealbhóirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar fud Earnáil an Rialtais Áitiúil.
10. 10. **Fócas agus ailíniú tras-Rialtais** trí bhíthin Ghrúpa Náisiúnta Formhaoirseachta agus Comhairleach a dhéanfaidh monatóireacht ar sholáthar an bheartais agus a threoróidh an soláthar sin, in éineacht le Pleananna Bliantúla maidir le Cur i bhFeidhm agus gealltanas go ndéanfar an beartas a athbhreithniú gach trí bliana. Áireofar ann cuir chuige nua ar chomhoibriú ar feadh an raoin tionscnamh Rialtais, idir chinn nua agus chinn atá ann cheana féin, a bhfuil tionchar acu ar lár ár mbailte.



## Caibidil 1

# Comhthéacs Beartais

**Tá sé de cheart ag ár mBailte dul faoi bhláth; cuirtear an beartas ar fáil, le Lár Bailte ar dTús, lena chur ar a gcumas a lánacmhainneacht a bhaint amach.**

## 1.1 | Tús Eolais

Leagtar amach fís sa *Chreat Náisiúnta Pleanála* agus i *dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* chun Bailte Éireannacha faoi bhláth a fhorbairt, rud atá lárnach dár bhfolláine agus dár bhforbairt náisiúnta eacnamaíoch, shóisialta, chultúir agus chomhshaoil. Tógadh an fhís sin ar idirspleáchas cheantair uirbeacha agus thuaithe, agus aithnítear an éagsúlacht idir bhailte ar leith, lárnacht na ndaoine, an tábhacht a bhaineann le háiteanna beomhara a bhfuil cónaí iontu agus an poitéinseal chun poist ardcháilíochta a chruthú agus chun ár dtimpeallacht chomhroinnte a chothú.

Féachann an beartas Lár Bailte ar dTús le tacú leis an bhfís sin a sholáthar agus raon leathan beartas Rialtais a bhfuil tionchar acu ar ár mbailte a chomhlánú. Cuireann sé creat leathan agus comhoibríoch ar fáil don rialtas láir, d'Údaráis Áitiúla, do pháirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus phríobháideach, agus go háirithe do phobail, chun lár bailte beomhara a thógáil.

Éascaíodh forbairt an bheartais seo trí bhíthin obair Ghrúpa Idir-rannach (Aguisín 3) agus Ghrúpa Chomhairligh (Aguisín 4), a chuaigh i bhfeidhm, ní hamháin ar an mbeartas seo, ach ar ghnéithe eile den bheartas tithíochta agus den infheistíocht náisiúnta a forbraíodh in éineacht leis an doiciméad beartais seo.

## 1.2. | An Fáth a bhfuil Tábhacht le Lár Bailte

Táimid mórtasach as ár mbailte agus sráidbhailte. Tá gach baile uathúil, agus éagsúil ó thaobh méide, saintréithe agus feidhme lárnaí de. Is iad croílár na ngeilleagair áitiúla, tacaíonn siad le gnó agus cruthaíonn siad deiseanna fostaíochta. Soláthraíonn bailte agus sráidbhailte feidhmeanna tábhachtacha riaracháin, sóisialta, pobail agus áineasa. Tacaíonn siad le braislí seirbhísí áitiúla, tá sciar suntasach tithe agus post iontu, agus gníomhaíonn siad mar mhoil iompair.

### An Tábhacht a Bhaineann le hÁit

Is sócmhainní luachmhara eacnamaíocha, sóisialta agus cultúir iad ár mbailte agus sráidbhailte. Tugann siad braistint áite agus dúinn, mothaímid go bhfuilimid sa bhaile iontu, agus is cuid lárnach dár dtáirge turasóireachta iad. Tá oidhreacht thógtha bailte agus sráidbhailte ríthábhachtach don bhraistint áite a bhíonn ag pobal agus chun cuairteoirí agus cónaitheoirí nua a mhealladh. Tá tarraingteacht agus beocht choibhneasta bailte agus sráidbhailte ina príomhghné den bhuntáiste iomaíoch agus chun infheistíocht eacnamaíoch a bhrú chun cinn. Tá tionchar mór ag an gcaighdeán beatha a fhéadfaidh bailte a chur ar fáil do thallann ionchasach, maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrach.

Is catalaígh thábhachtacha iad bailte bríomhara maidir le forbairt réigiúnach chothrom agus sainaithníodh comhfhorbairt áite mar phríomhdhifreálaí in *Fiontraíocht 2025, Beartas Náisiúnta Fiontraíochta na hÉireann 2015-25*.

Is acmhainn tábhachtach iad bailte agus sráidbhailte na hÉireann atá le cosaint agus le cothú. Is mian linn a chinntiú go bhfanfaidh siad de bheith ina n-áiteanna athléimneacha ina bhfuil pobail bhríomhara agus uilechuimsitheacha agus creatlach láidir shóisialta agus chultúir a chuirfidh caighdeán beatha maith ar fáil do na glúnta atá le teacht. Tacóimid leo trí bhíthin ghealltanas láidir don 'chomhfhorbairt áite', ionas go mbeidh aon timpeallacht lár baile ina timpeallacht is mian le daoine cónaí ann, gnó a dhéanamh ann, cuairt a thabhairt uirthi agus go dtiocfaidh rath uirthi, go bunúsach.

Tá tionscnaimh shuntasacha maidir le comhfhorbairt áite curtha i bhfeidhm ag go leor bailte in Éirinn agus tá éifeacht chlaochlaitheach acu ar an timpeallacht lár baile agus ar an 'mbraistint áite'. Soláthraíonn siad an teimpléad don chomhfhorbairt áite inár mbeartas, Lár Bailte ar dTús.

## Aithnítear sa bheartas Lár Bailte ar dTús go mbaineann na nithe a leanas le háiteanna rathúla:

- Tá ríocht phoiblí (sráideanna, spásanna agus páirceanna) tharraingteach mar shaintréith acu, atá deartha chun fonn a chur ar dhaoine bualadh lena chéile, am a chaitheamh le chéile agus cónaí inti;
- Tá seirbhísí/siopaí éagsúla iontu a sholáthraíonn deiseanna fostaíochta, a chuireann ar chumas daoine siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus a chomhlíonann riachtanais an phobail áitiúil;
- Soláthraíonn siad raon spásanna cultúir, áineasa agus pobail (lena n-áirítear deiseanna d'imeachtaí tréimhsiúla agus d'fhéilte) a thugann an pobal le chéile agus a mheallann cuairteoirí/turasóirí;
- Tá stoc foirgneamh dea-chothabháilte acu a chruthaíonn radharc spéisiúil agus a chuireann beocht i sráideanna agus i spásanna;
- Déantar na foirgnimh agus sráid-dreacha stairiúla a thugann féiniúlacht uathúil don áit a chaomhnú, a oiriúnú agus tarraingítear aird orthu;
- Is áiteanna tarraingteacha agus bríomhar iad d'fhiontair le fás agus forbairt a dhéanamh iontu;
- Tá ceangal maith acu le modhanna iompair inbhuanaithe agus tá rochtain acu ar na modhanna iompair sin, rud a chuireann ar chumas daoine cion ard aistear ón gcúlchríoch a dhéanamh de shiúl na gcos agus/nó ar rothar (e.g. an coincheap 'baile 10 nóiméad');
- Déantar trácht a bhainistiú laistigh de limistéir lárnacha ionas go dtugtar tús áite d'úsáideoirí leochaileacha ar na sráideanna (coisithe agus rothaithe), rud a chuireann ar a gcumas gluaiseacht thart go sábháilte agus ar a gcompord;
- Cuirtear meascán de thíopeolaíochtaí tithíochta agus tionachtaí ar fáil chun freastal ar phobail éagsúla maidir le haois, ioncam agus soghluaisteacht;
- Baintear úsáid as teicneolaíocht dhigiteach chun cur leis an eispéireas de bheith ag cónaí agus ag obair i mbailte, rud a thugann rogha níos fearr do dhaoine ó thaobh ceantair agus stíl bheatha de;
- Cuirtear deiseanna ar fáil ar mhaithe le taitneamhacht, sláinte agus folláine cónaitheoirí, oibreoirí agus cuairteoirí;

### Tionchar COVID-19

A bhuí do COVID-19 tarraingíodh aird ar a thábhachtaí atá bailte agus sráidbhailte do phobail áitiúla. Mar thoradh ar shrianta taistil agus obair ón mbaile, tá tuiscint nua ag daoine ar an luach agus ar an áisiúlacht a bhaineann le siopadóireacht go háitiúil, agus ar a thábhachtaí atá bailte agus sráidbhailte áitiúla maidir le caidreamh sóisialta agus cultúir. Tá poitéinseal ag an nglacadh forleathan le cianobair, a mbeidh tionchar seasmhach aige, lena chur ar chumas oibreoirí i raon leathan tionscal agus earnálacha leas a bhaint as raon níos mó ceantair le bheith ag cónaí agus ag obair iontu. Tabharfaidh cianobair deis do go leor oibreoirí níos lú ama a chaitheamh a bheith ag comaitéireacht agus níos mó ama a chaitheamh ag cónaí ina bpobal féin.

Ní gá go gciallaíonn an ateagmháil seo laistigh de bhailte agus pobail áitiúla go mbeidh briseadh nó cúlú ann i dtreochtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha ó thaobh gníomhaíocht tráchtála agus sóisialta i mbailte agus sráidbhailte. Ina ionad sin, léiríonn sé ról síorathraitheach ár mbailte agus sráidbhailte, agus gur gá le gach áit a héabhlóid féin a phleanáil mar fhreagairt ar na treochtaí sin.

## 1.3 | Bailte na hÉireann

Idir 1996 agus 2016, tháinig ardú 23% ar an daonra i gcathracha agus i mbruachbhailte in Éirinn agus tháinig ardú 62% ar an daonra i mbailte. Fás ar an daonra i ‘mbailte comaitéireachta’ i gcontaetha timpeall na bpríomhchathracha agus go háirithe i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, a bhí taobh thiar den ardú foriomlán sin, go príomha. Tá treocht d’fhorbairt uirbeach shuntasach lasmuigh dár gcathracha agus dár mbailte móra freisin, in ionad uirbiú méadaithe laistigh de lorg uirbeach dlúth.

Is eol dúinn go bhfuil ár gceantair thuaithe, ár mbailte agus ár gcathracha idirnasctha agus idirspleách. Braithimid go léir ar ár mbailte agus ar ár gcathracha, beag beann ar an áit a gcónaímid. De réir na Príomh-Oifige Staidrimh, bhí tuairim is 29% den daonra ina gcónaí i mbailte in 2016, roinnt díobh faoi thionchar mór cathracha máguaird agus roinnt díobh ina mbailte uirbeacha a bhí níos neamhspleáiche. Bhí 29% eile de dhaoine ina gcónaí i gceantair thuaithe (lonnaíochtaí le daonra níos lú ná 1,500) a raibh tionchar uirbeach ard nó meánach orthu, bunaithe ar an áit ar oibrigh na daoine sna ceantair sin[1].

Go héifeachtach, bhí 58% den daonra ina gcónaí i mbaile ina raibh 1,500 go 50,000 duine, nó, i gceantar máguaird a raibh tionchar uirbeach ard nó meánach air, an tráth a rinne Daonáireamh 2016. Tá tionchar suntasach ag sláinte ár lár bailte ar shaolta agus ar fholláine an chion sin dár ndaonra.

I limistéir atá inrochtana ó chathracha agus ó bhailte, tá tionchar mór ag an tithíocht a tógadh don lucht comaitéireachta ar charachtar agus ar chomhtháthú limistéir áirithe. I limistéir thuaithe eile nach bhfuil rochtain chomh maith sin orthu, is dúshlánach é bonneagar áitiúil agus saoráidí pobail agus sóisialta a choinneáil agus/nó a fhorbairt, mar gheall go mbíonn ardú agus ísliú ag teacht ar an daonra. Tá foirgnimh fholmha agus, i gcásanna áirithe, foirgnimh thréigthe i mbailte agus sráidbhailte ag éirí níos coitianta, agus meath ag teacht ar bheocht agus ar fhuinneamh stairiúil lár bailte dá bharr. Féadfaidh athúsáid agus athghiniúint na bhfoirgneamh sin a bheith mar chatalaíoch riachtanach chun acmhainneacht agus poitéinseal na mbailte beaga in Éirinn a chlaochlú.

### *Fócas Lár Bailte ar dTús*


Tá an poitéinseal ag an mbeartas seo a bheith curtha i bhfeidhm ar raon leathan bailte a bhfuil daonra agus saintréithe éagsúla acu. Ar an iomlán, tá breis agus 500 baile in Éirinn ina bhfuil daonra os cionn 400 duine .

I measc na mbailte is mó díobh sin tá na cúig *Lárionad Réigiúnach Fáis*, Baile Átha Luain, Droichead Átha, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn agus Sligeach, a shainaithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP).

1 Féach Saol Uirbeach agus Saol Tuaithe in Éirinn 2019 (POS) le haghaidh tuilleadh sonraí: https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-urli/urbanandrurallifeinireland2019/

# Bailte Móra na hÉireann

## Bailte móra – 20,000+[2]




2 De réir Daonáireamh 2016

**Is féidir fuílleach na mbailte a roinnt ina mBailte Meánmhéide-Móra ina bhfuil daonra os cionn 5,000-20,000 agus Bailte Beaga sa chatagóir daonra 400 go 5,000[3].**

# Bailte Meánmhéide-Móra

**Daonra**

**5,000+**

**Líon@ Daonáireamh 2016**

**62**

**Samplaí**

| |
|---|
| Ros Cré, Tiobraid Árann (5,446) |
| Baile Locha Riach, Gaillimh (5,556) |
| Droichead na Bandan, Corcaigh (6,957) |
| Ros Mhic Thriúin, Loch Garman (8,040) |
| Baile Átha Troim, An Mhí (9,194) |
| Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo (12,068) |

# Bailte Beaga

**Daonra**

**400-5,000+**

**Líon@ Daonáireamh 2016**

**441**

**Samplaí**

| |
|---|
| An Leacht, An Clár (638) |
| Baile an Mhuilinn, Ciarraí (2,142) |
| Mainistir Laoise, Laois (1,770) |
| Baile na Lorgan, Muineachán (3,607) |
| An Tulach, Ceatharlach (4,673) |
| Clóirtheach, Uíbh Fhailí (3,336) |

3 Mar a shonraítear i bh*Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála, 2009.*

Cé go bhfuil an beartas seo dírithe go ginearálta ar an rud a dtugtar baile air, ina bhfuil níos mó ná 400 duine, cuimsítear prionsabail sa bheartas seo, Lár Bailte ar dTús, a mbeidh feidhm leo i sráidbhailte beaga agus i gcodanna de chathracha freisin.

Sa bhreis air sin, i bhfianaise an líon bailte in Éirinn, agus na daonraí, dúshláin agus deiseanna éagsúla iontu, agus ó tharla go bhfuil cuid díobh chun tosaigh maidir leis an athghiniúint, beidh ar Údaráis Áitiúla spriocdhíriú agus tosaíocht a thabhairt lena chinntiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag an mBeartas seo.

## 1.4. | Dúshláin Roimh Bhailte

Beag beann ar an méid beochta i ngach ceann dár mbailte, tá dúshláin éagsúla rompu uile i gcónaí maidir lena bhfeidhm agus lena gcuspóir leanúnach. Is gá an patrún marbhántachta nó an meath atá tagtha ar go leor bailte a chur ina cheart. D'fhéadfadh róil agus feidhmeanna nua a shainaithint agus a bhunú, bonneagar agus taitneamhachtaí áitiúla a fheabhsú agus/nó béim níos mó a chur ar sheirbhísí, fáilteachas agus idirghníomhú sóisialta a bheith de dhíth.

Áirítear ar na dúshláin, tuilleadh deiseanna fostaíochta a sholáthar, an éifeacht atá ag réadmhaoin fholamh agus thréigthe ar fhuinneamh agus ar tharraingteacht bailte, an tionchar atá ag siopadóireacht ar líne agus lasmuigh de bhailte ar an miondíol i lár bailte, agus dúnadh seirbhísí i gcás go bhfuair soláthróirí nach inmharthana é iad a choinneáil ar bun. Táthar ag scor de mhaireachtáil agus den ghníomhaíocht tráchtála i lár bailte, rud a dhéanann "toll amach" ar roinnt dár mbailte.

Bíonn daoine faoin tuairim uaireanta nach áiteanna chomh tarraingteach sin iad lár go leor dár mbailte agus sráidbhailte le cónaí iontu nó le seirbhísí nó miondíol áirithe a oibriú iontu. Tá forbairt déanta ar imill bhailte ar féidir comaitéireacht a dhéanamh uathu go lárionaid uirbeacha móra ar luas a phlúch na pobail a bhí iontu cheana féin agus uaireanta is é lár an bhaile atá thíos leis. Rinneadh an fhorbairt sin ar bhealach a chinntíonn spleáchas ar charranna, gan nascacht mhaith le lár an bhaile do choisithe ná rothaithe. De réir mar a bhog forbairt nua amach as lár bailte traidisiúnta, táthar ag féachaint orthu níos mó agus níos mó mar limistéir thráchtála amháin. I roinnt cásanna, ach ní i ngach cás, tá an raon siopaí, seirbhísí agus fostaíochta a bhíodh ina saintréith de lár bailte le fáil anois ar imeall an bhaile agus deartha chun rochtain a dhéanamh orthu le carr, go príomha.

### *An Dúshlán maidir le Cónaí i Lár Bailte*

Mar aon le feidhmeanna a lonnú ar imill bhailte, tá níos lú daoine ag roghnú cónaí i lár bailte. De réir mar a fhreagraíonn ár mbailte don timpeallacht tráchtála gus miondíola a bhíonn ag athrú, agus de réir mar a thagann fás ar ár ndaonra, táthar ag díriú airde ar an ngá le cónaí i lár bailte agus ar an raon buntáistí a chruthaíonn sin, ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de. Tá dúshláin shonracha ag baint le daoine a spreagadh le cónaí i suíomhanna lár bailte agus chun sin a éascú, áfach, agus le seanfhoirgnimh a chur in oiriúint do na dúshláin a bhaineann leis an tslí maireachtála sa lá atá inniu ann.

Is minic a bhíonn costais shuntasacha ag baint le stoc foirgneamh a dhéanamh inúsáidte ar bhonn inmharthana. Tá dúshláin ag baint le seanfhoirgnimh a chur in oiriúint don tslí maireachtála sa lá atá inniu ann i dtéarmaí rochtana, gairdíní agus páirceála freisin. In go leor cásanna, bítear den tuairim go bhfuil toradh níos mó ar infheistíocht i láithreáin úrnua ar imeall bailte, go háirithe mura gcuirtear tosca eile amhail seirbhísí atá ann cheana féin agus tionchair chomhshaoil san áireamh sa chinneadh ar an infheistíocht eacnamaíoch.

Cuimsítear sa Tuarascáil ar an Tionscnamh um Chónaí i Lár Baile, a bhí mar bhonn faisnéise i bhforbairt an bheartais seo, go leor de na dúshláin a bhaineann le daoine a spreagadh chun cónaí i lár bailte arís[4].

## 1.5. | Comhthéacs Beartais Náisiúnta

Tá creat beartais náisiúnta láidir ar bun chun tacú le cur chuige um Lár Bailte ar dTús, ón ngné uileghabhálach de Thionscadal Éireann 2040, go dtí beartais shonracha faoi ghníomhú ar son na haeráide, tithíocht agus forbairt thuaithe.

### Tionscadal Éireann 2040

Is é *Tionscadal Éireann 2040* an beartas uileghabhálach agus an creat pleanála d'fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúir na hÉireann, ina leagtar amach cuspóirí straitéiseacha ardleibhéil na hÉireann don phleanáil spásúlachta sa tréimhse go dtí 2040. Tugtar tacaíocht do sholáthar na gcuspóirí sin faoi *Thionscadal Éireann 2040* leis an bplean infheistíochta caipitil mionsonraithe agus uasdátaithe, *An Plean Forbartha Náisiúnta* (PFN) 2021-2030, gus leis *An gCreat Náisiúnta Pleanála* (CNP) 20-bliain.

Aithnítear i dTionscadal Éireann 2040 gur phríomhghnéithe iad cáilíocht na timpeallachta uirbí agus na 'háite' den mholadh eacnamaíoch maidir le hathghiniúint agus comhdhlúthú uirbeach/tuaithe fad a sholáthraítear croílár cultúir/sóisialta do lonnaíochtaí.

4 https://www.gov.ie/en/publication/86215-the-town-centre-living-initiative/

## An Creat Náisiúnta Pleanála

Is é an CNP plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais chun fás agus forbairt na tíre amach go dtí 2040 a mhúnlú. Déanfar sin i gcomhthéacs aon mhilliún duine breise ionchasach (sa bhreis ar 2016) a bheidh ag cónaí in Éirinn faoi 2040 agus dhá thrian de mhilliún duine breise a bheidh ag obair anseo. Leis an CNP, tugtar creat d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm straitéisí spásúlachta agus eacnamaíochta réigiúnacha, pleananna forbartha contae agus cathrach, agus pleananna ceantair áitiúil ar fud na tíre le haghaidh na mblianta amach romhainn.

Tá léiriú láidir ar an aidhm atá againn ár mbailte agus ár gceantair uirbeacha a athbheochan i gcuspóirí agus i dtosaíochtaí an Chreata Náisiúnta Pleanála. Tá go leor de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a shainaithnítear sa CNP, amhail Fás Dlúth, Geilleagair agus Pobail Tuaithe Níos Láidre, Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Taitneamhachtaí Feabhsaithe agus An tAistriú go dtí Geilleagar Ísealcharbóin, ag teacht go mór le fócas ar fheabhas a chur ar ár mbailte agus tacú le méadú ar an daonra agus fás ar an bhfostaíocht iontu sa todhchaí.

Is príomhchuspóir go háirithe é fás dlúth agus inbhuanaithe a chinntiú – ciallaíonn sin dul i ngleic leis an patrún neamhéifeachtúil de shraoilleáil uirbeach atá le feiceáil le déanaí i bhfabhar cineálacha forbartha níos dlúithe a dhíríonn ar thalamh 'athfhorbraíochta' a athúsáid, láithreáin inlíonta a fhorbairt, agus láithreáin agus foirgnimh atá ann cheana féin a athúsáid nó a fhorbairt. Tá go leor dár mbailte in ann tacú le forbairt nua chun iad féin a chomhdhlúthú laistigh dá n-achar reatha agus saol agus deiseanna nua a sholáthar i suíomh dlúth.

Chun clár pleananna forbartha cathrach agus contae ar leithligh a ullmhú ar leibhéal Údaráis Áitiúil, ní mór beartas pleanála a chur i gcomhthéacs áitiúil. Soláthraíonn pleananna forbartha comhthéacs forbartha reachtúil ina bhféadfaidh pobail áitiúla a dtionscnaimh agus cláir forbartha baile áitiúil féin a chruthú mar fhreagairt ar chlár oibre Lár Bailte ar dTús. Ceanglaítear faoin Acht um Pleanáil Plean Ceantair Áitiúil[5] (PCÁ) a ullmhú do bhailte ina bhfuil daonra >5,000 duine agus d'fhéadfadh PCÁ den sórt sin deis a chur ar fáil chun gnéithe de straitéis LBT a chur ar bhonn reachtúil.

Tugtar breithniú níos mionsonraithe ar na naisc idir an CNP agus Lár Bailte ar dTús in Aguisín 2.

## An Plean Forbartha Náisiúnta

Tá cuspóirí straitéiseacha náisiúnta an CNP le feiceáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021- 2030 uasdátaithe, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2021, agus soláthraítear bearta maoinithe sonracha ann chun tacú leis an gclár oibre maidir le fás dlúth, geilleagair agus pobail tuaithe níos láidre, agus iompar inbhuanaithe. Sa phlean uasdátaithe, sainaithnítear meáin infheistíochta sonracha a thacóidh leis an mbeartas Lár Bailte ar dTús, go háirithe na cinn a dtugtar breac-chuntas orthu thíos. Mar chuid den bheartas Lár Bailte ar dTús, forbraíodh cleachtadh mapála den chistiú atá ar fáil chun tacú le lár bailte agus leagtar amach iad in Aguisín 5:

**Leis an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) ar fiú os cionn €2 billiún é, tugtar tacaíocht d'fhás inbhuanaithe sna cúig chathair in Éirinn agus i lárionaid uirbeacha eile. Trí bhíthin sásra arna bhainistiú go lárnach a chur ar bun chun pacáistí infheistíochta comhoibríocha, comhordaithe agus comhlántacha a spreagadh idir Ranna, gníomhaireachtaí, Údaráis Áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile chun a sócmhainní a chomhroinnt agus oibriú le pobail áitiúla agus leis an earnáil phríobháideach, tá tacaíocht tugtha ag URDF cheana féin do líon mór tionscadal a bhfuil an poitéinseal acu ár gcathracha agus ár mbailte a chlaochlú.**

**Is comhlánú ar thachaíocht an URDF do bhailte agus do chathracha mór aé An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) , ar fiú €1 billiún é, chun díriú ar lárionaid bheaga, agus ar bhailte agus sráidbhailte tuaithe. Soláthraítear cistiú faoin RRDF chun tionscadail chaipitil a fhorbairt agus a thógáil, tionscadail a thacóidh le hathghiniúint inbhuanaithe agus fás ar bhailte agus sráidbhailte tuaithe sa todhchaí agus a dhéanfaidh fás eacnamaíoch agus líonta custaiméirí a bhrú chun cinn, lárionaid bhailte aus foirgnimh oidhreachta a athghiniúint, bonneagar riachtanach a sholáthar agus bailte tuaithe a dhéanamh níos tarraingtí le bheith ag cónaí agus ag obair iontu. Tá tacaíocht tugtha ag an RRDF do líon mór tionscadal go dtí seo thar go leor earnálacha, lena n-áirí™ear athghiniúint bailte agus sráidbhailte, forbairt fiontair agus turasóireachta, tionscnaimh dhigiteacha agus obair chomhionaid, leabharlanna, saoráidí ealaíon agus cultúir, agus saoráidí spóirt agus áineasa.**

5 I gcomhréir le hailt 18-20 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

**Tá méadú mór curtha ag an Rialtas ar an gcistiú arna leithdháileadh don Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Ó bunaíodh í in 2016, tá €93m infheistithe ag an scéim in os cionn 1,300 tionscadal a dearadh chun bailte beaga agus sráidbhailte ar fud na tíre a athbheochan. Mar chuid den fhís straitéiseach níos leithne in Ár dTodhchaí Tuaithe, cuireadh athrú ar bhéim na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le déanaí chun tacú le Cónaí i Lár Bailte agus Cianobair, agus tugadh isteach tionscnaimh amhail feabhsú sráid-dreacha bailte, a fuair cistiú €7 milliún in 2021.**

**As part of Tithíocht do Chách, beidh ról lárnach ag Ciste Croí Cónaithe (Bailte) nua chun láithreáin d'árais chónaithe nua i mbailte agus sráidbhailte réigiúnacha a sheirbhísiú maille le tacú le tithe fholmha a ahtchóiriú. Oibreoidh gníomhaireachtaí bonneagair phoiblí, amhail Uisce Éireann, agus poiblí áitiúla chun láithreáin sheirbhísithe do thithíocht a sholáthar. Cuideoidh sin le daoine a mhealladh chun a dtithe féin a thógáil agus cónaí i mbailte beaga agus i sráidbhailte. Déanfar forbairt den sórt sin de réir a chéile, ar scála beag agus beifear in ann siúl chuig lár an bhaile/sráidbhaile agus uaidh. Déanfar í ar láithreáin a bhfuil rochtain acu ar sholáthar uisce leordhóthanach agus soláthar chun eisilteach tí a dhiúscairt.**

**Is iad na Tionóil Réigiúnacha a bhainistíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa in Éirinn le sholáthar trí bhíthin chlár 2021- 2027 agus is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a dhéanann formhaoirseacht air sin. Leagtar amach sna rialacháin nach mór ar a laghad 8% de sholáthar uile na hÉireann a thiomnú d'Fhorbairt Inbhuanaithe Uirbeach. Moladh go mbreithneofaí dul i ngleic le foirgnimh fholmha agus thréigthe i mbailte, chun tacú leis an gcur chuige Lár Bailte ar dTús, sna cláir CFRE 21-27, atá le forbairt faoi thús 2022.**

**Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann le haghaidh bonneagar uisce óil/fuíolluisce ar bhonn ilbhliantúil chun an pacáiste cistiúcháin €8.5 billiún ar tugadh gealltanas ina leith maidir le hinfheistíocht uisce i dTionscadal Éireann 2040.**

### An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide

Treisítear an clár oibre um fhás dlúth a leagtar amach sa CNP le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 de chuid na hÉireann ina gcuirtear iarfheistiú áitribh agus stoc tithíochta atá ann cheana féin chun cinn, agus tosaíocht a thabhairt do láithreáin athfhorbraíochta agus d'fhorbairt dhlúth.

Tagann na gníomhartha ar tugadh gealltanas ina leith sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 go mór le hathghiniúint agus le hathbheochan Bhailte na hÉireann agus tacaíonn siad leis sin, lena n-áirítear tríd an éileamh ar thaisteal i gcarranna a íoslaghdú, gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta ar leibhéal na sráide a chaomhnú agus rochtain ar shiopaí, ar fhostaíocht agus ar thaitneamhachtaí a mhéadú le modhanna iompair inbhuanaithe.

## Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann agus Tithíocht do Chách

Léirítear i dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann – Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann 2021 – 2025 treochlár Rialtas na hÉireann don téarnamh i ndiaidh COVID-19 agus d'fhorbairt cheantair thuaithe na hÉireann as seo go ceann cúig bliana. Soláthraíonn sé an creat chun an fhís a bhaint amach, eadhon caighdeán na beatha agus deiseanna do dhaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe a chlaochlú.

Tá roinnt príomhghealltanas i dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann lena mbainfear amach an aidhm maidir le tacú le hathghiniúint, athdhaonrú agus forbairt bhailte agus sráidbhailte tuaithe chun rannchuidiú leis an téarnamh eacnamaíoch áitiúil agus náisiúnta, agus lena chur ar chumas daoine cónaí agus oibriú i dtimpeallacht ardcháilíochta.

Le Tithíocht do Chách, tarraingítear aird ar an bhfás fhoriomlán tithíochta a theastaíonn gach bliain de na deich mbliana amach romhainn; ardú ó 24,600 in 2022 go dtí tuairim is 40,500 faoi 2030. Tá bealaí sonracha i dTithíocht do Chách chun aghaidh a thabhairt ar fhoirgnimh fholmha agus úsáid éifeachtach a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana féin, agus chun beartas um Lár Bailte ar dTús a sholáthar a thiocfaidh le cuspóirí an CNP.

Tá léiriú ar choincheap Lár Bailte ar dTús i dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann agus i dTithíocht do Chách, rud a thugann fócas oibríochtúil le an uaillmhian atá sa CNP i ndáil le bailte agus sráidbhailte na hÉireann.

### Príomh-Bheartais Tacaíochta Eile

Is iomaí beartas, treoirlíne agus cumasóir eile ar bun faoi láthair a fhéadfaidh tionchar dearfach a imirt ar thacú le cur chuige um Lár Bailte ar dTús. Is éard atá d'aidhm ag an mbeartas um Lár Bailte ar dTús, a chinntiú go mbeidh gach ceann de na beartais, treoirlínte agus cumasóirí eile ag obair go comhtháite chun ár mbailte agus sráidbhailte a fheabhsú. Áirítear le samplaí de sin:-

- Leagfar creat amach i **mBeartas nua maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe** le haghaidh siúil, rothaíochta agus iompair phoiblí chun tacú le riachtanas foriomlán na hÉireann maidir le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2030. Tá ról lárnach le himirt ag soghluaisteacht inbhuanaithe in athghiniúint lár bailte agus chun áitíocht chónaithe a chur chun cinn.
- Leagtar amach i b**Pleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna)** na cuspóirí agus na gníomhartha is gá chun forbairt eacnamaíoch agus forbairt áitiúil agus phobail an cheantair Údarás Áitiúil ábhartha a chur chun cinn agus tacú leo, trí bhíthin an Údaráis Áitiúil go díreach agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile um fhorbairt eacnamaíoch agus pobail. Féadfaidh na LECPanna cuidiú le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do sholáthar an bheartais um Lár Bailte ar dTús, lena n-áirítear trí bhíthin ghníomhú mar chreat comhordaithe chun bailte a fhorbairt go seasmhach agus go cothrom laistigh dá gceantar.
- Leis an **Tuarascáil an Tascfhórsa um Gheilleagar Oíche**, tugadh deis do pháirtithe leasmhara ábhartha ar fud earnáil an chultúir oíche cur chuige nuálach a fhorbairt chun Geilleagar Oíche bríomhar, éagsúil agus inbhuanaithe a fhorbairt in Éirinn agus tacú leis.

## 1.6. | Comhthéacs Beartais AE

Le Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach, léirítear modh oibre il-leibhéil nua lena gcuirtear comhoibriú idir Bhallstáit, Chathracha, an Choimisiúin Eorpaigh agus páirtithe leasmhara eile chun cinn d'fhonn fás, inchónaitheacht agus nuálaíocht i gCathrach na hEorpa a spreagadh agus chun dúshláin shóisialta a shainaithint agus dul i ngleic leo go rathúil. Is doiciméad beartais straitéiseach don Eoraip, dá réigiúin agus dá bpobail é an Clár Oibre Críochach. Soláthraíonn sé creat chun gníomhú i dtreo comhtháthú críochach agus todhchaí do gach áit san Eoraip. Tá Beartas an Aontais Eorpaigh maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ábhartha freisin i gcomhthéacs na soghluaisteachta uirbí agus idiruirbí.

Gné amháin den chur chuige Eorpach ar fhorbairt uirbeach atá thar a bheith tábhachtach is ea an "cur chuige comhtháite áitbhunaithe" ar dhéanamh beartas a ghlacann leis go bhfuil fíor-thábhacht leis an gcomhthéacs geografach, lena saintréithe uathúla spásúlachta, sóisialta, cultúir agus institiúide. Déantar beartas áitbhunaithe a shaincheapadh do chomhthéacs críche agus bunaítear é ar úsáid éifeachtach a bhaint as a poitéinseal forbartha.

Tá an cur chuige áitbhunaithe sin thar a bheith oiriúnach do Lár Bailte ar dTús. Léiríonn sé freisin go bhfuil go leor saincheisteanna idirnasctha ó thaobh na spásúlachta de agus go bhfuil tionchar acu ar a dtimpeallacht, go múnlaíonn sé cinniúint chomhroinnte idir chathracha, bhruachbhailte agus ceantair thuaithe.

## 1.7 | Cur leis na tacaíochta atá ann cheana féin do Lár Bailte

Le Paindéim COVID-19, tarraingíodh aird ar an ról ríthábhachtach a fhéadfaidh Údaráis Áitiúla a imirt maidir le caidreamh a dhéanamh le heagraíochtaí áitiúla pobail agus deonacha agus an fonn mór ar dhaoine a bheith rannpháirteach go háitiúil agus a dtimpeallacht agus a bpobail a mhúnlú. Le beartas an Rialtais um Lár Bailte ar dTús, féachtar le leas a bhaint as na gnéithe sin chun tacú leis an rialtas áitiúil agus le pobail dul in oiriúint d'athruithe i mbailte, spásanna a athshamhlú agus creatlach bhailte na todhchaí a thógáil.

Is é ailíniú an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an Phlean Forbartha Náisiúnta faoi Thionscadal Éireann 2040 an bonn don bheartas um Lár Bailte ar dTús. Leis an mBeartas sin, féachtar leis an gcistiú uile sin atá ar fáil a ailíniú agus leas a bhaint as, agus as tacaíochtaí beartais eile, agus tógáil ar an iliomad samplaí agus dea-chleachtais maidir le hathbheochan bailte.

Tá an poitéinseal ag an mbeartas um Lár Bailte ar dTús chun éascaíocht a dhéanamh d'Údaráis Áitiúla, do ghnólachtaí agus do phobail leas a bhaint as na tacaíochtaí agus deiseanna do lár bailte agus chun lár bailte a chur i gcroílár a gcinnteoireachta. Mar chuid de sin, féadfaidh gach baile (agus sráidbhaile) a shuíomh uathúil féin a thuiscint agus a fhreagairt féin ar na dúshláin agus ar na deiseanna a thiocfaidh chun cinn a rianú.

Is léir go bhfuil deis ann anois don bheartas um Lár Bailte ar dTús chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'athghiniúint lár bailte a cheanglóidh an creat beartais náisiúnta leis an saineolas áitiúil. Féadfaidh sé a chinntiú go dtabharfar tacaíocht níos éifeachtaí d'úsáid a bhaint as foirgnimh atá ann cheana féin agus as tailte nach bhfuil in úsáid ach deiseanna agus dúshláin áitiúla a thuiscint, chun forbairt nua a dhéanamh, agus go dtabharfar aghaidh níos fearr ar shaincheisteanna maidir le beocht agus feidhm sa todhchaí, fad a chuirfear áitíocht chónaithe chun cinn. Sa chéad chuid eile, tarraingítear aird ar chuid de na deiseanna sonracha do bhailte mar chuid den phróiseas sin.

# 1 CÁS STAIDÉAR
## Mainistir na Búille, Co Ros Comáin

Bhí Mainistir na Búille ina bhaile píolótach faoin tionscadal *Tionscnamh um Chónaí i Lár Baile* (TCLB). Bhí *Mainistir na Búille 2040*, máistirphlean d'fhorbairt an bhaile, forbartha ag Foireann Bhaile Mhainistir na Búille cheana féin, trí bhíthin chomhoibriú le Comhairle Contae Ros Comáin. Dhírigh an tionscadal TCLB ar lár stairiúil an bhaile agus thug aitheantas faoi leith don ghá le tacú le foirgnimh stairiúla atá ríthábhachtach chun braistint áite a chruthú.

Ag eascairt as Máistirphlean Mhainistir na Búille 2040 agus as an obair a rinneadh mar chuid den tionscadal TCLB, tá leas bainte ag Mainistir na Búille as cistiú ón CAFT le haghaidh dhá thionscadal mhóra. Faomhadh €2.1m do thionscadal Athghiniúna Mhainistir na Búille, lena ndéanfar áitreabh an óstáin Old Royal a athchóiriú agus a aistriú ina Ionad Fiontar agus mol cianoibre, spás taispeántas, pointe eolais agus ionad caifé. Deonaíodh €2.1m don tionscadal Fuinneamh a Chur i Lár Bhaile Mhainistir na Búille agus Teach King a dhíríonn ar Cheathrú Cultúir Theach King (grianghraf thíos), agus a sholáthróidh feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí lena n-aistreofar an ceantar ina lár baile bríomhar a bheidh tarraingteach don phobal áitiúil agus do chuairteoirí.

Tá saoráid chianoibre/ obair chomhionaid i gcroílár bhaile Mhainistir na Búille, agus í lonnaithe in iar-oifigí an Roscommon Herald, ar monarcha spól a bhí iontu sna 1800idí. In 2017, d'aistrigh úinéir an láithreáin an t-áitreabh folamh ina mhol cianoibre a bhí in ann spás oibre bríomhar, nua i lár bhaile Mhainistir na Búille a sholáthar do dhaoine áitiúla agus do dhaoine nuathagtha. Is spás oibre faoi bhláth é an Spool Factory sa lá atá inniu ann, ina soláthraítear deasca sealaíochta, oifigí 'lena ndoras féin', ionad imeachtaí le saoráidí closamhairc agus comhdhála, agus saoráidí seomra boird dá gcliaint. Osclaíodh ionad aclaíochta agus salón ingne san fhoirgneamh freisin, agus tá leas bainte ag go leor gnólachtaí áitiúla as líon níos airde custaiméirí i lár an bhaile ar bhonn laethúil. Tá tuilleadh tacaíochta agus cistiúcháin faighte ag an Spool Factory le déanaí trí bhíthin chlár For-rochtana Mol Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh, arna riar ag Coimisiún Forbartha an Iarthair, agus €75,000 trí chiste na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail um Moil Chónasctha.






## Caibidil 2

# Deiseanna dár mBailte agus Sráidbhailte

**Cé go mbaineann dúshláin faoi leith leis an timpeallacht athraitheach ina n-oibríonn bailte agus sráidbhailte, tá raon leathan deiseanna chun fás agus forbairt a bhrú chun cinn sa todhchaí sainaitheanta freisin.**

## 2.1 Athrú Aeráide agus Oiriúnú ár mBailte

Féadfaidh ár mbailte agus sráidbhailte, pé méid iad, rannchuidiú leis an aistriú chuig sochaí atá cothrom, ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de. Éilítear gníomhartha chun dul i ngleic leis na patrúin forbartha maidir le spásúlacht agus an bealach a thaistealaíonn daoine le haghaidh an aistriú sin. Trí bhíthin an bonneagar, na foirgnimh agus na láithreáin atá ann cheana féin a úsáid, agus trí bhíthin laghdú a chur ar an ngá le achair fhada a thaisteal, laghdófar ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin. Tugann bailte deis do dhaoine bheith ag cónaí níos gaire do sheirbhísí agus do thaitneamhachtaí áitiúla agus gluaiseacht thart ar bhealach níos sábháilte trí bhíthin modh iompair inbhuanaithe.

Tá béim as an nua á cur ar úsáid inbhuanaithe agus oiriúnaitheach a bhaint as sócmhainní atá ann cheana féin agus ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh aonair a mhéadú, lena n-áirítear uasghrádú teirmeach ar an stoc foirgneamh stairiúil. Féadfaidh fás inbhuanaithe bailte tacú leis na spriocanna sin trí bhíthin stoc foirgneamh folamh agus tearc-úsáidte a athúsáid nó feidhm nua a bhaint as, agus soláthraíonn sé deiseanna chun tacú le scileanna áitiúla agus le ceardaíocht áitiúil, agus spreagann sé tionscnaimh faoi stiúir an phobail agus rannpháirtíocht an phobail. I bhfianaise an mhéid mhóir sócmhainní stairiúla/láithreán athfhorbraíochta i gcroí uirbeach ár mbailte, tá poitéinseal ann d'infheistíocht sna sócmhainní sin a chruthódh saibhreas post.

## 2.2 Claochlú Digiteach agus Bealaí Nua Oibre agus Maireachtála

Is dócha go spreagfaidh Paindéim COVID-19 athruithe ar roghanna agus iompraíocht daoine sa mheántéarmach agus san fhadtéarma, as a leanfaidh éileamh níos mó ar an gcianobair. Tá tacaíocht á thabhairt don athrú sin, agus táthar á chumasú, le *Cianobair a Chumasú, An Straitéis Náisiúnta maidir le Cianobair*, a foilsíodh i mí na Nollag 2020. Tá an poitéinseal ag an tslí nua oibre sin chun tacú le forbairt chothrom réigiúnach agus laghdú ar agaí comaitéireachta.

Mar fhreagairt ar an athrú sin ar chleachtais oibre, féadfaidh lár bailte bheith ina n-áiteanna mealltacha d'oibreoirí le bheith ag cónaí iontu nó chun spásanna oibre cónasctha a úsáid. D'fhéadfadh infheistíocht níos mó i moil chianoibre in áiteanna a fheileann do chomaitéirí agus atá gar do shaoráidí cúram leanaí daoine a mhealladh le cónaí i mbailte. Leis an bhforbairt leanúnach ar an Líonra Náisiúnta Mol faoin mbranda ConnectedHubs.ie, éascófar, den chéad uair, tuiscint straitéiseach ar fud na tíre ar an mbonneagar sin atá ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad.

I gcás go sainaithnítear an t-éileamh ar inniúlacht bhreise sa líonra, d'fhéadfadh poitéinseal suntasach a bheith ann spásanna folmha/tearc-úsáidte a áitiú agus an daonra oibreoirí i mbailte a mhéadú, rud a choimeádfaidh gnólachtaí agus seirbhísí eile sa cheantar ag imeacht.

Tá deis ann freisin teicneolaíocht a úsáid chun an t-eispéireas de bheith ag cónaí agus ag obair i mbailte a fheabhsú, agus chun teicneolaíocht dhigiteach a lánpháirtiú sa saol tráchtála agus sóisialta ó lá go lá. Féadfaidh an teicneolaíocht dhigiteach feabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí, agus féadtar í a úsáid chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh ár mbailte, agus róil nua sa gheilleagar digiteach a thabhairt dóibh.

## 2.3 Athrú Déimeagrafach agus Rogha Tithíochta i mBailte

Níl dóthain úsáide á baint as go leor codanna dár lár bailte agus tá teorainn ar an éagsúlacht tithíochta iontu. Tá deiseanna ann d'fhorbairt inlíonta ar láithreáin tearc-úsáidte, lena n-áirítear limistéir mhóra ar cúl foirgneamh atá ann cheana féin, ar a dtugtar forbairt 'talaimh chúil' de ghnáth. D'fhéadadh samhlacha tithíochta nuálacha nua cineálacha tithíochta 'lena doras féin' a bheadh níos dlúithe agus níos inoiriúnaithe a chumasú, chun freastal ar raon níos mó de chineálacha líonta tí laistigh den lár baile. Tacaíonn an beartas um Lár Bailte ar dTús le tograí forbraíochta lena mbaineann éagsúlacht ó thaobh saintréithe, scála agus dlús agus lena n-éascaítear soláthar measctha de thithíocht phríobháideach, inacmhainne agus shóisialta inár mbailte.

Éireoidh sé níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí ionaid uirbeacha a fhorbairt a bheidh dírithe ar an 'áit' agus ina mbeidh meascán iomchuí cineálacha tithíochta, de réir mar a thiocfaidh athrú ar dhéimeagrafaíocht na hÉireann. Ó tharla go réamh-mheastar go dtiocfaidh ardú ar chéatadán an daonra atá 65 bliana d'aois nó níos mó, ó 14% in 2019 go dtí 26% in 2051[6], tá deis ann do dhaoine scothaosta tithíocht a roghnú atá lonnaithe go lárnach laistigh dár mbailte agus atá iomchuí dá riachtanais. Féadfaidh sin cuidiú leo saol níos gníomhaí, níos sláintiúla agus níos ceangailte go sóisialta a chaitheamh, agus dul in aois go compordach laistigh dá bpobal. Cuideoidh sin le daoine an t-áras cónaithe is oiriúnaí a roghnú chun freastal ar a riachtanais, agus cuirfidh sé ar a gcumas áras cónaithe 'den mhéid ceart' a bheith acu agus iad ag dul trí chéimeanna difriúla ina saol.

6 Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Aosú – Ráiteas Beartais. *Rialtas na hÉireann* https://assets.gov.ie/9398/ca553fa753b64f14b20e4a8dcf9a46ab.pdf

## 2.4 | Miondíol Taithí-threoraithe

Tá laghdú tagtha ar ghníomhaíocht miondíola in go leor lár bailte traidisiúnta de bharr cailleadh a mbonn daonra agus patrúin mhiondíola atá ag athrú, lena n-áirítear ardú ar dhíolacháin ar líne. Tagann méadú ar fholúntais dá barr sin agus féadfaidh sé tionchar ollmhór a imirt ar bheocht agus ar fhuinneamh lár baile.

Mar fhreagairt ar threochtaí idirnáisiúnta, tá an mhiondíol laistigh de shiopaí ag gluaiseacht ó bheith ag brath go hiomlán ar cheannach earraí go dtí 'eispéireas' miondíola a chuimsíonn meascán de sheirbhísí miondíola (lena n-áirítear bia agus deoch) agus úsáidí áineasa, siamsaíochta agus cultúir. Tá go leor miondíoltóirí móra ag gluaiseacht i dtreo shamhail ina bhfeidhmíonn siopaí níos mó mar sheomraí taispeántais inar féidir féachaint ar earraí agus iad a ordú lena seachadadh chuig an teach.

Tá lár cathracha, bailte agus sráidbhailte i suíomh optamach chun leas a bhaint as an ngluaiseacht chuig miondíol níos cumaiscthe, mar gheall go bhfuil go leor de na 'heispéiris' neamh-mhiondíola i láithreacha den sórt sin i bhfoirm oidhreachta tógtha, páirceanna agus cearnóga, agus institiúidí cultúir. Féadfaidh lár bailte leas a bhaint as an bpoitéinseal sin agus cur leis an líon cuairteoirí trí bhíthin chomhfhorbairt áite feabhsaithe agus cothromaíocht iomchuí idir úsáid feithiclí agus ríocht phoiblí ardcháilíochta. Trí bhíthin rannpháirtíocht leis an *bhFóram Miondíola*, féadfaimid scrúdú a dhéanamh ar an tslí a bhféadfaidh bailte tógáil ar na deiseanna sin trí bhíthin an beartas seo a chur i bhfeidhm.

## 2.5 | Spás Poiblí a Athghiniúint

Tá ról tábhachtach agus feidhm thábhachtach ag spásanna poiblí, lena n-áirítear sráideanna, cearnóga, páirceanna agus gairdíní poiblí, i saol sóisialta agus eacnamaíoch pobal, agus i dtarraingteacht an lár baile. Tá na spásanna poiblí sin ríthábhachtach do lár bailte, soláthraíonn siad taitneamhacht fhíseach agus spásanna ina bhféadfaidh daoine scíth a ligean agus idirghníomhú lena chéile (lena n-áirítear le haghaidh imeachtaí cultúir). Cuireann siad feabhas ar chaighdeán na beatha do chónaitheoirí, oibreoirí agus cuairteoirí. Soláthraíonn siad buntáistí tábhachtacha agus cuidíonn siad le ceangail áitiúla a chruthú, ceangail atá ag croílár na braistinte pobail.

I gcásanna áirithe, chaill na spásanna sin a bhfeidhm thraidisiúnta mar spásanna sibhialta/cultúir agus úsáidtear go leor díobh mar áiteanna páirceála anois. Chuir an ceannas atá ag feithiclí sa ríocht phoiblí le meath ar go leor lár bailte, agus fágann gur áiteanna mítharraingteacha iad le cónaí iontu nó le cuairt a thabhairt orthu ar feadh achair fhada. Féadfaidh ár mbailte dúshláin mhóra rochtana a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas freisin.

Tarraingíodh tuilleadh airde ar na ceisteanna sin i rith Phaindéim COVID-19 agus tugadh léiriú géar ar chaighdeán na ríochta poiblí, ar chúinge go leor sráideanna agus ar an easpa spásanna faoin spéir ina bhféadfaidh daoine idirghníomhú lena chéile go sábháilte.

Cé go mbraitheann go leor lárionad uirbeach in Éireann ar charranna, faoi láthair, chun gníomhaíochtaí ó lá go lá a dhéanamh, tá tionchar ollmhór ag ceannas carranna laistigh de bhailte ar inchónaitheacht bhailte, ar a dtarraingteacht do chuairteoirí agus ar chaighdeán thimpeallacht na ríochta poiblí. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach trí bhíthin gluaiseacht feithiclí a bhainistiú go cúramach lena chinntiú go mbeidh sráideanna ina n-áiteanna inrochtana nach mbeidh ceannas ag carranna ná ag páirceáil carranna orthu. Féadfaidh an beartas um Lár Bailte ar dTús pobail áitiúla a spreagadh agus tacú leo le bheith cruthaitheach agus uaillmhianach chun ríocht phoiblí a fhorbairt a bheidh fáiltiúil roimh chách, sábháilte, inrochtana do gach modh iompair (siúl ach go háirithe), ina mbeidh leibhéil ísle torainn agus aerthruaillithe agus a sholáthraíonn rudaí le déanamh, áiteanna le suí agus scíth a ligean agus radhairc tharraingteacha don phobal. Ní mór dúinn leas a bhaint as an deis seo freisin chun bailte agus spásanna poiblí a oiriúnú chun freastal go hiomlán ar dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht theoranta acu.

## 2.6 | Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Go stairiúil, cuireadh béim ar ghluaiseacht feithiclí príobháideacha in go leor bailte, níl na líonraí sráideanna dea-nasctha agus níl a dhóthain saoráidí do choisithe/rothaithe iontu. Mar thoradh air sin, tiomáineann daoine achair ghearra a d'fhéadfaí a dhéanamh de shiúl na gcos nó ar rothar dá mbeadh na saoráidí ann. Cuireann sin leis an mbrú tráchta agus cuireann torann mítharraingteach agus astaíochtaí ó fheithiclí le timpeallacht nach bhfuil tarraingteach do bheith ag cónaí i lár bailte.

Mar thoradh ar Phaindéim COVID-19, is iomaí duine atá níos feasaí faoi na buntáistí a bhaineann le rochtain áitiúil éasca a bheith acu ar fhormhór a riachtanas ó lá go lá, go háirithe laistigh d'achar siúil nó rothaíochta óna áit chónaithe – rud a chuirtear chun cinn mar choincheap an *'bhaile 10 nóiméad'*. Is príomhtháscaire inbhuanaitheachta í an dúil sin i ngaireacht seirbhísí agus taitneamhachtaí áitiúla agus tá poitéinseal faoi leith aici in go leor bailte in Éirinn, áit a gcónaíonn formhór an daonra níos lú ná aon chiliméadar ó lár an bhaile.

Taistealaíodh níos lú ná 2km i gcás 56.9% de na turais a rinneadh i gcarranna in 2019[7], rud a léiríonn an deis atá ann chun tuilleadh siúil agus rothaíochta a chur chun cinn, trí bhíthin bonneagar a bheidh deartha go cuí agus spás a leithdháileadh chun na críche sin ar shráideanna agus laistigh de spásanna poiblí atá ann cheana. Tá fás ag teacht ar an mbonn fianaise idirnáisiúnta a thugann le tuiscint go bhféadfaidh buntáistí suntasacha maidir le hathghiniúint uirbeach a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm shamhail soghluaisteachta agus iompair áitbhunaithe. Is gá roghanna Soghluaisteachta Inbhuanaithe a leathnú amach chun roghanna malartacha fiúntacha ar aistir i gcarranna príobháideacha laethúla a chur ar fáil chun astaíochtaí iompair a laghdú. Áireofar sa Bheartas maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe atá le teacht infheistíocht mhór leanúnach i mbonneagar agus seirbhísí iompair phoiblí agus iad a leathnú amach.

## 2.7 Sócmhainní Cultúir agus Oidhreachta Áiteanna a Fhíorú

Aithnítear go bhféadfaidh athghiniúint faoi stiúir na hoidhreachta, ó láithreáin athfhorbraíochta mhórscála go dtí athshamhlú de réir a chéile ar láithreáin inlíonta bheaga, tacú leis na hacmhainní atá ann cheana féin agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu. Tá éabhlóid tagtha ar bhailte na hÉireann, ó na lonnaíochtaí is luaithe do dhaoine a bhí ann, agus is saibhreas dá gcuid iad an iliomad déanmhas cosanta, séadchomharthaí taifeadta agus oidhreachta seandálaíochta. Tá roinnt bailte ag baint tairbhe as athghiniúint faoi stiúir na hoidhreachta, as infheistiú i bhfeabhsúcháin ar an ríocht phoiblí, agus as caomhnú na hoidhreachta tógtha, lena n-áirítear cur chun cinn ár n-acmhainní nádúrtha agus ár líonraí bithéagsúlachta. Is samplaí maithe iad Cloich na Coillte, Cill Chainnigh agus Cathair na Mart de chásanna ina bhfuil áit ina príomhghné den togra eacnamaíoch agus a mbaineann tábhacht le sócmhainní oidhreachta áitiúla a fhorbairt – amhail an Míle Meánaoiseach i gCill Chainnigh bunaithe ar Theampall Mhuire – mar ghné lárnach de bhuntáiste sóisialta, eacnamaíoch agus cultúir a sholáthar do phobal. Féadfaidh sócmhainní cultúir eile, amhail leabharlanna, a bheith ina bpointí fócasacha i mbailte agus i sráidbhailte.

Tá fíor-bhuntáistí le baint as bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe a dhéanamh ar oidhreacht thógtha uirbeach na hÉireann. Ní hamháin go gcuirtear feabhas ar na sócmhainní tógtha, ach soláthraíonn an ghníomhaíocht chaomhnaithe agus uasghrádaithe leanúnach, inbhuanaithe margadh do scileanna foirgníochta speisialaithe, as a leanann éilimh ar oiliúint uascilithe áitiúil i gach gairm a bhaineann leis an timpeallacht thógtha.

Tá tionscadail deisiúcháin a dhírítear níos mó ar scileanna daonna a úsáid seachas táirgí dianfhuinnimh a dhéanamh, tá siad inbhuanaithe ó nádúr.

Cuireann sin le hinmharthanacht eacnamaíoch ghnólachtaí conarthacha beaga agus cuidíonn sé le comhtháthú sóisialta trí bhíthin scileanna inmhargaidh a thabhairt do dhaoine óga ina gceantair féin. Tá deis nua ann trí bhíthin Lár Bailte ar dTús chun athdhíriú ar ár stoc foirgneamh stairiúil a athúsáid. Leis an mBeartas Náisiúnta ar Ailtireacht,' Áiteanna do Dhaoine' atá le teacht, tabharfar breis tacaíochta do na torthaí cumasaithe agus claochlaitheacha a bhíonn ar an ailtireacht a chomhtháthú go hiomlán sa chinnteoireacht áitiúil, chun leasa tionscadal aonair agus comharsanachtaí agus bailte iomlána.

## 2.8 Gaeltacht and Gaeltacht Service Towns

Faoi Acht na Gaeltachta 2012, sainmhínítear Bailte Seirbhíse Gaeltachta mar bhailte atá lonnaithe i Limistéir Pleanála Teanga Gaeltachta nó gar dóibh agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí agus saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na limistéir sin. Tá 14 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ann (agus 2 Chathair) a d'fhéadfadh aitheantas air sin a fháil, ar choinníoll go mbeadh daonra os cionn 1,000 duine iontu agus plean teanga ullmhaithe agus curtha i bhfeidhm ag eagraíocht atá gníomhach sa bhaile[8]. Tá breis bailte agus sráidbhailte beaga i limistéir Ghaeltachta freisin.

Ceann de phríomhchuspóirí Acht na Gaeltachta is ea an tionchar dearfach a fhéadfaidh Bailte Seirbhíse Gaeltachta a imirt ar an nGaeilge mar theanga phobail agus theaghlaigh na Gaeltachta a chothú agus a threisiú. Dá réir sin, leis na hidirchaidrimh chultúir agus eacnamaíocha idir An Ghaeltacht agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na limistéir mháguaird nó gar dóibh, tugtar deis faoi leith do na bailte sin, maille le bearta LBT, go háirithe i gcomhthéacs phlean teanga comhaontaithe faoi stiúir an phobail, a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de phlean nó de chlár foriomlán LBT, mar a phléitear i gCaibidil 6.

7 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-nts/nationaltravelsurvey2019/howwetravelled/

8 Leitir Ceanainn, An Clochán Liath agus Baile Dhún na nGall i gCo. Dhún na nGall, Béal an Mhuirthead, Caisleán an Bharraigh agus Baile an Róba i gCo. Mhaigh Eo, An Clochán i gCo. na Gaillimhe, Daingean Uí Chúis, Trá Lí agus Cathair Saidhbhín i gCo. Chiarraí, Maigh Chromtha i gCo. Chorcaí, Dún Garbhán i gCo. Phort Láirge agus Baile Átha Buí agus An Uaimh i gCo. na Mí, Cathair Chorcaí agus Cathair na Gaillimhe.

## 2.9 Pobail Ghníomhacha, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe

Pobail chumhachtaithe iad na pobail ina mbíonn guth ag gach duine sna cinntí a mbíonn tionchar acu ar a shaol, ar a áit agus ar a bhaile. Cinntí níos inbhuanaithe do chách an toradh a bhíonn ar mhéid agus ar cháilíocht níos airde rannpháirtíochta pobail i struchtúir chinnteoireachta áitiúla, go háirithe i gcás na bpobal is imeallaí agus is mó faoi mhíbhuntáiste. Le straitéis an Rialtais don earnáil pobail agus dheonach, Pobail Ghníomhacha, Uilechuimsitheacha agus Chumhachtaithe, féachtar le sochaí shibhialta bhríomhar agus ghníomhach a chruthú, agus le deiseanna a fhorbairt do gach pobal rannchuidiú le cinnteoireacht agus le cur i bhfeidhm beartas agus a bheith rannpháirteach iontu. Tá an straitéis sin mar fhaisnéis don cur chuige áitbhunaithe faoi stiúir áitiúil, a leagtar amach sa Bheartas um Lár Bailte ar dTús.

Beidh an t-idirphlé idir an Údarás Áitiúil agus a phobal ríthábhachtach le go n-éireoidh le Lár Bailte ar dTús. Is léir go bhfuil deis ann, agus an beartas um Lár Bailte ar dTús á sholáthar ar leibhéal áitiúil, chun caidreamh a dhéanamh leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, leis an earnáil pobail agus dheonach, agus le heagraíochtaí forbartha áitiúla. Tugann obair dheonach, ach go háirithe, deis do dhaoine nasc a dhéanamh lena phobal chun áit níos fearr a dhéanamh de agus chun rannchuidiú le pobal níos sláintiúla agus níos athléimní. Beidh sé fíor-riachtanach breith ar chuid de mheon, taithí, líonraí agus bonneagair na hearnála pobail agus deonaí, le linn phróiseas soláthair Lár Bailte ar dTús, le go n-éireoidh leis.

## 2 CÁS STAIDÉAR
## Ráth Mealtain, Co. Dhún na nGall

Is gnóthas comhpháirteach é Tionscnamh na mBailte Stairiúla (TBS) ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Chomhairle Oidhreachta a bhfuil mar aidhm aige athghiniúint bhailte stairiúla na hÉireann a chur chun cinn bunaithe ar an oidhreacht. Tá an clár ar bun ó 2018 agus tugadh dámhachtainí do sheacht mbaile ar fud na hÉireann in 2020.

D'oibrigh ceann de na bailte, Ráth Mealtain i nDún na nGall, le húinéirí maoine áitiúla chun an timpeallacht thógtha stairiúil a chaomhnú, mórtas saoránach a atreisiú, cur leis tarraingteacht agus poitéinseal turasóireachta a lár stairiúil a chur chun cinn.

Ar cheann de na tionscadail bhí caomhnú agus oiriúnú thrí theach bheaga a cuireadh i dtoll a chéile chun teach amháin do teaghlach a dhéanamh. Osclaíonn na tithe go díreach ar an tsráid agus ní raibh aon spás mar ghairdín ceangailte leo. Cuireadh díon gloine ar cheann de na tithe, a bhí tréigthe, chun gairdín geimhridh agus bealach isteach chuig an teach a chruthú.

Tugtar léiriú maith ar an tionchar sna grianghraif thíos. Tá an t-úinéir chun foirgneamh eile ar an tsráid sin a athchóiriú anois.



*Ráth Mealtain – Roimh an obair*



*Ráth Mealtain – I ndiaidh na hoibre*

# 3 CÁS-STAIDÉAR
## Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí


Rinne Comhairle Contae na hIarmhí, le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), infheistiú os cionn €4 milliún i dtionscadal athghiniúna a chuir claochlú ar Shráid na hEaglaise agus a sholáthair lár baile fáiltiúil, nua-aimseartha, ar leas coisithe agus i lár Bhaile Átha Luain.


Tá d'aidhm ag an scéim athfhorbartha, claochlaitheach ná croílár príomhcheantar siopadóireachta Bhaile Átha Luain a athbheochan trí bhíthin lár baile tarraingteach agus bríomhar a chruthú a rannchuideoidh le fás inbhuanaithe Bhaile Átha Luain sa todhchaí.

Leis an tionscadal sin, a tugadh chun críche i mí Feabhra 2019, cuireadh claochlú ar Shráid na hEaglaise ó bhealach a bhí faoi cheannas tráchta go dtí sráid a dhíríonn ar choisithe ar a bhfuil cosáin inrochtana níos leithne, limistéir phábháilte agus suíocháin, ionas go bhféadfaidh daoine siúl go réidh, féachaint i bhfuinneoga siopaí agus sult a bhaint as lár an bhaile ar a luas féin.

Deonaíodh ciste tuairim is €4m ar thionscadal athghiniúna eile i lár bhaile Átha Luain faoin CAFU. Tá roinnt tionscnamh san áireamh sa tionscadal, lena n-áirítear síneadh a chur leis an ríocht phoiblí agus oibreacha feabhsúcháin sráid-dhreacha, tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar athfhorbairt ar láithreán straitéiseach tréigthe i suíomh den scoth ag an bpríomhphointe iontrála chuig lárcheantar siopadóireachta an bhaile agus tuilleadh forbartha rathúla a dhéanamh faoin 'Scéim Deontais chun Feabhas a chur ar Aghaidheanna Siopaí' a sheol Oifig Fiontair Áitiúil na hIarmhí in 2019 chun dreasacht agus tacaíocht airgeadais a thabhairt d'úinéirí áitribh mhiondíola agus tráchtála áitiúla, chun feabhas a chur ar aghaidheanna a siopaí aonair agus ar thír-dhreach ginearálta Bhaile Átha Luain.

Is sampla maith é an tionscadal sin de chur chuige ilghnéitheach ar an athghiniúint – feabhsúcháin ar an ríocht phoiblí, bainistiú gníomhach talún agus tacaíocht d'oibritheoirí miondíola/tráchtála.







# 4 CÁS-STAIDÉAR
## Ceathrú na Mainistreach, Cill Chainnigh

Is láithreán straitéiseach i lár na cathrach é Ceathrú na Mainistreach, áit a mbíodh Grúdlann Smithwick's, agus é lonnaithe ar bhruach na Feoire i gcroílár Chathair Cill Chainnigh. Tagann an tionscadal athghiniúna faoi Mháistirphlean Cheathrú na Mainistreach, a bhfuil mar fhís aige *"forbairt a dhéanamh ar Cheathrú na Mainistreach mar bhreiseán a thiocfaidh leis an gcathair mheánaoiseach."*

Déanann an tionscadal nasc idir an sean agus an nua. Tá claochlú á chur ar an láithreán athfhorbraíochta láir trí bhíthin infheistíocht i bhfoirgnimh nua agus athúsáid a bhaint as seanfhoirgnimh. Tá láithreáin thearc-úsáidte á n-aistriú ina spásanna poiblí a cheanglaítear iad leis an Míle Meánaoiseach.

Tá €11 mhilliún á chur ar fáil trí bhíthin an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (CAFU) chun oibreacha suntasacha ar an ríocht phoiblí a chistiú, chomh maith le tionscadail bhonneagair phobail agus chultúir laistigh de Cheathrú na Mainistreach. I measc na bhfothionscadal tá feabhsú ar an ríocht phoiblí, Páirc nua, Clárchosán ar bhruach na habhann agus tionscadail ghaolmhara chultúir.








## Caibidil 3

# Lár Bailte ar dTús – *Beartas Comhordaithe*

**I gClár an Rialtais, aithníodh an gá le cur chuige straitéiseach, comhordaithe ar athghiniúint lár bailte lena n-uasmhéadófaí tionchar infheistíocht mhór an Rialtas san athghiniúint uirbeach, agus tugadh gealltanas ina leith. Leis an mbeartas seo um Lár Bailte ar dTús, a raibh samhail na hAlban mar fhaisnéis aige, spreagtar Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla, gnólachtaí agus pobail chun lár bailte a chur ag croílár na cinnteoireachta.**

## 3.1 | Cúlra agus Aidhm

Tá d'aidhm ag an mbeartas um Lár Bailte ar dTús lár bailte a chruthú a fheidhmeoidh mar áiteanna inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine le bheith ag cónaí agus ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu, fad a fheidhmeoidh siad mar mhol gnó seirbhísí, sóisialta, cultúir agus áineasa don phobal áitiúil.

Aithnítear gur áiteanna éagsúla iad bailte na hÉireann; éilítear cur chuige solúbtha, oiriúnaitheach, agus straitéiseach chun tacú leo. Dá bharr sin, ní thuairiscítear réiteach amháin ó bharr anuas ar na dúshláin roimh bhailte na hÉireann leis an mbeartas um Lár Bailte ar dTús. Is creat cumasúcháin é lena gcomhordófar gníomhartha ar fud an Rialtais, na nÚdarás Áitiúil agus na bpríomhpháirtithe leasmhara chun tacú le bailte a bpleananna athbheochana uathúla féin dá lár bailte a shainaithint, a fhorbairt agus a bhrú chun cinn. Cuimseofar dea-chleachtas maidir le comhfhorbairt áite sna pleananna sin.

### *Próiseas Forbartha an Bheartais*

Bhunaigh an Rialtas an Grúpa Idir-rannach (GIR) chun an gealltanas maidir le cur chuige um Lár Bailte ar dTús a bhrú chun cinn. Fuair an Grúpa Idir-rannach tacaíocht ón nGrúpa Comhairleach, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit do Rialtas Áitiúil agus Pleanáil, ina raibh príomhpháirtithe leasmhara agus saineolaithe a thug léargais agus tuairimí ar shaincheisteanna a bhfuil éifeacht acu ar lár bailte.

Leis an gcur chuige cumaisc sin, a raibh saineolas tras-disciplíneach suntasach ón GIR agus ón nGrúpa Comhairleach mar bhonn faisnéise dó, sainaithníodh roinnt rudaí i gcoiteann sa chur chuige ar cheapadh, pleanáil agus soláthar na hathghiniúna uirbí.

Trí bhíthin an phróisis sin, sainaithníodh raon gníomhartha chun Lár Bailte ar dTús a sholáthar go héifeachtach ar bhealach a bheidh iomchuí do chomhthéacs na hÉireann.

## 3.2 | Fís Chomhchoiteann do Bhailte na hÉireann

Cuirfidh an beartas seo um Lár Bailte ar dTús ar chumas phobail agus ghnólachtaí áitiúla, agus iad ag obair le hÚdaráis Áitiúla, pleananna a fhorbairt chun an leas is mó is féidir a bhaint as na láidreachtaí agus sócmhainní faoi leith a bhaineann lena mbaile. Soláthróidh na pleananna sin nasc leis na cuspóirí sna pleananna forbartha reachtúla agus pleananna ceantair áitiúil atá ábhartha do gach baile.

Tiocfaidh an beartas le beartais eile an Rialtais agus díreofar ar ár gcláir infheistíochta chun na torthaí is fearr a sholáthar do lár bailte.

### Is éard atá inár bhFís um Lár Bailte ar dTús:

- **Áiteanna atá múnlaithe ag na pobail a chónaíonn iontu, ina gcuirtear ar chumas cónaitheoirí áitiúla agus an phobail gnó an todhchaí dá mbailte agus dá sráidbhailte féin a phleanáil;**
- **Bailte a ghlacann na deiseanna arna gcur ar fáil ag teicneolaíocht, gníomhú ar son na haeráide agus athrú déimeagrafach chucu féin;**
- **Áiteanna arb iad croílár na gníomhaíochta eacnamaíche, sóisialta, cultúir agus áineasa iad, le meascán inbhuanaithe de thairiscintí tráchtála, miondíola, seirbhísí agus fáilteachais;**
- **Lár bailte a léiríonn na riachtanais atá agus a bheidh ag an bpobal áitiúil, ina bhfuil ríocht phoiblí ardchaighdeáin, bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe agus spásanna glasa a éascaíonn pobail agus geilleagair áitiúla atá bríomhar agus nasctha;**
- **Lár bailte atá bríomhar, inrochtana agus a bhfuil daoine óga agus aosta ina gcónaí iontu, nach bhféachtar orthu mar an dara rogha ar áiteanna níos forimeallaí.**

## 3.3 | Coitiantacht maidir le Cur Chuige

Is iomaí clár infheistíochta agus taca beartais a dhíríonn ar bhailte a athghiniúint agus a athbheochan, agus soláthraítear go leor díobh trí bhíthin earnáil an Rialtais Áitiúil. Mar sin féin, is léir an gá le cur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe ar bhailte Éireannacha a fhorbairt a mbeadh ceannaire lárnach, comhordaithe acu, rud a bheadh chun tairbhe gach ceann de na cláir infheistíochta agus de na tacaíochtaí beartais go carnach.

Chuige sin, sainaithníodh sraith atarlaithe "comhábhar cáilíochtúil" sa chur chuige ar bhailte athbheoite a sholáthar. Is féidir achoimre a thabhairt orthu mar a leanas:

(i) Tá fís chomhoibríoch agus cur chuige faoi stiúir Plean ríthábhachtach, bunaithe ar ghéar-dhiagnóis ar na dúshláin áitiúla agus freagairt shaincheaptha ina leith;

(ii) Rannpháirtíocht agus tacaíocht ón bPobal agus ó Ghnólachtaí, nithe atá riachtanach chun an chur chuige faoi stiúir plean a fhorbairt, cur i bhfeidhm a thiomáint agus an méid is mó tacaíochta is féidir a fháil do na gníomhartha a cheapfar;

(iii) Tá cur chuige láidir rialachais nó troid ar son na straitéise fíor-riachtanach. Is 'Foireann Bhaile' ilearnála a bhíonn i gceist leis sin, de ghnáth, comhdhéanta de pháirtithe leasmhara éagsúla, le tacaíocht ón Údarás Áitiúil, a thuigeann an áit agus a bhfuil leas acu ina todhchaí;


(iv) Is cuimsitheach é cás eacnamaíoch nó gnó an phlean agus tá scrúdú déanta aige ar na rioscaí agus ar na deiseanna a bhaineann le hinfheistíocht i dtéarmaí inmharthanachta, costas tairbhe agus, i gcásanna áirithe, tráchtálacht;

(v) Tá an mhodheolaíocht don chur i bhfeidhm agus an tsamhail chistithe leordhóthanach chun na pleananna agus infheistíochtaí éagsúla a sainaithníodh a thabhairt chun críche;

## 3.4 | Príomh-ghnéithe an Chuir Chuige um Lár Bailte ar dTús

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1, cuireadh na bloic thábhachtacha tógála don chur chuige um Lár Bailte ar dTús ar fáil trí bhíthin an Chreata Náisiúnta Pleanála agus an chistithe a leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030.

In éineacht leis an gCreat Náisiúnta, tá roinnt comhpháirteanna idirghaolmhara atá fíor-riachtanach chun athbheochan lár bailte a sholáthar trí bhíthin an bheartais seo um Lár Bailte ar dTús.




I gCaibidil 4-8, leagtar amach sraith Ghníomhartha chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an infheistíocht a luaitear sa Phlean Forbartha Náisiúnta trí bhíthin:

- Cumas a thógáil agus taithí a roinnt;
- Plean fisiúil do gach baile a sholáthar;
- An struchtúr náisiúnta agus réigiúnach is gá a chur ar bun;
- Forbairt a bhfuil sonraí mar fhaisnéis aici


Pléitear le gach ceann de na comhpháirteanna lárnacha sin go mionsonrach, sa bhreis ar ghealltanas chun tacú le bailte treo-aimsitheora atá in ann coincheapa um Lár Bailte ar dTús a léiriú.

# 5 CÁS-STAIDÉAR Baile an Chabháin, 'Athghiniúint Abbeylands' an Chabháin

Fuair Comhairle Contae an Chabháin cistiú c.€15m do thionscadal athghiniúna uaillmhianach; Ceathrú Cultúir Abbeylands a fhorbairt chun an láithreán tábhachtach sin i lár an bhaile a athghiniúint le húsáidí lár bhaile bríomhara, sráid nua do choisithe agus spásanna poiblí.

Is tionscadal ilghnéitheach é seo, lena n-áirítear oibreacha suntasacha ar an ríocht phoiblí agus ar spásanna sibhialta, ionad seirbhísí pobail, mol cianoibre, agus spás cultúir/pobail. 'Cur chuige gníomhach maidir le bainistiú talún', atá i gceist leis agus sainaithníodh suíomhanna éagsúla le ceannach chun a chur ar chumas na Comhairle na hoibreacha a dhéanamh.

Is tionscadal faoi stiúir plean é agus tugadh 'Máistirphlean Abbeylands' chun críche i ndiaidh comhairliúcháin fhairsing leis an bpobal, le húinéirí talún agus le gnólachtaí. Sainaithníodh sraith idirghabhálacha ardluacha agus claochlaitheacha, le tacaíocht ó phríomh-chomhpháirtithe, arna gceapadh chun athghiniúint shóisialta, chultúir, eacnamaíoch agus taitneamhachta a spreagadh.









## Caibidil 4

# Forbairt Cumais agus Comhroinnt Taithí

**Leis an mBeartas LBT, cruthófar Creat Náisiúnta chun cur chuige comhleanúnach ar fud na tíre a sholáthar, agus cuirfear ar chumas bailte ar leibhéal áitiúil a mbealach féin a shainaithint bunaithe ar a chás féin. Tá saintréithe difriúla ag gach baile a éilíonn cuir chuige shaincheaptha ar a n-éabhlóid amach anseo.**

**Ní bheidh cur chuige baile amháin oiriúnach d'aon bhaile eile.**

**An chéad chéim ná a chinntiú go mbeidh cumas tiomnaithe ar an leibhéal áitiúil chun an cur chuige um Lár Bailte ar dTús a bhrú chun cinn. Sa Chaibidil seo, leagtar amach na gníomhartha a bhaineann leis an gcumas sin a fhorbairt i gcás nach ann dó cheana féin, lena chinntiú go scaipfear dea-chleachtas agus go mbeidh sonraí maithe agus foirne uirlisí tacúla ar fáil chun tacú le bailte ar leithligh.**

# Lár Bailte ar dTús -
# Róil agus Príomh-Fhreagrachtaí

### Grúpa Náisiúnta Formhaoireachta agus Comhairleach

- Monatóireacht agus Stiúradh ar Sholáthar

### Oifig Náisiúnta LBT

- Soláthar Náisiúnta a Chomhordú agus a Bhrú Chun Cinn
- Tacú le TROnna
- Dea-Chleachtas a Roinnt

### Oifigigh Athghiniúna Baile (OAB)

- Údaráis Áitiúla a Chomhordú
- Foirne Baile a Eagrú agus Tacú leo

### Foirne Baile

- Saineolas agus Cur i bhFeidhm Áitiúil

## 4.1. Cumas Áitiúil

Éilítear leis an mbeartas um Lár Bailte ar dTús go mbeidh struchtúir shonracha maidir le cur i bhfeidhm ar bun laistigh d'Údaráis Áitiúla agus tá d'aidhm aige rannpháirtíocht níos leithne ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal a éascú. Áirítear leis sin ceannaire a dhíreoidh ar athghiniúint bailte a shannadh i ngach Údarás Áitiúil agus tacú le Foirne Baile ionchur ón bpobal áitiúil agus ó ghnólachtaí áitiúla a sholáthar.

### 4.1.1. Foirne Baile

Is éard atá i bhFoireann Bhaile LBT, grúpa cónaitheoirí áitiúla, lucht gnó, ionadaithe pobail agus páirtithe leasmhara eile a thagann le chéile chun áit níos fearr le cónaí, oibriú agus infheistiú inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi, a dhéanamh dá gceantar. Déanann siad ionadaíocht ar earnálacha agus ar chúlraí éagsúla. Tá suíomh uathúil sa phobal acu le bheith ina 'saineolaithe áitiúla' ar a gceantar agus le bheith i gceannas ar idirghabhálacha a fhéadfaidh athruithe dearfacha fadtéarmacha a dhéanamh ar an mbaile.

I dteannta an Údaráis Áitiúil, is páirtithe leasmhara ar cheart smaoineamh ar iad a áireamh ar an bhFoireann iad Comhlachais Tráchtála, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, cumainn ghnó, ionadaithe poiblí, an earnáil forbartha áitiúil, grúpaí pobail, úinéirí gnó, forbróirí, miondíoltóirí, tiarnaí talún, cónaitheoirí, grúpaí turasóireachta, An Garda Síochána, carthanais, fiontair shóisialta, grúpaí cultúir, eagraíochtaí spóirt, grúpaí deonacha agus saoráidí oideachais.

Is faoin bhFoireann Bhaile a bheidh sé cathaoirleach a roghnú. I mbailte áirithe, seans go measfaí gur chuí go mbeadh duine neamhspleách ina c(h)athaoirleach ar an bhFoireann Bhaile, cé go bhfaigheadh siad tacaíocht ón Oifigeach Athghiniúna Baile agus ón Údarás Áitiúil, duine a bheadh in ann obair na Foirne baile a chosaint agus a stiúradh, agus cumarsáid agus rannpháirtíocht iomchuí idir an Údarás Áitiúil agus na páirtithe leasmhara ar fad a chinntiú.

Is ann d'Fhoirne Baile in go leor bailte cheana féin agus oibríonn siad i riochtaí éagsúla – in áiteanna eile ní hann do na foirne sin agus is gá iad a bhunú. Ach Foireann Bhaile a fhorbairt, le tacaíocht ón Údarás Áitiúil ar bhonn teicniúil il-disciplíneach, cinnteofar go gcuirfear an méid ceart tacaíochta teicniúla agus cúnaimh leis an eolas áitiúil chun cur i bhfeidhm Lár Bailte ar dTús a bhrú chun cinn go rathúil.

Mar sin, tabharfar léiriú ar na struchtúir agus ar na Foirne Baile atá ar bun cheana féin in go leor áiteanna, agus tógfar orthu. Is iad na hÚdaráis Áitiúla a shainaithneodh na láithreacha d'Fhoirne Baile nua. Tá tuilleadh mionsonraí in Aguisín 7.

Tabharfar tacaíocht d'Fhoirne Baile chun a n-inniúlacht agus a gcumas a fhorbairt ó thaobh oibriú go héifeachtach mar aonad agus torthaí dearfacha dá mbailte a bhaint amach. Soláthrófar an oiliúint sin agus an próiseas aistrithe eolais sin go háitiúil i gcomhair leis an Oifigeach Athghiniúna Baile nuacheaptha san Údarás Áitiúil (cuid 4.1.2) agus d'fhéadfadh an earnáil Forbartha Áitiúla cúnamh a thabhairt leis sin. Seans go bhféadfadh grúpaí seanbhunaithe, rathúla meantóireacht a thabhairt d'Fhoirne Baile nua. D'fhéadfaí cur leis an oiliúint sin le cistiú do thionscadail phíolótacha bheaga arna soláthar trí bhíthin na bhFoirne Baile, rud a chabhródh le tacaíocht a fháil don phróiseas agus gnóthú luath a sholáthar.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 1** | **Tacú le Foirne Baile a bhunú (i gcás nach ann dá gcomhionann) agus a oibriú** | Oifigeach Athghiniúna Baile | Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |
| **Gníomh 2** | **Clár forbartha scileanna a fhorbairt chun inniúlacht agus cumas Fhoirne Baile a mhéadú** | Oifigeach Athghiniúna Baile agus an Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Forbartha Áitiúla, RFTP agus RTRÁO |

### 4.1.2 Oifigeach Athghiniúna Baile

Tá raon tacaíochtaí, beartais agus cláir ar bun chun cúnamh a thabhairt d'athghiniúint bailte. Áirítear leis sin cistiú trí bhíthin an CAFU, CAFT agus an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, agus tacaíocht do phearsanra amhail Oifigigh Tithe Cónaithe Folmha a bhfuil de chúram orthu tacú le gníomhartha chun stoc folamh a chur in úsáid chónaithe arís. Leis an mbeartas um Lár Bailte ar dTús, féachtar leis na tacaíochtaí, beartais agus róil sin ar son Lár Bailte ar dTús a ailíniú trí bhíthin Oifigigh Athghiniúna Baile nua a thabhairt isteach. Beidh an saineolas agus an stádas iomchuí laistigh den Údarás Áitiúil ag na daoine sin le go bhféadfaidh siad tarraingt ar fhoireann ildisciplíneach chun soláthar a bhainistiú agus a bheith páirteach sna cláir eacnamaíocha agus shóisialta níos leithne laistigh d'Údaráis Áitiúla.

Beidh mar phríomh-ról ag na hOifigigh Athghiniúna Baile (OAB) sin bunú, oiliúint agus obair leanúnach Fhoirne Baile a éascú trí bhíthin tacaíochtaí teicniúla, cumarsáide, riaracháin agus bainistiú tionscadal a sholáthar. Gheobhaidh an OAB tacaíocht ó fhoirne ildisciplíneacha san Údarás Áitiúil ábhartha, lean n-áirítear comhairliúchán agus rannpháirtíocht leis an bpobal agus an Plean LBT a cheapadh agus a sholáthar. Féadfaidh saineolas sna réimsí pleanála, ailtireachta, innealtóireacht, caomhnaithe, dearaidh uirbigh, foirgneamh folamh, ealaíon agus oidhreachta, rannpháirtíochta pobail, forbartha pobail agus forbartha eacnamaíche a bheith san áireamh san fhoireann ildisciplíneach. Beidh an tOifigeach Athghiniúna Baile ina p(h)ríomh-idirghabhálaí idir an fhoireann ildisciplíneach san Údarás Áitiúil agus na Foirne Baile.

Agus an tacaíocht ildisciplíneach á cur ar fáil, d'fhéadfadh Údaráis Áitiúla scrúdú a dhéanamh ar an mbealach a d'fhéadfaidís comhoibriú ar bhonn réigiúnach agus leas a bhaint as aon deiseanna a sholáthródh struchtúir réigiúnacha chun tacú le soláthar in Údaráis Áitiúla éagsúla. Seans go mbeadh scóip ann freisin chun úsáid éifeachtach acmhainní a bhrú chun cinn trí bhíthin sheirbhísí comhroinnte a úsáid chun Lár Bailte ar dTús a sholáthar.

Tabharfaidh an tOifigeach Athghiniúna Baile treoir don Fhoireann Bhaile chun an Beartas LBT a sholáthar agus chun foinsí cistithe a shainaithint agus teacht orthu. Tacóidh an OAB leis na Foirne Baile áitiúla trí bhíthin forbartha cumais agus an Plean LBT a fhorbairt (i gcás nach mbeidh sé ar bun cheana féin) agus a sholáthar i ngach baile. Beidh siad dírithe ach go háirithe ar fhorbairt cumais i mbailte nár éirigh rómhaith leo ó thaobh comhoibriú agus teacht ar chistiú tacaíochta roimhe seo.

Déanfaidh an tOifigeach Athghiniúna Baile caidreamh leis an earnáil forbartha áitiúla agus leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, de réir mar is cuí, chun rannpháirtíocht an phobail agus cumas a fhorbairt laistigh de na Foirne Baile. Beidh an OAB ina p(h)pointe teagmhála tábhachtach d'úinéirí maoine i ngach baile freisin agus cuirfear ar a c(h)umas 'ionad uileghnó' a fhorbairt don lucht gnó agus do dhaoine aonair ar mian leo foirgnimh i mbailte a athchóiriú, de réir mar is cuí. Ar deireadh, beidh an OAB mar chuid de líonra náisiúnta a thacóidh le forbairt eolais agus le comhroinnt dea-chleachtas ar leibhéal náisiúnta.

Tá breac-chuntas níos iomláine ar ról an Oifigigh Athghiniúna Baile le fáil in Aguisín 6.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 3** | **Oifigigh Athghiniúna Baile, le tacaíocht ó fhoirne ildisciplíneacha, a sholáthar i ngach ceantar Údarás Áitiúil, chun cur i bhfeidhm LBT a bhrú chun cinn** | Earnáil Rialtais Áitiúil | Oifig Náisiúnta LBT, RFTP agus RTRÁO |

## 4.2. Oifig Náisiúnta LBT

Bunófar Oifig Náisiúnta a bheidh tiomnaithe do Lár Bailte ar dTús ina mbeidh baill foirne ón RTRÁO, ón RFTP, ón Earnáil Rialtais Áitiúil agus saineolaithe seachtracha, de réir mar is gá. Bunófar an oifig sin laistigh de struchtúir náisiúnta reatha. Déanfaidh an Oifig soláthar an bheartais seo um Lár Bailte ar dTús a bhrú chun cinn agus pléifidh sí leis an raon ghníomhartha dá déantar tagairt sa doiciméad beartas seo, lena n-áirítear:-

- Líonra náisiúnta LBT a bhunú agus tacú leis chun leanúnachas agus dea-chleachtas a chinntiú agus an Beartas LBT á rolladh amach (Gníomh 5);
- Foireann Uirlisí náisiúnta nua a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais LBT trí bhíthin raon samplaí de dhea-chleachtais a sholáthar agus na sócmhainní a bheidh ar fáil chun cur i bhfeidhm a threorú (Gníomh 6);
- Foinsí sonraí feabhsaithe agus riachtanais thomhais shainithe a bhunú agus taighde ar anailís costais is tairbhe ar ghníomhartha a choimisiúnú (Gníomhartha 11, 12 agus 13 );
- Plean Bliantúil maidir le Cur i bhFeidhm a fhoilsiú chun soláthar a threorú ar leibhéal náisiúnta agus monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar le Tuarascálacha rialta ar an Dul Chun Cinn (Gníomh 29).

Beidh an Oifig ina pointe fócasach chun rannpháirtíocht idir pháirtithe leasmhara a chomhordú maidir le hathghiniúint lár bailte agus cur le beartas náisiúnta a fhorbairt i réimse na hathghiniúna lár bailte.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 4** | **Oifig Náisiúnta LBT thiomnaithe a bhunú chun cuidiú le soláthar beartais agus le cur i bhfeidhm ghníomhartha LBT, agus chun rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara a chomhordú ar leibhéal náisiúnta** | LGMA | RFTP agus RTRÁO |

## 4.3. Líonra LBT

Chun tacú leis na hOifigigh Athghiniúna Baile (arna mbunú faoi Ghníomh 3) agus chun dea-chleachtas a chinntiú i ngach réimse, bunófar líonra LBT comhoibrithe. Aimseofar an líonra náisiúnta TROnna ó gach ceantar Údarás Áitiúil agus déanfaidh an Oifig Náisiúnta LBT é a chomhordú.

Is é an ról a bheidh ag an líonra, leanúnachas i rolladh amach náisiúnta an bheartais LBT ag na Foirne Baile faoi seach, taithí agus dea-chleachtas a roinnt, príomh-uirlis soláthair a chur ar fáil don Oifig Náisiúnta LBT, agus tuairiscí a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm. Déanfaidh an líonra scrúdú ar an mbealach le cur le cumas bailte nár éirigh rómhaith leo maidir le páirtithe leasmhara áitiúla a mhealladh chun comhoibriú leo agus/nó maidir le teacht ar thacaíocht chistithe.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 5** | **Líonra LBT Náisiúnta a bhunú agus tacú leis chun leanúnachas agus dea-chleachtas a chinntiú agus an beartas LBT á rolladh amach** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |

## 4.4. Treoraíocht agus Dea-Chleachtas Náisiúnta

Beidh treoraíocht agus uirlisí dea-chleachtais de dhíth chun tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais LBT agus lena éascú do na hOifigigh Athghiniúna Baile agus do na Foirne Baile cleachtas eiseamláireach atá saincheaptha do chás na hÉireann a leanúint.

Beidh an treoraíocht sin mar chuid d'Fhoireann Uirlisí náisiúnta um Lár Bailte ar dTús. Beidh an Fhoireann Uirlisí mar bhonn faisnéise don athghiniúint bhailte agus cuimseoidh sí snáithe sonracha a dhíreoidh ar phríomh-fhachtóirí amhail forbairt uirbeach, cuspóir eacnamaíoch (forbairt fiontar), feidhm shóisialta, cultúr, rannpháirtíocht an phobail, digitiú, soghluaisteacht inbhuanaithe , inrochtaineacht agus gníomhú ar son na haeráide. Is príomhréimsí dúshláin iad sin agus is deiseanna dár mbailte iad, agus beidh comhroinnt eolais agus smaointeoireacht nuálach de dhíth ina leith.

Tógfaidh an fhoireann uirlisí sin ar obair atá déanta ag an gComhairle Oidhreachta, an RGDATA agus ag an gCuibhreannas Miondíola, i gcomhar le roinnt páirtithe leasmhara eile, a d'fhorbair agus a sholáthair clár trasdisciplíneach, Seiceáil Sláinte Lár Baile Comhoibríoch (SSLBC).

Leis an gclár Seiceáil Sláinte Lár Baile Comhoibríoch, tugtar príomhpháirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí le chéile chun breathnú ar mar atá ag éiriú le baile ó thaobh paraiméadair éagsúla de, trí phróiseas 'seiceála sláinte'. Féachann sé le hoibriú i gcomhar chun tógáil ar láidreachtaí baile agus chun dul i ngleic leis na dúshláin faoi leith a bheadh roimhe. Go bunúsach, baineann an clár ceannródaíoch seo le bonn eimpíreach a bhunú ar dtús agus ansin compháirtithe a thabhairt le chéile chun oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit chun daoine a mhealladh ar ais chuig lár bailte, chun na féidearthachtaí do bhaile a athshamhlú agus chun todhchaí bríomhar dó a chinntiú. Is féidir rochtain a fháil as thorthaí Seiceálacha Sláinte, ina bhfuil grafaicí faisnéise ar pharaiméadair éagsúla. Tá naisc láidre déanta aige le hinstitiúidí tríú leibhéal a thug cúnamh mór maidir le sonraí a bhailiú agus bonn fianaise a chur ar fáil.

Cuideoidh an bonn eimpíreach le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ar an lár baile agus tacú léi. Áirítear leis an obair atá déanta go dtí seo:

- Suirbhéanna ar Úsáid Talún chun teacht ar ráta foriomlán folúntas sa bhaile.
- Suirbhéanna ar mhiondíoltóirí chun teacht ar leibhéil reatha gníomhaíochta tráchtála agus a bhfuil i ndán dóibh.
- Comhairimh choisithe chun teacht ar an líon beacht cuairteoirí ar lár bailte.
- Suirbhéanna ar shiopadóirí chun rátáil a dhéanamh ar eispéireas agus ar shástacht cuairteoirí.

Forbróimid leagan uas-scálaithe agus leathnaithe den Chlár SSLBC chun raon níos leithne saincheisteanna a chur san áireamh agus chun soláthar a dhéanamh ar bhonn comhleanúnach don phróiseas anailíse ar bhailte is féidir a rolladh amach go náisiúnta. Scrúdófar na gnéithe de shamhlacha bailithe sonraí eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh, lena n-áirítear mar shampla *.IE Digital Town Blueprint* a d'fhorbair Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Trí bhíthin na faisnéise a bhaileofar le samhail uas-scálaithe de Sheiceáil Sláinte, cuideoidh an Fhoireann Uirlisí le bunachar sonraí náisiúnta dár mbailte a bhunú agus a thógáil, rud a chuideoidh linn tuiscint níos ar ár n-áiteanna a fháil.

Leis an bhFoireann Uirlisí, beifear in ann samhail dhea-chleachtais a fhorbairt agus a chomhroinnt, chun Pleananna LBT a fhorbairt a mbeifear in ann iad a chur in oiriúint do shaintréithe na mbailte ar fad agus a bheidh mar bhonn faisnéise do chinntí infheistíochta sa todhchaí. Déantar breis fiosraithe air sin i gCaibidil 6. Tarraingeoidh an Fhoireann Uirlisí ar go leor de na hacmhainní ardcháilíochta atá ar fáil cheana féin. Cé go dtarraingeofar go suntasach ar shamhlacha agus ar threoraíocht atá ann cheana féin, tabharfar na páirtithe leasmhara ábhartha le chéile, trí bhíthin an phróisis LBT, chun treoraíocht dea-chleachtas a fhorbairt i gcomhar, a dtiocfaidh fás agus forás uirthi bunaithe ar fhoghlaim agus ar fhianaise nua ó chur i bhfeidhm LBT.

Trí bhíthin Thairseach ar líne a fhorbairt chun an fhaisnéis ar fad sin a chomhroinnt, lena n-áirítear na Foirne Uirlisí agus na samhlacha dea-chleachtais, beifear in ann a chinntiú go mbeidh rochtain fhairsing ar an acmhainn faisnéise sin. Bainfear úsáid as an Tairseach chun cás-staidéir ar na Bailte Pathfinder (féach Caibidil 7) a chomhroinnt, chomh maith le samplaí eile den mhéid a n-éiríonn leis chun lár bailte a athbheochan. Cuideofar mar sin le cur le cumas na bhFoirne Baile a bheith rannpháirteach sa phróiseas Lár Bailte ar dTús.

## Áirítear leis an Treoraíocht atá ann cheana féin:

- Sa réimse maidir le cur chuige faoi stiúir bailte a fhorbairt, áirítear leis na hacmhainní atá ann cheana féin an Fhoireann Uirlisí do Bhailte agus Sráidbhailte a cheap Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann, na Ráitis Deartha Sráidbhailte atá á stiúradh ag an bPobal a d'fhoilsigh an Chomhairle Oidhreachta agus an Creat um Athnuachan Lár Bailte a d'fhoilsigh an Cuibhreannas Miondíola.
- Sa treoraíocht 'Tithe a Thabhairt ar Ais Arís: Lámhleabhar maidir le Foirgnimh Reatha a Athúsáid' a d'eisigh an RTRÁO in 2018, tá comhairle phraiticiúil agus áisiúil faoi fhéachaint le foirgnimh fholmha agus thréigthe a athshlánú lena n-úsáid mar thithe cónaithe.
- Is acmhainn áisiúil eile é tionscnamh Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann, 'Old House, New Home' i gcás go bhfuiltear ag iarraidh struchtúir stairiúla a athchóiriú ina gcóiríocht chónaithe.
- Maidir le rannpháirtíocht an phobail, tugtar teimpléad le haghaidh comhairliúcháin phobail sna Treoirlínte le hahgaidh Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (Samhain 2021) agus tugann siad Luachanna agus Prionsabail ar cheart comhoibriú le grúpaí pobail agus deonacha a threorú.
- Eolaithe Póca de chuid Fhoras Ailtireachta na hÉireann, 'Reimagine'.
- Beartais maidir le Bailte Aoisbháúla agus Pobail Shláintúla a fhorbairt.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 6** | **Foireann Uirlisí náisiúnta nua a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais LBT trí bhíthin raon samplaí dea-chleachtais a sholáthar, chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil chun cur i bhfeidhm a threorú. Áireofar leis an bhFoireann Uirlisí:**<br>• Tairseach Ghréasáin LBT chun deais lárnach, inrochtana a sholáthar chun an Creat LBT a nascleanúint, lena n-áirítear an Fhoireann Uirlisí Náisiúnta, Beartais Náisiúnta, tacaíochtaí Earnála, cistiú atá ar fáil agus uirlisí cumasaithe sonracha go náisiúnta;<br>• Snáithe sonracha a dhíríonn ar phríomh-fhachtóirí amhail forbairt uirbeach, cuspóir eacnamaíoch, feidhm shóisialta, digitiú, soghluaisteacht inbhuanaithe, inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, rannpháirtíocht an phobail agus gníomhú ar son na haeráide;<br>• Samhail Seiceála Sláinte náisiúnta, chomhtháite agus uas-scálaithe a úsáideann an próiseas atá ann cheana féin trí bhíthin chur chuige Seiceáil Sláinte Lár Baile Comhoibríoch de chuid na Comhairle Oidhreachta agus a chruthaíonn bunachar sonraí náisiúnta ar ár mbailte<br>• Samhail dea-chleachtais chun Pleananna LBT a fhorbairt, a mbeifear in ann iad a chur in oiriúint do shaintréithe na mbailte ar fad agus a bheidh mar bhonn faisnéise do chinntí infheistíochta sa todhchaí;<br>• Samplaí éagsúla (Bailte Pathfinder/Cás-Staidéir) de lár bailte rathúla, bríomhara agus athbheoite. | Oifig Náisiúnta LBT | Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Institiúidí Acadúla, Comhlachtaí Earnála, Cleachtóirí |

## 4.5 | Foghlaim ónár mBailte Rathúla

Tá raon bailte rathúla de chineálacha agus ar scálaí éagsúla in Éirinn a bhfuil go leor de na céimeanna atá á gcur chun cinn trí bhíthin LBT déanta acu cheana féin – tá infheistíocht shuntasach agus dul chun cinn déanta cheana féin. Is tábhachtach a thaispeáint an méid is féidir a bhaint amach, agus a bhfuil á bhaint amach ag na bailte sin.

Is mian linn aitheantas a thabhairt freisin d'obair na bhFoirne Baile a bhfuil ag éirí leo leas a bhaint as an athrú ina gceantar áitiúil. Cé go roinnfear eispéireas na mbailte sin ar an Tairseach LBT nua, tabharfaimid aitheantas do thionscnaimh rathúla bhailte agus Fhoirne Baile trí bhíthin chlár gradam iomchuí. Treiseofar an fhoghlaim ó na heiseamláirí sin trí bhíthin imeachtaí faoin téama LBT lena gcuirfear deis ar fáil do pháirtithe leasmhara líonrú a dhéanamh agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 7** | **Cleachtais eiseamláireacha/ oibríochtúla LBT a fhorbairt agus a chomhroinnt trí bhíthin scéim um Ghradaim Náisiúnta LBT agus imeachtaí a sholáthraíonn deiseanna líonraithe ar leibhéal náisiúnta a óstáil** | Oifig Náisiúnta LBT | RFTP, RTRÁO, Earnáil Rialtais Áitiúil |

## 4.6 | Tacaíochtaí Eile

Is príomh-dhúshlán d'Fhoirne Baile é an gá le saintreoraíocht agus le treoraíocht theicniúil, chun dul i ngleic le háitribh fholmha i lár bailte. Cinnteoimid go mbeidh cumas teicniúil leordhóthanach sna hÚdaráis Áitiúla chun tithe folmha a athghiniúint nó chun tógáil tithe cónaithe nua ar láithreáin inlíonta a éascú, chun dul i ngleic le saincheiste an fholúntais agus an dhearóilithe. Beidh an poitéinseal ann freisin cuidiú le scéimeanna tithíochta nua a fhorbairt agus le láithreáin inlíonta nó maoine folmha nó limistéir athfhorbraíochta i mbaile a shainaithint agus a fhorbairt.

Aithnítear go mbaineann buntáistí le cónaí i lár bailte do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu ó thaobh rochtain a fháil ar sheirbhísí nó ar áiseanna sóisialta. I bhfianaise an mhéid sin, tá d'aidhm ag Tithíocht do Chách méadú agus feabhas a chur ar roghanna tithíochta agus ar thacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas, mar phríomhchuspóir. Soláthrófar sin trí bhíthin Straitéis Náisiúnta nua maidir le Daoine faoi Mhíchumas. Tacóidh Lár Bailte ar dTús leis an gcuspóir sin trí bhíthin comhoibriú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna), chomh maith le soláthar tithíochta na nÚdarás Áitiúil féin, chun cóiríocht a fhorbairt i lár bailte a bheidh níos oiriúnaí do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu.

Leis an mbuiséad do thithíocht shóisialta faoi Thithíocht do Chách a méadaíodh go mór, tugtar deis faoi leith d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna tacú leis an mbeartas um Lár Bailte ar dTús ina soláthar tithíochta. Tá roinnt CTCanna ar thóir deiseanna den sórt sin.

Tá sé beartaithe tacaíocht theicniúil a sholáthar do CCTCanna a rachaidh i ngleic le soláthar tithíochta a bheidh tapa, ardtosaíochta, ardphróifíle agus bunaithe i lár bailte. Tá poitéinseal nach beag ag tionscadail athnuachana a sholáthrófar leis na buiséid chaipitil atá ar fáil do thithíocht phoiblí ó thaobh feabhsuithe móra a chur ar bhailte agus forbairt bhreise ina dhiaidh sin a spreagadh. Is sampla iontach é Cluain Eois, Contae Mhuineachán den rath a bhaint amach leis an gcur chuige sin.

Is dúshlánach é díriú ar mhaoine atá ann cheana féin i lár bailte (foirgnimh thréigthe nó iar-fhoirgnimh tráchtála) a athchóiriú ina dtithe cónaithe sóisialta inmharthana. Is féidir tacaíocht theicniúil (Ailtire agus Suirbhéir Cainníochta) a sholáthar trí bhíthin CTCanna roghnaithe, chun maoine a aimsiú, measúnú a dhéanamh ar a n-inmharthanacht ó thaobh iad a athnuachan mar thithe cónaithe sóisialta do dhaoine a bhfuil tosaíocht acu ar an liosta feithimh do thithíocht shóisialta, agus chun tacú leis na tionscadail roghnaithe a bhrú chun cinn. Díreofar, mar thosaíocht, ar thithe cónaithe i lár bailte a chuimseodh tithíocht aoisbháúil dár seanóirí, tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, agus soláthar méadaithe de thithe cónaithe aon seomra leapa a bheadh oiriúnach do líonta tí beaga, lena n-áirítear faoin gclár Tús Áite don Tithíocht.

Tiocfaidh rialachas ar bhaill foirne teicniúla den sórt sin ó 'Aonad Soláthair agus Seachadta' na Gníomhaireachta Tithíochta, a thugann tacaíocht d'Údaráis Áitiúla agus do CTCanna i réimsí oibre gaolmhara. Ach líon beag de na foirne teicniúla sin a bheith ann, d'éascófaí dul i ngleic le raon réigiún agus tosaíochtaí téamúla.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 8 | **Tacú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le Foirne Tithíochta Údarás Áitiúil chun cóiríocht oiriúnach a fhorbairt i lár bailte do dhaoine a bhfuil riachtanais shonracha acu, lena n-áirítear seanóirí, daoine faoi mhíchumas agus líonta tí beaga. Cuirfidh an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíochtaí agus cóiríocht atá oiriúnach do Thús Áite don Tithíocht ar fáil freisin, mar chuid den Chlár Tithíochta Sóisialta** | Gníomhaireacht Tithíochta | Earnáil Rialtais Áitiúil, CTCanna, RTRÁO |

Tá de shainchúram ar an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún (GFT), i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, roghanna tithíochta inacmhainne a sholáthar ar thailte de chuid an Stáit i mbailte ina bhfuil daonra 10,000 nó níos mó. Tá socruithe leagtha amach san tAcht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún chun éascú don GFT oibriú le hÚdaráis Áitiúla mar chuid d'fhorbairt inbhuanaithe láithreán tionachta measctha.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún cuspóirí an bheartais um Lár Bailte ar dTús san áireamh agus láithreáin athfhorbraíochta á bhforbairt i mbailte agus tá sí i mbun caidrimh ghníomhaigh le hÚdaráis Áitiúla agus le comhlachtaí Stáit chun an poitéinseal d'athúsáid tailte Stáit folmha nó tearc-úsáidte chun críche cónaithe a shainaithint. Is minic a bheidh deiseanna do chaidreamh le raon úinéirí, lena n-áirítear san earnáil phríobháideach, maidir le láithreáin i lár bailte a athfhorbairt, i gcás go mbeidh baint ag an GFT le cuid den fhorbairt.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 9 | **Tacóidh an GFT le cuspóirí an bheartais um Lár Bailte ar dTús sna forbairtí a bhfuil baint acu leo i mbailte ina bhfuil daonra os cionn 10,000 duine** | An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún | RTRÁO |

# 6 CÁS-STAIDÉAR
## Ceapach Choinn

Tá daonra de thuairim is 700 duine i gCeapach Choinn, Contae Phort Láirge. Forbraíodh é ag pointe trasnaithe tábhachtach ar an Abhainn Mhór. Tá a bhonn tionsclaíoch caillte ag an mbaile, mar is amhlaidh i gcás an iliomad bailte eile, agus ní mór dó é féin a athrú ó bhonn. Tógadh go leor d'ailtireacht an bhaile san 18ú agus san 19 ú haois agus níl athrú mór tagtha ar a charachtar bunúsach ó shin.

Ba bhaile píolótach Ceapach Choinn faoin Tionscnamh um Chónaí i Lár Baile in 2018. Sainaithníodh é mar bhaile a raibh dúshláin shuntasacha roimhe, lenar áiríodh folúntas agus dearóil i lár an bhaile agus easpa tithíochta ardcháilíochta. Ar na cúiseanna leis an ndearóil bhí: caillteanas tionscal agus fostaíochta, easpa saoil theaghlaigh sa bhaile, páirceáil mhíchaoithiúil. Chuir an líon beag foirgneamh a bhí le díol agus róchostas athchóirithe le leibhéal íseal stoc tithíochta oiriúnach.

Mar thoradh ar thionscadal píolótach Cheapach Choinn, thángthas ar 9 ngné i dtogra maidir le lár an tsráidbhaile a athbheochan. Máistirphlean don bhaile ab ea gné amháin díobh sin.

Ó thráth an tionscadail phíolótaigh, bhain Ceapach Choinn leas as cistiú €100,000 ón Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun feabhsúcháin ar aghaidheanna foirgneamh ar an bPríomhshráid a éascú. Bhí tuairim is caoga maoin san áireamh. Ceadaíodh cistiú os cionn €1.2m do Cheapach Choinn freisin faoi CAFT le haghaidh tionscadal Athghiniúna agus Athnuachana i lár an bhaile. I measc gnéithe den tionscadal sin tá feabhas a chur ar tharraingteacht thithe cónaithe agus ar thoilleadh an láir bhaile; spásanna nua agus feabhsaithe d'fhiontar a fhorbairt; saoráidí agus comhpháirtíochtaí thart ar an Lár Baile; agus poitéinseal taitneamhachta agus turasóireacht na hAbhann Móire a fhorbairt.






## Caibidil 5

# Sonraí mar Fhaisnéis don Fhorbairt

**Leis an gCreat LBT, soláthrófar sásraí chun sonraí níos fearr faoi bhailte a fhorbairt. Cabhróidh sin linn tuiscint níos fearr a fháil ar ár mbailte, beidh sé mar fhaisnéis ag beartais agus treoróidh sé cur i bhfeidhm an Bheartais LBT.**

## 5.1 | Sonraí faoi bhailte na hÉireann

Sula ndéanfaimid cinntí faoi cad iad na hidirghabhálacha a n-éireoidh go maith leo, ní mór dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar ár mbailte agus na sonraí cearta a bhailiú a ligfidh dúinn comparáid a dhéanamh idir áiteanna. Tá ardán ar a dtugtar 'Understanding Scottish Place' forbartha ag an Scottish Town Partnership, lena n-áirítear tíopeolaíocht bailte agus measúnú ar na hidirchaidrimh idir bhailte. Baineann an t-ardán úsáid as tacair shonraí náisiúnta agus faisnéis a bhaineann le bailte sonracha, a forbraíodh trí bhíthin iniúchtaí áitiúla, chun léargas ar gach baile a fháil agus uirlis áisiúil a chruthú chun comparáidí idir láithreacha a dhéanamh.

In Éirinn, tá an iliomad foinsí sonraí ar fáil cheana féin trí bhíthin eagraíochtaí amhail an Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, an Phríomh-Oifig Staidrimh (POS), an Chomhairle Oidhreachta, institiúidí tríú leibhéal agus comhlachtaí eile. Tá tacair shonraí bhreise ag na hÚdaráis Áitiúla agus ag Tionóil Réigiúnacha atá in ann bheith mar fhaisnéis ag an gcás náisiúnta. Ag an am céanna, is eol dúinne go bhfuil bearnaí san eolas agus sa tuiscint atá againn ar bhailte in Éirinn, lena n-áirítear faisnéis ríthábhachtach amhail sonraí inchomparáide ar leibhéil fholúntais idir bhailte. Mar chéim thosaigh, féachfaidh an cur chuige LBT le scrúdú a dhéanamh ar an mbonn fianaise agus ar na foinsí sonraí atá ann cheana féin lena fháil amach cad iad na sonraí atá ar fáil, an tslí a bhféadfaí an fhaisnéis sin a ailíniú go náisiúnta agus na háiteanna a bhfuil bearnaí inár gcuid eolas.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 10** | **Sonraí atá ann cheana féin agus sonraí a thiocfaidh chun cinn faoi bhailte a mhapáil chun bonn fianaise leanúnach a chruthú** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, institiúidí acadúla, POS, Comhlachtaí Stáit |

## 5.2 | Sonraí Níos Fearr a Thógáil

An chéad chéim ná na sonraí atá ann cheana féin a mhapáil. Beidh sásaí sonracha de dhíth chun dul i ngleic leis na bearnaí sainaitheanta, chun clár taighde a a threorú agus chun fianaise a bhailiú. Cinnteofar, leis sin, go ndéanfar monatóireacht éifeachtach ar aschuir idirghabhálacha agus feabhsúcháin fhéideartha le hidirghabhálacha beartais. Ní mór na sonraí a chur i bhformáid a bheidh áisiúil do na páirtithe leasmhara uile, agus a mbainfidh siad uile úsáid aisti, ón bhFoireann Bhaile go dtí an Rialtas Láir.

Beidh tiomsú sonraí feabhsaithe faoinár mbailte, agus úsáid a bhaint astu, ríthábhachtach mar bhonn faisnéise do bheartas a fhorbairt, beartas ar aidhm leis Bailte a athbheochan agus monatóireacht a dhéanamh ar na hidirghabhálacha a chuirfear i bhfeidhm. Beidh forbairt ar bhonn fianaise feabhsaithe mar bhonn taca don fhorbairt leanúnach ar Fhoireann Uirlisí Náisiúnta LBT agus cuideoidh sí leis na hidirghabhálacha iomchuí a theastóidh i ngach baile a shainaithint. Leis an mBeartas LBT, tacófar le taighde a chuireann feabhas ar an tuiscint atá againn ar bhailte agus ar na hidirghabhálacha a fhéadfaidh cónaí i lár bailte a spreagadh agus tacú leis. Cruthóidh sé naisc le hinstitiúidí taighde atá gníomhach sa réimse seo, lena n-áirítear Ionad COBÁC do Bhailte na hÉireann.

Gné thábhachtach den bhonn fianaise a thógáil a bheidh i gcumas digiteach ár mbailte a fheabhsú, agus ár gcumas maidir le leas a bhaint as sonraí digiteacha.

Tá neart le foghlaim ó *.IE Digital Town Blueprint* a d'fhorbair Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir leis sin. Beidh ról tábhachtach ag an tsamhail náisiúnta mholta, Seiceáil Sláinte, freisin chun tacar sonraí comhleanúnach agus inchomparáide ar bhailte a fhorbairt, a mbeifear in ann a úsáid chun na bailte a chatagóiriú agus tionchar na n-idirghabhálacha a thomhas in imeacht ama. Maidir leis sin, d'fhéadfadh an t-ardán 'Understanding Scottish Places'[9] a bheith ina threoir áisiúil do thorthaí féideartha in Éirnn.

Ní mór aird a thabhairt ar chuspóir eacnamaíoch sóisialta bailte sa phróiseas bailithe sonraí agus taighde. Ní mór na huirlisí a chur ar fáil chun deiseanna a shainaithint, chun dea-chleachtas a léiriú, chun comparáid idir bhailte a chumasú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Ní mór na Deiseanna dár mBailte agus Sráidbhailte, mar a sainaithnítear i gCaibidil 2, a bheith ina bpríomh-fhócas don bhonn fianaise a fhorbrófar in Éirinn. Má tá an beartas um Lár Bailte ar dTús chun éascaíocht a dhéanamh do bhailte agus sráidbhailte na deiseanna nua sin a chuimsiú, ní mór fianaise ar an méid a n-éiríonn go maith leis – an tslí agus an chúis a n-éiríonn go maith leis agus an tslí a bhféadfaí é a chur in oiriúint do chásanna éagsúla – a bheith mar bhonn faisnéise dó. Tá sin tábhachtach ach go háirithe i réimsí amhail digitiú agus gníomhú ar son na haeráide, ina mbíonn an scéal ag éabhlóidiú seasta.

9 https://www.usp.scot/

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 11 | **Ardán tiomnaithe do bhonn fianaise agus taighde leanúnach um LBT a bhunú a fhéadfaidh bailte é a chomhroinnt ar leibhéal náisiúnta** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, Institiúidí Acadúla, Comhlachtaí Stáit |
| Gníomh 12 | **Riachtanais chomhaontaithe chun sonraí a thomhas a shainaithint, i ndáil le torthaí sóisialta agus eacnamaíocha, scileanna digitithe agus gníomhú ar son na haeráide** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, Institiúidí Acadúla, Comhlachtaí Stáit |

## 5.3 Toradh Sóisialta agus Costas-sochair ar Infheistíocht i Lár Bailte

De ghnáth, déantar cinneadh chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ar láthair i lár baile, ar láthair ar imeall baile nó ar láithreán úrnua malartach, bunaithe ar chomparáid ar an gcostas díreach i gceist. Ag an am céanna, is eol dúinn go mbíonn buntáistí intuigthe eacnamaíocha agus neamh-eacnamaíocha ag baint le seanfhoirgnimh ar láithreacha i lár baile a athúsáid, buntáistí nach gcuirtear san áireamh sa chinneadh infheistíochta i gcónaí. Tá lorg carbóin níos lú ag foirgnimh atá ann cheana féin i lár bailte a oiriúnú agus úsáideann sin fóntais agus seirbhísí atá ann cheana féin, seachas iad a sholáthar do láithreacha nua ar imeall bailte.

Bíonn maoine i lár bailte mar bhonn taca do níos mó gluaiseachta ar iompar Ilbhuanaithe trí bhíthin laghdú ar aistir a dhéantar i gcarranna agus rochtain níos fearr ar riachtanais mhiondíola agus seirbhísí.

Ba cheart an costas idirghabhála i lár bailte a thomhas vis-a-vis na buntáistí éagsúla eacnamaíocha agus neamh-eacnamaíocha a bhaineann le lonnú i lár bailte inrochtana agus úsáid a bhaint as foirgnimh agus seirbhísí atá ann cheana féin. Tá an taighde sin fíor-riachtanach chun bonn faisnéise níos fearr a sholáthar d'idirghabhálacha um beartas poiblí a bhfuil tionchar acu ar chinntí infheistíochta in ár mbailte agus a mhúnlaíonn iad.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 13 | **Taighde a choimisiúnú le bheith mar bhonn faisnéise don mheasúnú ar na costais, buntáistí agus torthaí sóisialta a bhaineann le hinfheistíocht i lár bailte, agus a sholáthróidh bonn faisnéise níos fearr d'idirghabhálacha um beartas poiblí a bhfuil tionchar acu ar chinntí infheistíochta in ár mbailte agus a mhúnlaíonn iad** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, Institiúidí Acadúla |

Is gá measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag forbairt i ndáil le cuspóirí an bheartais um Lár Bailte ar dTús freisin. Leis an gcóras pleanála reatha, cumasaítear measúnú ar an tionchar miondíola a bhíonn ag forbairt mhiondíola mhór-scála agus áirítear leis an coincheap 'tástáil sheicheamhach' le haghaidh forbairt nó criosú i ndáil le gaireacht do lár baile. Tá sraith níos leithne breithnithe ann anois maidir le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag cineálacha difriúla formáidí forbartha ar lár bailte, agus ní mór iad a bhreithniú.

Ba cheart go mbeadh cinntí faoi infheistíocht i seirbhísí agus bonneagar san áireamh in aon mheasúnú ar an tionchar ar lár bailte, go háirithe cinntí a dhéanann comhlachtaí stáit agus leathstáit ar airíonn infheistíocht phoiblí. Forbróimid modheolaíocht iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na forbartha agus na hinfheistíochta ar lár bailte, lena cur i bhfeidhm sa chóras pleanála reachtúil agus sa chód caiteachais phoiblí.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 14** | **Modheolaíocht iomchuí um thionchar ar lár bailte a fhorbairt agus a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na forbartha agus na hinfheistíochta ar lár bailte, lena cur i bhfeidhm sa chóras pleanála reachtúil agus sa chód caiteachais phoiblí** | RTRÁO | RCPA, Earnáil Rialtais Áitiúil, RFTP, Oifig Náisiúnta LBT |

## 5.4 | Taighde agus Athrú Iompraíochta

Is gá ár lár bailte a chur chun cinn. Ní mór cónaí i lár bailte, ach go háirithe, a spreagadh. Ní fhéachtar go dearfach ar lár bailte i gcónaí mar láithreacha do ghnólachtaí áirithe ná chun cónaí iontu. Is féidir é sin a nascadh le droch-dhearcadh ar ár lár bailte nó le feasacht theoranta ar an iliomad samplaí a léiríonn ní hamháin go n-éiríonn go maith le cónaí i lár bailte, ach gur thogra tarraingteach é a bhíonn mar aidhm ag daoine.

Éilíonn sin tuiscint níos fearr agus athrú ar dhearcthaí, i gcásanna áirithe. Cuid lárnach den bheartas um Lár Bailte ar dTús é áiteanna níos fearr le bheith ag cónaí, ag obair agus ag bualadh le chéile iontu a dhéanamh de lár bailte. Ní leor é sin as féin chun athrú iompraíochta a chinntiú. Ach úsáid a bhaint as an mbonn sonraí agus taighde nua, agus leas a bhaint as saineolas iomchuí, féadfaimid fiosrú a dhéanamh ar an tslí le hathrú iompraíochta a spreagadh in Éirinn le go mbreathnóidh níos mó daoine ar chónaí i lár bailte mar rogha dearfach d'éagsúlacht níos leithne saoránach.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 15** | **Eiseamláirí atá ann cheana féin agus samhlacha reatha a léiríonn cásanna rathúla de chónaí i lár bailte a chur chun cinn, agus fiosrú a dhéanamh ar an tslí le hathrú iompraíochta a spreagadh** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, DETE, Institiúidí Taighde |

# 7 CÁS-STAIDÉAR Cloich na Coillte

Is baile margaidh tipiciúil Éireann é Cloich na Coillte, a bhfuil meath tagtha ar a fheidhm fhoriomlán agus ar a chreatlach príomhshráideanna agus cearnóg, chomh maith le féiniúlacht thraidisiúnta an bhaile, leis na deicheanna de bhlianta anuas. Ní raibh daoine ag iarraidh cónaí sna bailedhreacha níos mó, bhí miondíol i lár an bhaile faoi bhagairt, nó bhí miondíol lasmuigh den bhaile tagtha ina áit, agus tharla tuilte móra roinnt uaireanta a raibh tionchar acu ar mhuinín ghnólachtaí i gcroílár an bhaile.

Mar fhreagairt air sin, ceapadh Máistirphlean Dearaidh Chloich na Coillte, soláthar ilchéimneach fhís fhadtéarmach i gcomhar leis na saoránaigh. Bunaíodh an iarracht chomhoibríoch sin agus próiseas rannpháirtíochta oscailte leis na pobail áitiúla ag céim luath den dearadh agus sainaithníodh céimeanna éagsúla foirgníochta chun foinsí cistithe a mhealladh:

**Céim I:** Cearnóg Asna agus Emmet Square (tugtha chun críche i mí na Bealtaine 2013);

**Céim II:** Músaem Theach Mhíchil Uí Choileáin agus an príomhshráid-dreach (osclaíodh i mí an Mheithimh 2016)

**Céim III:** Scéim Faoisimh Tuile Oifig na nOibreacha Poiblí (le tabhairt chun críche faoi dheireadh 2021)

Leis an tionscadal, cuireadh an pobal ar an eolas faoi luach oidhreachta a bhailehdhreach, lena n-áirítear a aghaidheanna siopaí traidisiúnta a chaomhnú agus gníomhaíochtaí sóisialta ar an tsráid a athbhunú. D'athrófaí príomh-chearnóg an bhaile ó lár baile tréigthe ina raibh ceannas ag carranna agus ag iompraíocht fhrithshóisialta go dtí mol a d'fhéadfadh tuilleadh gníomhaíochta soch-eacnamaíche, bualadh le chéile go sóisialta agus folláine a éascú.

Áiríodh i bPlean Forbartha Chloich na Coillte dianbheartas chun ailtireacht oidhreachta a chosaint, rud a bhí tábhachtach chun gnéithe amhail Emmet Square a chaomhnú, ar sampla uathúil í d'ailtireacht Sheoirseach i gcomhthéacs tuaithe in Éirinn.

Rinneadh athdhearadh ar an bpáirc láir in Emmet Square bunaithe ar phatrúin ghluaiseachta nua, lena n-áirítear i dtreo Mhúsaem Mhichíl Uí Choileáin. Baineadh amach spásanna páirceála carranna ar feadh na Príomhshráide chun 'páirceanna póca' a sholáthar, lena gcruthaítear spás chun scíth compordach a ligean ar feadh na príomhshráide. Roghnaíodh na láithreacha dóibh chun teacht le tréithe na hailtireachta stairiúla agus an uirbeachais atá ann cheana féin.






## Caibidil 6

# Plean um Lár Bailte ar dTús (LBT) a fhorbairt

**Tacófar le soláthar Lár Bailte ar dTús ar an leibhéal áitiúil, beag beann ar scála ná ar chatagóir an bhaile, trí bhíthin measúnú ar shuíomh reatha an bhaile agus trí bhíthin plean a fhorbairt ina ndéanfar soláthar d'fhís do threo an bhaile sa todhchaí – Plean LBT. Tugtar breac-chuntas thíos ar phríomh-thréithe an phróisis faoi stiúir plean sin agus an nasc atá aige le pleananna spásúlachta reachtúla.**

## 6.1 | Comhpháirteanna an Phlean

Tugtar ainmneacha éagsúla ar phleananna athbheochana bailte - máistirphleananna, pleananna físe, pleananna gníomhaíochta, creata nó straitéisí. Tabharfar Pleananna LBT orthu sa Bheartas seo agus díreoidh siad ar chomhfhorbairt áite. Éilíonn comhfhorbairt áite próiseas fairsing anailíse, comhoibriú agus coincheapú, sula ndéantar an próiseas dearaidh mionsonraithe.

Bunófar an anailís a thacóidh leis an bPlean ar Chlár Náisiúnta chomhtháite nua, Seiceáil Sláinte (bailiú sonraí), mar a dtagraítear dó i gCuid 4.4. Leis an bPlean LBT féin, tógfar ar thréithe dearfacha an bhaile, rachfar i ngleic leis na dúshláin atá roimhe agus tuairisceofar bealach cuimsitheach ar aghaidh chun an baile a athbheochan agus chun áit inmhianaithe le cónaí agus le hobair inti a aimsiú. Tabharfar breac-chuntas ar fhís chomhroinnte d'fhorbairt an láir bhaile agus an cheantair mháguaird sa Phlean LBT, beidh sé dírithe ar ghníomh agus sainaithneoidh sé na hidirghabhálacha sonracha a bheidh de dhíth chun cuspóirí an phlean a bhaint amach.

Féadfaidh réamh-dhearadh agus costais réamh-mheasta na n-idirghabhálacha a bhfuil tosaíocht le tabhairt dóibh faoin bPlean a bheith sa Phlean freisin, de réir mar is cuí. Forbrófar samhail dhea-chleachtais chun pleananna den sórt sin a fhorbairt mar chuid den Fhoireann Uirlisí LBT dá dtagraítear i gCuid 4.4.

Tá an cur chuige áitbhunaithe, faoi stiúir an phlean, a shamhlaítear leis an mBeartas seo solúbtha a dhóthain lena chur in oiriúint do bhailte ar mhéideanna agus de chineálacha éagsúla, a bhfuil tréithe agus suíomhanna éagsúla acu. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfaí aon Phlean LBT amháin a fhorbairt do ghrúpa bailte beaga i láthair chomhroinnte chun an fhorbairt orthu a bhreithniú in éineacht, ag tógáil ar a n-acmhainní agus ar a sineirgid comhchoiteanna seachas an fhorbairt orthu a bhreithniú ina n-aonar.

Beidh an Plean LBT lárnach mar fhaisnéis ag treo an Bhaile sa todhchaí agus do na hidirghabhálacha infheistíochta tosaíochta a dtacófar leo trí bhíthin na sruthanna cistithe éagsúla arna n-ailíniú leis an LBT.



I measc na bpleananna a bhfuil gnéithe den chur chuige a shamhlaítear leis an mbeartas seo tá:

**Mainistir na Búille 2040**

**Tionscadal Cheatharlach 2040: Fís don Athghiniúint**

**Tuaim 2040**

**Athbheochan agus Plean Gníomhaíochta Bhaile Thiobraid Árann**

**Kilmarnock Town Centre Strategy (Albain)**

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 16** | **Bailte a spreagadh agus cabhrú leo chun Plean LBT a fhorbairt a thiocfaidh le cur chuige an Chreata Náisiúnta Pleanála ar fhás dlúth uirbeach** | Foireann Bhaile le tacaíocht ón Oifigeach Athghiniúna Baile agus ó fhoireann ildisciplíneach san Údarás Áitiúil | LGMA, RTRÁO, An Roinn Iompair agus RFTP |

## 6.2 | Geilleagar an Bhaile

Bíonn geilleagar áitiúil láidir agus cruthú fostaíochta inbhuanaithe mar bhonn taca ag bailte rathúla. Féadfaidh tacú le gnólachtaí de gach méid, idir fhiontar dúchasach agus infheistíocht eachtrach, bheith ina chúis le hathghiniúint bailte, le margaí áitiúla do sholáthar earraí agus seirbhísí a láidriú agus leis an líon iomlán cuairteoirí agus gníomhaíochta i lár an bhaile a mhéadú. Féadfaidh na tionchair eacnamaíocha sin iarmhairtí a chruthú do ghnólachtaí eile, go háirithe sna hearnálacha miondíola, fáilteachais, seirbhísí gairmiúla agus fosholáthair den gheilleagar áitiúil. Ach raon deiseanna post a chur ar fáil i lár bailte, féadtar tacú le cláir chuimsithe sóisialta níos leithne agus cur le tarraingteacht lár bailte mar áiteanna le cónaí iontu.

Ba cheart go gcuirfí geilleagar bunaidh an bhaile i gceist san áireamh sa Phlean LBT agus go ndéanfaí anailís ar an tslí a bhféadfaí é a fhorbairt agus tacú leis trí bhíthin na mbeart um chur i bhfeidhm a cheaptar.

Féadtar an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP), gníomhaíochtaí na hOifige Fiontair Áitiúil (LEO) agus gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta eile cur le gnéithe eacnamaíocha agus fostaíochta an Phlean LBT. Is féidir tacaíochtaí rialtais áitiúla agus náisiúnta níos leithne do ghnólachtaí, amhail cúnamh deontais, meantóireacht, forbairt scileanna agus cothú nuálaíochta, a ghéarú trí bhíthin an phróisis LBT.

Mar shampla, tá ról tábhachtach le himirt ag moil fhiontair agus ag moil oibre nasctha maidir le spás oibre tábhachtach a sholáthar don fhostaíocht áitiúil agus daoine a thabhairt isteach sa bhaile chun críche oibre. Bíonn iarmhairtí ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta dá bharr. Trí bhíthin láithreáin athfhorbraíochta agus foirgnimh thearc-úsáidte a athfhorbairt chun críoch nua gnó i lár bailte, soláthraítear deiseanna don nuálaíocht agus d'fhás ar fhostaíocht, agus is féidir sin a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí stáit, oideachais agus eile chun an tionchar is mó is féidir ar an mbaile ina iomláine a bhaint amach.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 17** | **Tacú le cur i bhfeidhm thionscnaimh eacnamaíocha áitiúla agus náisiúnta sa Phlean LBT lena n-áirítear bearta cumasaithe agus comhoibrithe chun fostaíocht a ghiniúint** | Earnáil Rialtais Áitiúil, Oifig Náisiúnta LBT | Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Earnála |

## 6.3 | Próiseas Plean LBT

# Plean LBT

### Le faisnéis ó/Tugann faisnéis do

**Beartas náisiúnta & réigiúnach**

- An Creat Náisiúnta Pleanála
- Straitéisí Réigiúnacha Spásúlachta & Eacnamaíocha
- Treoirlínte s28 (agus Lámhleabhair tacaíochta dhea-chleachtais)
- Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha

**Beartas Áitiúil**

- Plean Forbartha
- Plean Ceantair Áitiúil
- Plean Neamh-Reachtúil

**Treoirlínte Dea-Chleachtais**

- Seiceáil Sláinte Náisiúnta LBT
- Foireann Uirlisí Náisiúnta LBT

**Cás-Staidéir agus Bailte Pathfinder**

Baile Átha Luain, Baile Brigín, Mainistir na Búille, Callainn, Ceapach Choinn, Baile an Chabháin, Cloich na Coillte, Inis, Cill Chainnigh, Baile Mhuineacháin, Ráth Mealtain, Sligeach

### Áirítear leis

**Anailís & Meastóireacht**

- Comhthéacs náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil
- Bailiú sonraí (e.g. Secieáll Sláinte) & iniúchadh
- Comhairliúchán/ceardlanna
- Deiseanna & dúshláin

**Cuspóirí**

- Ról
- Íomhá
- Beocht & Fuinneamh
- Fás
- Oidhreacht & Cultúr
- Inbhuanaitheacht
- Cuimsiú Sóisialta

**Straitgisí & Gníomhartha**

- Nascacht & inrochtaineacht
- Bainistiú Tráchta
- Ríocht Phoiblí (Stráideanna & Spásanna)
- Úsáid Mheasctha
- Roghanna Tithíochta
- Athrú & Oiriúnú Aeráide
- Claochlú Digiteach
- Sócmhainní Cultúir & Oidhreachta
- Athghiniúint/athchóiriú Stoc Foirgneamh
- Forbairt Inlíonta/Talamh Chúil

### Á ullmhú agus á chur i bhfeidhm ag

**Príomhphearsanra**

- Foireann Lár Baile
- Oifigigh Athnuachana Baile
- Foireann Ildisciplíneach an Údaráis Áitiúil
- Pobal Áitiúil
- Grúpaí Gnó

**Cumasaíonn**

- Sruthanna Cistithe
- Cás Gnó
- Infheistíocht phoiblí/ phríobháideach
- Pleananna/tionscadail mhionsonraithe
- Acmhainní Áitiúla

Cé go n-ullmhófar an próiseas chun an Plean a fhorbairt trí bhíthin an Fhoireann Uirlisí LBT a fhorbairt, is eol dúinn go ndíreofar an cur chuige ar:

- Comhoibriú agus cumarsáid – próiseas comhoibríoch le gach páirtí leasmhar áitiúil ábhartha agus cumarsáid mhaith i ndáil le saincheisteanna a ardófar agus an treo comhaontaithe;
- Tuiscint ar an áit – anailís agus meastóireacht agus an próiseas Seiceála Sláinte dá dtagraítear i gCuid 4.4 mar bhonn taca leo.
- Sainmhíniú ar an áit – an plean a cheapadh thart ar chuspóirí ardleibhéil a chuirfear in iúl ina dhiaidh sin trí bhíthin shraith gníomhartha.
- An áit a chumasú – bealach soiléir chun an Plean a sholáthar a shainaithint, á chur san áireamh go n-éileoidh sin gníomhartha ar scálaí éagsúla le bheith déanta ag comhpháirtithe difriúla.

Leagtar amach na céimeanna sin ar bhealach níos mionsonraithe in Aguisín 8.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 18 | **Modheolaíocht chomhleanúnach a chur ar fáil lena chur ar chumas gach baile Plean LBT a fhorbairt** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |

## 6.4 | LBT agus Pleananna Spásúlachta Reachtúla

Tá sé leabaithe sa chóras pleanála go ndéanfar fás agus forbairt ar ár mbailte ar bhealach struchtúrtha agus pleanáilte a thacóidh le hathghiniúint agus le forbairt nua inbhuanaithe. Is doiciméid bheartas reachtúil a rialaíonn beartas athghiniúna agus forbartha i mbailte iad pleananna forbartha[10] agus pleananna ceantair áitiúil[11] de chuid an Údaráis Áitiúil – sainaithníonn siad príomh-chumais bhonneagair, spriocanna maidir le fás tithíochta agus úsáidí talún criosaithe, sonraíonn siad cuspóirí forbartha áitiúla agus sainaithníonn siad ceantair inar ghá athghiniúint a dhéanamh. Tá beartas náisiúnta mar fhaisnéis ag na pleananna sin agus tugann sé an comhthéacs straitéiseach faoina ndéantar measúnú ar thograí forbartha ar leithligh ina dhiaidh sin.

Is tábhachtach go mbeadh idirghaol láidir idir ábhar Phlean LBT agus na pleananna reachtúla ábhartha. Féadfaidh an comhtháthú sin oibriú ar dhá bhealach, eadhon féadfaidh cuspóirí agus beartais na bpleananna an bonn beartais straitéisigh a spreagfaidh Plean Lár Bailte ar dTús a sholáthar. Nó féadfaidh an Plean LBT bheith mar fhaisnéis ag na beartais forbartha bailte a chuirfear in iúl i bpleananna reachtúla.

Tá an dá chur chuige ar ailíniú idir an Plean LBT agus pleananna reachtúla ríthábhachtach lena chinntiú go mbeidh tionscnaimh chomhlántacha agus straitéisí comhlántacha ann chun an baile i gceist a athghiniúint, fad a aithneofar go bhféadfaidh an Plean LBT díriú ar réimse sonrach agus/nó nithe a bhaineann níos mó le cur i bhfeidhm.

I gcásanna áirithe, beidh pleananna reachtúla faoi réir ag athbhreithniú agus tugann sin deis chun próisis chomhairliúchán agus ullmhúcháin a dhéanamh chun clár oibre agus cur chuige an LBT a léiriú go hiomlán. Féadfaidh pleananna den sórt sin beartais athghiniúna, úsáide talún agus forbartha a cheapadh chun tacú leis na gníomhartha LBT atá á n-ullmhú nó ar bun faoi láthair. Áirítear leis sin, go háirithe, cuspóirí éigeantacha riachtanacha le haghaidh na hathghiniúna a sholáthar, cuspóirí a d'fhéadfaí a bhunú ar anailís áitiúil arna déanamh mar chuid de phróiseas an Phlean LBT.

Tríd is tríd, le go n-éireoidh le LBT, ní mór é a chomhtháthú, nuair is cuí, leis an gcóras pleanála forbartha reachtúil, lena chinntiú go mbeadh na torthaí foriomlána a bhaineann le pleanáil ag tacú le Lár Bailte ar dTús agus nach gcruthódh siad cásanna forbartha malartacha a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de. Áirítear leis sin féachaint le héascú do thograí in áiteanna eile sa bhaile, nó sa cheantar Údarás Áitiúil, a bheadh ag teacht salach ar Lár Bailte ar dTús, a sheachaint.

10 Faoi ailt 9-13 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)
11 Faoi ailt 18-20 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)


| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 19 | **A chinntiú go mbeidh pleananna forbartha reachtúla ábhartha agus pleananna ceantair áitiúil mar fhaisnéis ag pleananna agus do thionscnaimh LBT chun pleananna LBT a chomhtháthú leis an gcóras pleanála reachtúla** | Earnáil Rialtais Áitiúil | RTRÁO, Oifigigh Athghiniúna Baile, An Roinn Iompair |
| Gníomh 20 | **A chinntiú go gcuimseofar sna Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha Contae a ullmhú, an gá le pleananna LBT a chur san áireamh nuair a bhíonn pleananna reachtúla á ndréachtú** | RTRÁO | Earnáil Rialtais Áitiúil, Oifigigh Athghiniúna Baile |

Beidh ar Údaráis Áitiúla a chinntiú freisin go mbeidh a bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna) ag teacht leis an mBeartas LBT agus iad ag leagan amach na gcuspóirí meántéarmacha don Údarás Áitiúil i dtéarmaí na forbartha eacnamaíche agus pobail. Ar an tslí chéanna, tá ceanglas ann maidir le Pleananna Iompair Áitiúil a fhorbairt chun tacú le soláthar an Chreata Náisiúnta Pleanála agus ní mór cúrsaí beartais LBT a chur san áireamh nuair a bheidh siad á n-ullmhú agus san inneachar iontu.



# 8 CÁS-STAIDÉAR
## Sráid Bhaile Átha Cliath, Baile Mhuineacháin, Contae Mhuineacháin

Tá cistiú CAFU (c.€13m) faighte ag Comhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh tionscadal cuimsitheach um athghiniúint uirbeach i gcroílár Bhaile Mhuineacháin. Is tionscadal faoi stiúir phlean é, 'Plean Athghiniúna Shráid Bhaile Átha Cliath' agus bhí bonn fianaise mar fhaisnéis aige, mar gheall go raibh sé ina chuid den chlár píolótach Seiceáil Sláinte Lár Baile de chuid na Comhairle Oidhreachta.




Tá scála uaillmhianach ag an tionscadal, agus cruthaíonn sé deis d'fhorbairt úsáide measctha ar shuíomh stairiúil i lár an bhaile, agus cinntíonn sé nascacht leis an tsráid-dhreach stairiúil atá ann cheana féin. Cuirfidh an togra béim láidir ar thalamh chúil thearc-úsáide agus déanfaidh sé spásanna poiblí, sráideanna, cosáin agus spásanna páirceála carranna a chruthú agus a uasghrádú. Cruthóidh sé naisc nua le sráideanna agus le spásanna nua a chuirfidh leis an struchtúr uirbeach agus le cáilíocht ríocht phoiblí Shráid Bhaile Átha Cliath.

Leis an tionscadal seo, cumasaítear raon cineálacha forbartha agus áirítear leis soláthar do spás urláir cónaithe, tráchtála agus miondíola i gcroílár an bhaile.



# 9 CÁS-STAIDÉAR
## Inis

Le Straitéis Eacnamaíoch agus Spásúlachta Inse 2040, féachtar le hInis a athghiniúint agus a athbheochan, agus chun todhchaí níos inbhuanaithe a chinntiú trí bhíthin fhás dlúth. Bhí ról lárnach ag comhairliúchán chun Straitéis Inse 2040 a chur le chéile, rud a chuir ar chumas an phlean riachtanais na bpobal, na ngnólachtaí agus na bpáirtithe leasmhara uile a léiriú.

Soláthraíodh an plean trí bhíthin Stiúrthóireacht Forbartha Eacnamaíche Chomhairle Contae an Chláir, a chuir struchtúir fhoirmiúla ar bun chun comhaltaí tofa, Comhlachas Tráchtála Inse, agus pobal agus gnólachtaí a chur san áireamh. Bhí iliomad buntáistí ag rannpháirtíocht fhairsing páirtithe leasmhara, lena n-áirítear:

- forbairt ar straitéis chuimsitheach spásúlachta agus eacnamaíche Inse 2040 a chinntiú
- treochtaí agus dúshláin a bhí ag teacht chun cinn a shainaithint go luath
- úinéireacht ar an Straitéis ag na grúpaí páirtithe leasmhara uile agus ag an bpobal níos leithne a éascú
- fís agus plean gníomhaíochta straitéiseach don bhaile a chruthú

Bunaíodh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA) Inse 2040 ina dhiaidh sin chun an straitéis a sholáthar agus leanfaidh sí ar aghaidh le linn chur i bhfeidhm na Straitéise. Beidh Inis 2040 ar bhonn reachtúil i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2023 – 29.

Chun tacú le Straitéis Inse 2040, tá Comhairle Contae an Chláir ag tabhairt faoi chlár athghiniúna ilchéime cuimsitheach do Lár Baile Inse faoi láthair, lena n-áirítear c.€7.5m i gciste CAFU a úsáid.






## Caibidil 7

# Maoiniú agus Tacaíochtaí Rialála

**Tacófar le soláthar na bPleananna LBT trí bhíthin infheistíochtaí comhordaithe agus ionstraimí cistithe fócasaithe agus idirghabhálacha rialála.**

**Tugtar breac-chuntas sa Phlean Forbartha Náisiúnta ar leibhéal infheistíochta gan fasach in ár mbailte.**

## 7.1 | Maoiniú do Bhailte

Leis an mBeartas LBT, cuideofar le sruthanna cistithe nua agus na sruthanna atá ann cheana féin a ailíniú go comhordaithe chun tacú le cur i bhfeidhm na bPleananna LBT ar an talamh. Áirítear leis sin cistí amhail:

- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach(CAFU)
- An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT)
- An Ciste Croí Cónaithe (Bailte) faoi Tithíocht do Chách
- Tacaíochtaí infheistíochta ón gclár CFRE do bhailte atá le teacht via Tionóil Réigiúnacha
- Ciste um Iompar Gníomhach
- Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Oiriúnú don athrú aeráide/iarfheistiú
- Tacaíochtaí Oidhreachta Tógtha amhail Tionscnamh na mBailte Stairiúla.

Is príomh-aidhm é sruthanna cistithe sonracha LBT a chinntiú laistigh de gach clár, a dhíreofar ar an mBeartas LBT a sholáthar agus pleananna LBT a chur I bhfeidhm go háitiúil.

Leis an infheistíocht mhór a dhéanfar faoi Thithíocht do Chách, cuirfear an beartas LBT san áireamh de réir mar a fhorbrófar tionscadail, go háirithe i gcás go bhféadfaidh lár bailte freastal ar riachtanais a thiocfaidh chun cinn do ghrúpaí áirithe, amhail daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, i dtéarmaí dearadh foirgneamh agus inrochtaineacht ar sheirbhísí.

## 7.2 | CAFU agus CAFT

Ciallaíonn scála agus nádúr CAFU agus CAFT gur chistí claochclaitheacha iad maidir leis an raon bonneagair a sholáthar atá de dhíth chun an beartas LBT a thabhairt chun críche. Tá tuairim is €1.277 billiún leithdháilte ar cheantair chathracha faoin CAFU go dtí seo, agus tá tuairim is €323m curtha ar fáil do bhailte. Ina theannta sin, tá tuairim is €249m curtha ar leataobh do bhailte faoin CAFT.

Tugtar breac-chuntas sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ar ailíniú na gcistí sin leis an LBT. Táthar le díriú ar chistiú breise thar roinnt snáithe ar leithligh a thugann aghaidh ar riachtanais chathracha agus bhailte, agus atá ailínithe leis an LBT. Cuirfear critéir shonracha san áireamh sa CAFU chun gníomhachtú maoine folmha a spreagadh, agus chun stoc a chur in úsáid tháirgiúil an athuair. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go n-oibreoidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le hÚdaráis Áitiúla lena chinntiú go mbeidh sraith tionscadal ann a bheidh le breithniú le haghaidh chistiú CAFU.

Tugtar gealltanas sa Phlean Forbartha Náisiúnta freisin maidir lena chinntiú go leanfaidh an CAFT de thacú le hinfheistíochtaí uaillmhianacha ar scála mór, lena soláthrófar na saoráidí agus an bonneagar is gá chun bailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan. Áirítear leis sin cistiú chun dul i ngleic le folúntas agus dearóil agus chun cónaí i lár bailte, cianobair agus forbairt fiontar a bhrú chun cinn. Beidh ról aige maidir le háiteanna tarraingteacha le cónaí agus obair iontu a dhéanamh de cheantair thuaithe agus soláthróidh sé forbairt réigiúnach chothromaithe. Ar an mbealach sin, beidh an Ciste lárnach chun cuspóirí an bheartais um Lár Bailte ar dTús a bhaint amach.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 21** | **Cistiú LBT spriocdhírithe a sholáthar trí bhíthin chláir infheistíochta an Rialtais amhail CAFU agus CAFT** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, Soláthraithe Cistiúcháin, RFTP agus RTRÁO |

## 7.3 | Tacaíochtaí Rialála

Mar a léiríodh i dTithíocht do Chách, tá sé beartaithe ag an Rialtas na díolúintí pleanála a bhfuil feidhm acu faoi láthair maidir le háitribh thráchtála a athchóiriú, a shíneadh go dtí forbairtí cónaithe. Tá na rialacháin sin le dul in éag i mí Feabhra 2022, agus cuirfear rialacháin nua faoi bhráid an Oireachtais go luath in 2022 mar sin, chun an síneadh sin a éascú. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na rialacháin reatha faoi láthair, chun cur san áireamh aicmí áirithe tithe tábhairne sa díolúine a éascú, i gcás nach bhfuil áitribh den sórt sin ceadúnaithe mar thithe tábhairne a thuilleadh, agus gur chuid de shráid-dreach an bhaile nó an tsráidbhaile iad agus i gcás go bhféadfaí iad a athchóiriú le haghaidh úsáide cónaithe go héasca.

Cé gur féidir díolúintí pleanála a cheadú i dtosca den sórt sin, is tábhachtach go gcomhlíontar na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta iomchuí a bhaineann leis an bhfoirgneamh agus le rialacháin dóiteáin. Is eol don Roinn an gá le treoraíocht sa réimse sin agus tá sí tiomanta (Gníomh 20.2 de Thithíocht do Chách) treoraíocht a bhaineann le déanmhais chosanta a fhorbairt chun úsáid eile a bhaint as maoin den sórt sin agus/nó iad a athchóiriú i gcomhair cóiríocht chónaithe a spreagadh.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 22 | **Na rialacháin phleanála a thugann díolúine do mhaoin tráchtála fholamh áirithe ó chead pleanála a bheith de dhíth orthu i gcomhair athrú úsáide chun críche cónaithe, a uasdátú, chun síneadh go dtí 2025 a chur ar an sprioc agus chun aicmí áirithe tithe tábhairne a áireamh** | RTRÁO | Oifig Náisiúnta LBT, agus GNMC |
| Gníomh 23 | **Treoraíocht a bhaineann le déanmhais chosanta a fhorbairt chun úsáid eile a bhaint as maoin den sórt sin agus/nó iad a athchóiriú i gcomhair cóiríocht chónaithe a spreagadh** | RTRÁO | Oifig Náisiúnta LBT, agus GNMC |

## 7.4 | Bailte Luathchéime agus Pathfinder

Chun tosú amach le forbairt láidir ar an mBeartas LBT, sainaithneofar roinnt bailte le feidhmiú mar thaispeántóirí tosaíochta luatha ar an gcur chuige – Bailte Pathfinder. Áireofar leo rogha bailte a bheidh go maith chun tosaigh sa phróiseas LBT i.e. an chéim bailithe sonraí agus anailíse tugtha chun críche agus/nó Pleananna den chineál LBT forbartha agus/nó Foirne Baile ar bun cheana féin. Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag na bailte sin ar an airgeadas is gá trí bhíthin na sruthanna cistithe a bheidh ar fáil. Beidh comhoibriú luathchéime idir an lucht cistiúcháin agus na gníomhaireachtaí uile de dhíth faoin gcur chuige sin.

Tá éagsúlacht mhór sa chumas atá ag bailte comhoibriú, pleananna a fhorbairt agus rochtain a fháil ar chistiú. Is cuspóir lárnach den LBT é cuidiú leis na bailte sin a bhfuil cumas níos ísle léirithe acu, go traidisiúnta, maidir lena bhforbairt féin a mhúnlú. Cuideoidh na Bailte Pathfinder le bonn faisnéise a chur ar fáil dár gcur chuige ar thacú leis na bailte eile sin atá ag céimeanna luatha sa phróiseas LBT agus go háirithe na bailte sin a bhfuil cumas níos ísle léirithe acu, go stairiúil, maidir le leas a bhaint as deiseanna infheistíochta. Trí bhíthin na ceachtanna a fhoghlaimeofar ó na Bailte Pathfinder a úsáid, díreofar ar roinnt bailte luathchéime a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chun tosú ar an aistear LBT agus tabharfar tosaíocht dóibh ó thaobh cistithe. Beidh na hOifigigh Athghiniúna Baile fíor-riachtanach chun tacú le bailte den sórt sin.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 24** | **Roinnt bailte a shainaithint le feidhmiú mar thaispeántóirí tosaíochta luatha ar an bpróiseas LBT– Bailte Pathfinder** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RFTP agus RTRÁO |
| **Gníomh 25** | **Bailte ina dteastaíonn níos mó forbartha cumais agus tacaíochta ó pháirtithe leasmhara chun tabhairt faoi chur chuige LBT a shainaithint agus tacú leo** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RFTP agus RTRÁO |

## 7.5 | An Ciste Croí Cónaithe

Soláthraítear bealach nua chuig córas tithíochta inbhuanaithe i dTithíocht do Chách trí bhíthin an tslí a mbeartaímid dul i ngleic leis na dúshláin ghearrthéarmacha, mheántéarmacha agus fhadtéarmacha amach romhainn a leagan amach go soiléir. Tá d'aidhm fhoriomlán ag ár bplean tithíochta nua d'Éirinn go mbeadh rochtain ag gach duine sa Stát ar theach cónaithe lena cheannach nó lena fháil ar cíos ar phraghas inacmhainne, teach cónaithe a bheadh tógtha chuig ardchaighdeán agus san áit cheart, agus a thairgfeadh ardchaighdeán beatha.

Tá sé beartaithe leis an gciste nua Croí Cónaithe, a leagtar amach i dTithíocht do Chách, a chinntiú go soláthrófar roghanna breise do cheannaitheoirí tithe cónaithe i limistéir uirbeacha agus i lár bailte, ag teacht le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála. Déanfar sin trí bhíthin na roghanna um úinéireacht tithe cónaithe a mhéadú agus dul i ngleic leis na dúshláin i mbailte nach bhfuil aon láithreáin inmharthana ar fáil iontu chun tithe cónaithe nua a thógáil.

Maidir leis sin, tá poitéinseal mór ann d'Údaráis Áitiúla:

- Tacú le húinéireacht tithe cónaithe sna ceantair sin trí bhíthin láithreáin sheirbhísithe a sholáthar
- Tacaíocht a sholáthar chun maoine folmha a athchóiriú, áit a bhfuil ardleibhéal folúntais nó dearóile ann.

Cuirfear tús le clár píolótach mar chuid de chiste Croí Cónaithe (Bailte), chun éascaíocht a dhéanamh do chur ar fáil tuairim is 2,000 láithreán i gcomhair tithe cónaithe faoi 2025, ag brath ar éileamh, agus chun cistiú tacaíochta a dhearadh chun maoine folmha a athchóiriú. Déanfar athbhreithniú ar an gclár ag an bpointe sin. Tá bonn oibríochtúil don chiste sin á fhorbairt ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in éineacht le príomh-chomhpháirtithe, ciste a oibreoidh i gcomhar le cistí gaolmhara eile amhail an Ciste um Thithíocht Incheannaithe agus a bheidh ag croílár an Bheartais um Lár Bailte ar dTús.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 26** | **Mar chuid de chlár píolótach atá le tosú faoin gciste Croí Cónaithe (Bailte), déanfaidh LBT cur chuige comhtháite ar chlár um Láithreáin Sheirbhísithe do Bhailte a chur chun cinn, chomh maith le tacaíochtaí athúsáide oiriúnaitheacha lena soláthar trí bhíthin Údaráis Áitiúla chun rogha níos fearr tithíochta a chur ar fáil agus cónaí i lár bailte a spreagadh** | RTRÁO | Earnáil Rialtais Áitiúil |

# 10 CÁS-STAIDÉAR
## Athbheochan Bhaile Bhaile Bhrigín

Tá straitéis athghiniúna, chuimsitheach, faoi stiúir plean, ag Baile Brigín i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, dar teideal *'Plean Athbheochana ár mBaile Brigín 2019 – 2025'.*

Tá d'aidhm ag an bplean athbheochana leas a bhaint as buntáistí eacnamaíocha agus fisiceacha an bhaile, ar cuid mhór díobh iad 'ceiliúradh an uisce', conair abhann an bhaile, a shuíomh cósta agus na gnéithe ailtireachta agus cuain faoi leith atá ann.

Tá roinnt gnéithe sa tionscadal, lena n-áirítear athfhorbairt agus athchóiriú foirgneamh, aonaid chónaithe agus thráchtála nua a chruthú sna foirgnimh athchóirithe agus úsáidí nua gar don stáisiún, sa chuan agus sa tarbhealach, a chumasú agus a spreagadh. Beartaítear clár cuimsitheach feabhsúchán ar an ríocht phoiblí gar do lár an bhaile freisin, chun saoráidí áineasa sábháilte a chruthú ar feadh líne an chladaigh.

Déanfar cruthú spáis taitneamhachta thar a bheith inrochtana sa ríocht phoiblí a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar an gcuan, chun infheictheacht a fheabhsú agus chun timpeallacht bhríomhar a chruthú ar imeall an uisce.

Soláthrófar bonneagar inbhuanaithe lena gcuirfear siúl agus rothaíocht chun cinn trí bhíthin mhéadú suntasach ar na bealaí siúil agus ar na rotharbhealaí a nascann le lár an bhaile agus a nascann le cinn scríbe fóillíochta amhail Caisleán Bhrí Mhór agus Caisleán Ardgillan, an trá agus an cuan.

Tá cistiú €25m faighte ag seacht dtionscadal ó CAFU chun fís an phlean athbheochana a bhaint amach.

Tá na tionscadail athbheochana níos leithne comhlánaithe ag infheistíocht sa Bhaile le déanaí; osclaíodh dhá chlós súgartha agus páirc scátála, rinneadh athchóiriú fairsing ar Leabharlann Bhaile Brigín, agus baineadh úsáid nua as aghaidh siopa folaimh, mar 'Mol ár mBaile Brigín', rud a léiríonn *'nasc seasta idir an plean agus muintir Bhaile Brigín'.*






# 11 CÁS-STAIDÉAR Baile Shligigh

Ghlac Sligeach le Scéim um Cheantar Feabhsúcháin Gnó (CFG) in 2016, an chéad eintiteas atá lonnaithe ar chósta thiar na hÉireann a rinne amhlaidh. Bunaíodh an eagraíocht de 758 ngnó trasearnála i ndiaidh dhá bhliain taighde a dhéanamh ar lár an bhaile laistigh de shamhlacha cleachtóirí Bainistithe Áite. Ó 2016 i leith, tá os cionn €1.25 milliún ranníoctha ag na comhaltaí gnó le tionscadail agus le tionscnaimh a raibh tionchar dearfach acu ar an gcrios CFG. Tá níos mó ná €100,000 infheistithe ag CFG Shligigh i Soilse Nollag agus os cionn €110,000 in urraíocht do Chomórtas na mBailte Slachtmhara, Sligeach. Bronnadh Bratach Chorcra ar Shligeach gach bliain ó 2015 (Is gradam creidiúnaithe idirnáisiúnta í an Bhratach Chorcra a bhronntar ar chathracha agus ar bhailte a chomhlíonann sárchaighdeán feabhais ó thaobh bhainistiú an gheilleagair tráthnóna agus oíche).

Bhí Sligeach ina rannpháirtí sa chlár Seiceáil Sláinte Lár Baile Comhoibríoch de chuid na Comhairle Oidhreachta (SSLBC). I mí Dheireadh Fómhair 2020, sheol an tAire Noonan torthaí thuarascáil SSLBC Shligigh, ina raibh suirbhé ar úsáid talún a thug mionsonraí faoi áitíocht agus folúntas i gcroílár lar bhaile Shligigh. Beidh oibriú leis an Údarás Áitiúil agus le húinéirí foirgneamh ar na saincheisteanna a sainaithníodh trí bhíthin na seiceála sláinte ina thionscadal tosaíochta ag CFG Shligigh in 2022.

I mí Feabhra 2021, reáchtáil CFG Shligigh a dhara pobalbhreith, agus chaith na gnólachtaí a bhí rannpháirteach vótaí i bhfabhar (80%) leanúint den CFG ar feadh téarma cúig bliana eile (2021 go 2025). Is é príomh-sprioc CFG Shligigh feabhas a chur ar rathúnas an Cheantair Feabhsúcháin Gnó, agus cur le folláine an phobail, agus Geilleagar Lár Baile inmharthana agus inbhuanaithe a chruthú dá bharr sin. Is gá do lár baile Shligigh a bheith tarraingteach do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon agus tuigeann CFG Shligigh go rímhaith gur ghá coinneáil ar an eolas faoin taighde atá agus a bheidh á dhéanamh lena dtabharfar mionsonraí ar na hathruithe a thagann ar seintimint custaiméirí.






## Caibidil 8

# Cur i bhFeidhm Náisiúnta

**Beidh struchtúr rialála tiomnaithe ar Leibhéal Náisiúnta san áireamh sa Bheartas LBT, chun cur i bhfeidhm a bhrú chun cinn agus a bhainistiú agus chun acmhainní a chur ar fáil dó.**

## 8.1 Struchtúir um Chur i bhFeidhm Náisiúnta

Is tábhachtach tacaíocht ó Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí chun cur chuige uile-Rialtais a sholáthar. Bunófar Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Comhairleach (GNMC) chun an próiseas soláthair a stiúradh agus monatóireacht a dhéanamh air, agus chun fóram comhroinnte a chur ar fáil don Rialtas agus do pháirtithe leasmhara náisiúnta.

Féadfaidh Ranna Rialtais, an earnáil Rialtais Áitiúil, gníomhaireachtaí ar lárnach iad chun tacú le bailte, saineolaithe eile, agus ionadaithe earnála, gnó agus pobail, de réir mar is cuí, a bheith sa Ghrúpa. Tabharfaidh an Oifig Náisiúnta LBT nuashonrú leanúnach don GNMC agus beidh sí faoina stiúir.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 27 | **Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Comhairleach (GNMC) a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair agus chur i bhfeidhm agus chun fóram comhroinnte a chur ar fáil i gcomhair rannpháirtíocht ar fud an Rialtais** | RTRÁO agus RFTP | Oifig Náisiúnta LBT, Earnáil Rialtais Áitiúil, Comhlachtaí Stáit, Ranna Rialtais, Comhlachtaí Saineolaithe |

## 8.2 An Ghné Réigiúnach

Sa chéad bhabhta eile de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) 2021-2027 in Éirinn, ní mór thart ar 8% den soláthar iomlán a thiomnú do cheantair uirbeacha. I gcomhréir le Cuspóir 19.4 de Thithíocht do Chách, beartaítear béim faoi leith a chur ar dhul i ngleic le folúntas agus dearóil i mbailte, chun tacú leis an gcur chuige um Lár Bailte ar dTús. Tá Tionóil Réigiúnacha, mar Údaráis Bhainistíochta CFRE, i suíomh maith chun cur le cuspóirí an bheartais um Lár Bailte ar dTús, caidreamh a dhéanamh leis an Oifig náisiúnta LBT, agus tacú le soláthar ar an talamh trí bhíthin chistiú CFRE.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 28 | **Tacóidh Tionóil Réigiúnacha le hÚdaráis Áitiúla chun cuspóirí an Bheartais um Lár Bailte ar dTús a sholáthar trí bhíthin thograí chun cistiú CFRE a úsáid d'fhorbairt uirbeach** | Tionóil Réigiúnacha | LGMA, RTRÁO, RCPA, Earnáil Rialtais Áitiúil |

## 8.3 Monatóireacht agus Cur i bhFeidhm

Bainfear úsáid as an bPlean Bliantúil maidir le Cur i bhFeidhm, agus as Tuarascálacha rialta ar an Dul Chun Cinn, chun obair Oifig Náisiúnta LBT a threorú ar leibhéal náisiúnta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais. An Oifig Náisiúnta LBT a cheapfaidh an Plean Bliantúil maidir le Cur i bhFeidhm agus an Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Comhairleach a dhéanfaidh é a chomhaontú agus a dhéanfaidh Monatóireacht air. Tuairisceoidh an Oifig Náisiúnta LBT don GNMC faoi sholáthar an Phlean maidir le Cur i bhFeidhm. Ba cheart Príomhtháscairí Feidhmíochta a bheith mar bhonn taca don Phlean chun cuidiú le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Tabharfaidh an próiseas sin deis don GNMC ní hamháin monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar, ach oiriúnuithe ar na gníomhartha a leagtar amach sa Bheartas seo agus breisithe leo i rith a chur i bhfeidhm a bhreithniú freisin.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 29 | **Plean Bliantúil maidir le Cur i bhFeidhm a cheapadh chun soláthar a threorú ar leibhéal náisiúnta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar trí bhíthin Tuarascálacha rialta ar an Dul Chun Cinn** | Oifig Náisiúnta LBT | GNMC, Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |

Cuirfidh an Oifig Náisiúnta LBT nuashonruithe ar sholáthar an Phlean maidir le Cur i bhFeidhm ar fáil don Choiste Comh-Aireachta um Thithíocht. Beidh éifeachtacht an bheartais um Lár Bailte ar dTús faoi réir ag athbhreithniú gach trí bliana chun a ailíniú leanúnach le beartas níos leithne an Rialtais agus a freagrúlacht do dhúshláin agus deiseanna a thagann chun cinn a chinntiú.

Cuid thábhachtach de na hathbhreithnithe sin a bheidh sna Príomhtháscairí Feidhmíochta agus sa tuairisciú chuig GNMC agus chuig an gCoiste Comh-Aireachta um Thithíocht.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 30 | **Nuashonruithe Bliantúla ar an Dul Chun Cinn ar an bPlean maidir le Cur i bhFeidhm a sholáthar do Coiste Comh-Aireachta um Thithíocht** | Oifig Náisiúnta LBT | GNMC, Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |
| Gníomh 31 | **Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chuir Chuige seo ar an mBeartas um Lár Bailte ar dTús gach trí bliana** | Oifig Náisiúnta LBT | GNMC, Earnáil Rialtais Áitiúil, Ranna Rialtais |

## 8.4 | Fócas Tras-Rialtais

Tá cur chuige uile-Rialtais de dhíth, le go n-éireoidh lenár mbailte amach anseo. Tabharfaimid isteach na huirlisí chun tionchar a imirt ar chinntí infheistíochta ag Ranna Rialtais agus ag Gníomhaireachtaí a bhaineann le taitneamhachtaí amhail scoileanna agus coláistí, ionaid sláinte, cúirteanna, saoráidí spóirt, taitneamhachtaí cultúir nó moil oibre nasctha. D'fhéadfadh na huirlisí deis a chur ar fáil chun an tionchar ar an lár baile a bheith ina ghné níos tábhachtaí de na cinntí infheistíochta sin; ní mór an costas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistiú i lár baile a thomhas in aghaidh chostas dearóile baile, an tionchair chomhshaoil, na soghluaisteachta inbhuanaithe agus bheocht sa todhchaí.

Beidh taighde mar bhonn taca ag an ngníomh seo mar fhaisnéis don bhreithniú ar an gcostas eacnamaíoch in aghaidh na mbuntáistí eile chun leas an phobail a thiocfadh as lonnú i lár bailte inrochtana agus as úsáid a bhaint as foirgnimh agus seirbhísí atá ann cheana féin (féach Gníomh 13). Ní mór cinntí móra infheistíochta eile i ndáil le bonneagar fisiceach agus eacnamaíoch (amhail cumhacht, seirbhísí uisce, seirbhísí iompair), a mbíonn tionchar acu ag inmharthanacht Lár Bailte go minic, ní mór iad sin a bhreithniú freisin agus na huirlisí sin á bhforbairt.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 32 | **Uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta ag Ranna Rialtais agus ag a ngníomhaireachtaí ar Lár Bailte faoi pharaiméadair eacnamaíocha, shóisialta, chultúir agus inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm** | RTRÁO, RFTP agus RCPA | Earnáil Rialtais Áitiúil, Oifig Náisiúnta LBT, Ranna Rialtais |

Tá raon beartas agus tionscnamh tras-Rialtais eile a bhfuil tionchar acu ar ár mbailte.

Is shaincheist ríthábhachtach do Fáilte Éireann iad ár lár bailte agus is gné lárnach iad d'eispéireas aon chuairteora ón tír seo nó ó thar lear. Tacóidh an Beartas LBT leis an infheistíocht áitiúil a ailíniú le tosaíochtaí a dhíríonn ar thurasóireacht sa bhaile/réigiún, bunaithe ar phrionsabail na comhfhorbartha áite ardcháilíochta.

Is cuid lárnach den mhéid a thairgeann go leor bailte é an geilleagar oíche. Tugadh ar aird, agus Tuarascáil Thascfhórsa an Gheilleagair Oíche á cur i bhfeidhm, go bhfuil sineirgid ann leis an mbeartas um Lár Bailte ar dTús, agus gur ghá soláthar comhroinnte i réimsí faoi leith.

Faoi Chlár Athshamhlaithe de chuid Fhoras Ailtireachta na hÉireann, le tacaíocht ó Éire Ildánach, cuirtear réitigh uathúla, nuálacha ar fáil chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann go sonrach le háiteanna.

Faoin gClár Athshamhlaithe, éascaítear do phobail ar fud na hÉireann réitigh ar na dúshláin nó ar na fadhbanna a shainaithin siad ina gceantar a chomhchruthú agus a chomhcheapadh. Tá tionchar ag an gClár Éire Ildánach ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha inár mbailte agus tá impleachtaí móra aige d'fholláine daoine aonair agus d'fholláine na sochaí.

Is saincheist thábhachtach i bhforbairt ár mbailte freisin é leibhéil ghníomhaíochta coirp níos airde a chumasú trí bhíthin bhonneagar an bhaile. Féachfaidh an LBT le hailíniú le cláir faoin bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp (PNGC) agus faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027.

Níl ansin ach cuid de bheartais agus de thionscnaimh an rialtais a bhfuil tionchar acu ar athbheochan ár lár bailte. Fiosróimid an tslí le bheith páirteach go comhoibríoch sna tionscnaimh eile chun comhtháthú feabhsaithe, saindírithe leis an mBeartas LBT a sholáthar.

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 33 | **Fiosrú a dhéanamh ar chuir chuige ar chomhoibriú le cláir agus le tionscnaimh tras-rialtais nasctha** | Oifig Náisiúnta LBT, RTRÁO agus RFTP | Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Earnála |



# Aguisín 1

## Achoimre ar Ghníomhartha LBT agus ar ghníomhartha tacúla in Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann agus Tithíocht do Chách

### Lár Bailte ar dTús

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 1** | **Tacú le Foirne Baile a bhunú (i gcás nach ann dá gcomhionann) agus a oibriú** | Oifigeach Athghiniúna Baile | Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |
| **Gníomh 2** | **Clár forbartha scileanna a fhorbairt chun inniúlacht agus cumas Fhoirne Baile a mhéadú** | Oifigeach Athghiniúna Baile agus an Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Forbartha Áitiúla, RFTP agus RTRÁO |
| **Gníomh 3** | **Oifigigh Athghiniúna Baile, le tacaíocht ó fhoirne ildisciplíneacha, a sholáthar i ngach ceantar Údarás Áitiúil, chun cur i bhfeidhm LBT a bhrú chun cinn** | Earnáil Rialtais Áitiúil | Oifig Náisiúnta LBT, RFTP agus RTRÁO |
| **Gníomh 4** | **Oifig Náisiúnta LBT thiomnaithe a bhunú chun cuidiú le soláthar beartais agus le cur i bhfeidhm ghníomhartha LBT, agus chun rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara a chomhordú ar leibhéal náisiúnta** | LGMA | RFTP agus RTRÁO |
| **Gníomh 5** | **Líonra LBT Náisiúnta a bhunú agus tacú leis chun leanúnachas agus dea-chleachtas a chinntiú agus an beartas LBT á rolladh amach** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 6 | **Foireann Uirlisí náisiúnta nua a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais LBT trí bhíthin raon samplaí dea-chleachtais a sholáthar, chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil chun cur i bhfeidhm a threorú. Áireofar leis an bhFoireann Uirlisí:**<br>(vi) *Tairseach Ghréasáin LBT chun deais lárnach, inrochtana a sholáthar chun an Creat LBT a nascleanúint, lena n-áirítear an Fhoireann Uirlisí Náisiúnta, Beartais Náisiúnta, tacaíochtaí Earnála, cistiú atá ar fáil agus uirlisí cumasaithe sonracha go náisiúnta;*<br>(vii) *Snáithe sonracha a dhíríonn ar phríomh-fhachtóirí amhail forbairt uirbeach, cuspóir eacnamaíoch, feidhm shóisialta, digitiú, soghluaisteacht inbhuanaithe , rannpháirtíocht an phobail agus gníomhú ar son na haeráide;*<br>(viii) *Samhail Seiceála Sláinte náisiúnta, chomhtháite agus uas-scálaithe a úsáideann an próiseas atá ann cheana féin trí bhíthin chur chuige Seiceáil Sláinte Lár Baile Comhoibríoch de chuid na Comhairle Oidhreachta agus a chruthaíonn bunachar sonraí náisiúnta ar ár mbailte;*<br>(ix) *Samhail dea-chleachtais chun Pleananna LBT a fhorbairt, a mbeifear in ann iad a chur in oiriúint do shaintréithe na mbailte ar fad agus a bheidh mar bhonn faisnéise do chinntí infheistíochta sa todhchaí;*<br>(x) *Samplaí éagsúla (Bailte Pathfinder/ Cás-Staidéir) de lár bailte rathúla, bríomhara agus athbheoite* | Oifig Náisiúnta LBT | Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Institiúidí Acadúla, Comhlachtaí Earnála, Cleachtóirí |
| Gníomh 7 | **Cleachtais eiseamláireacha/ oibríochtúla LBT a fhorbairt agus a chomhroinnt trí bhíthin scéim um Ghradaim Náisiúnta LBT agus imeachtaí a sholáthraíonn deiseanna líonraithe ar leibhéal náisiúnta a óstáil** | Oifig Náisiúnta LBT | RFTP, RTRÁO, Earnáil Rialtais Áitiúil |

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 8** | **Tacú le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le Foirne Tithíochta Údarás Áitiúil chun cóiríocht oiriúnach a fhorbairt i lár bailte do dhaoine a bhfuil riachtanais shonracha acu, lena n-áirítear seanóirí, daoine faoi mhíchumas agus líonta tí beaga.**<br>**Cuirfidh an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíochtaí agus cóiríocht atá oiriúnach do Thús Áite don Tithíocht ar fáil freisin, mar chuid den Chlár Tithíochta Sóisialta** | Gníomhaireacht Tithíochta | Earnáil Rialtais Áitiúil, CTCanna, RTRÁO |
| **Gníomh 9** | **Tacóidh an GFT le cuspóirí an bheartais um Lár Bailte ar dTús sna forbairtí a bhfuil baint acu leo i mbailte ina bhfuil daonra os cionn 10,000 duine** | An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún | RTRÁO |
| **Gníomh 10** | **Sonraí atá ann cheana féin agus sonraí a thiocfaidh chun cinn faoi bhailte a mhapáil chun bonn fianaise leanúnach a chruthú** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, institiúidí acadúla, POS, Comhlachtaí Stáit |
| **Gníomh 11** | **Ardán tiomnaithe do bhonn fianaise agus taighde leanúnach um LBT a bhunú a fhéadfaidh bailte é a chomhroinnt ar leibhéal náisiúnta** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, Institiúidí Acadúla, Comhlachtaí Stáit |
| **Gníomh 12** | **Riachtanais chomhaontaithe chun sonraí a thomhas a shainaithint, i ndáil le torthaí sóisialta agus eacnamaíocha, scileanna digitithe agus gníomhú ar son na haeráide** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, Institiúidí Acadúla, Comhlachtaí Stáit |
| **Gníomh 13** | **Taighde a choimisiúnú le bheith mar bhonn faisnéise don mheasúnú ar na costais, buntáistí agus torthaí sóisialta a bhaineann le hinfheistíocht i lár bailte, agus a sholáthróidh bonn faisnéise níos fearr d'idirghabhálacha um beartas poiblí a bhfuil tionchar acu ar chinntí infheistíochta in ár mbailte agus a mhúnlaíonn iad** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, Institiúidí Acadúla |
| **Gníomh 14** | **Modheolaíocht iomchuí um thionchar ar lár bailte a fhorbairt agus a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na forbartha agus na hinfheistíochta ar lár bailte, lena cur i bhfeidhm sa chóras pleanála reachtúil agus sa chód caiteachais phoiblí** | RTRÁO | RCPA, Earnáil Rialtais Áitiúil, RFTP, Oifig Náisiúnta LBT |

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 15** | **Eiseamláirí atá ann cheana féin agus samhlacha reatha a léiríonn cásanna rathúla de chónaí i lár bailte a chur chun cinn, agus fiosrú a dhéanamh ar an tslí le hathrú iompraíochta a spreagadh** | Oifig Náisiúnta LBT | RTRÁO, RFTP, DETE, Institiúidí Taighde |
| **Gníomh 16** | **Bailte a spreagadh agus cabhrú leo chun Plean LBT a fhorbairt a thiocfaidh le cur chuige an Chreata Náisiúnta Pleanála ar fhás dlúth uirbeach** | Foireann Bhaile le tacaíocht ón Oifigeach Athghiniúna Baile agus ó fhoireann ildisciplíneach san Údarás Áitiúil | LGMA, RTRÁO, An Roinn Iompair agus RFTP |
| **Gníomh 17** | **Tacú le cur i bhfeidhm thionscnaimh eacnamaíocha áitiúla agus náisiúnta sa Phlean LBT lena n-áirítear bearta cumasaithe agus comhoibrithe chun fostaíocht a ghiniúint** | Earnáil Rialtais Áitiúil, Oifig Náisiúnta LBT | Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Earnála |
| **Gníomh 18** | **Modheolaíocht chomhleanúnach a chur ar fáil lena chur ar chumas gach baile Plean LBT a fhorbairt** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |
| **Gníomh 19** | **A chinntiú go mbeidh pleananna forbartha reachtúla ábhartha agus pleananna ceantair áitiúil mar fhaisnéis ag pleananna agus do thionscnaimh LBT chun pleananna LBT a chomhtháthú leis an gcóras pleanála reachtúla** | Earnáil Rialtais Áitiúil | RTRÁO, Oifigigh Athghiniúna Baile, An Roinn Iompair |
| **Gníomh 20** | **A chinntiú go gcuimseofar sna Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha Contae a ullmhú, an gá le pleananna LBT a chur san áireamh nuair a bhíonn pleananna reachtúla á ndréachtú** | RTRÁO | Earnáil Rialtais Áitiúil, Oifigigh Athghiniúna Baile |
| **Gníomh 21** | **Cistiú LBT spriocdhírithe a sholáthar trí bhíthin chláir infheistíochta an Rialtais amhail CAFU agus CAFT** | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, Soláthraithe Cistiúcháin, RFTP agus RTRÁO |
| **Gníomh 22** | **Na rialacháin phleanála a thugann díolúine do mhaoin tráchtála fholamh áirithe ó chead pleanála a bheith de dhíth orthu i gcomhair athrú úsáide chun críche cónaithe, a uasdátú, chun síneadh go dtí 2025 a chur ar an sprioc agus chun aicmí áirithe tithe tábhairne a áireamh** | RTRÁO | |

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| Gníomh 23 | Treoraíocht a bhaineann le déanmhais chosanta a fhorbairt chun úsáid eile a bhaint as maoin den sórt sin agus/nó iad a athchóiriú i gcomhair cóiríocht chónaithe a spreagadh | DHGLH | |
| Gníomh 24 | Roinnt bailte a shainaithint le feidhmiú mar thaispeántóirí tosaíochta luatha ar an bpróiseas LBT– Bailte Pathfinder | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RFTP agus RTRÁO |
| Gníomh 25 | Bailte ina dteastaíonn níos mó forbartha cumais agus tacaíochta ó pháirtithe leasmhara chun tabhairt faoi chur chuige LBT a shainaithint agus tacú leo | Oifig Náisiúnta LBT | Earnáil Rialtais Áitiúil, RFTP agus RTRÁO |
| Gníomh 26 | Mar chuid de chlár Pathfinder atá le tosú faoin gciste Croí Cónaithe (Bailte), déanfaidh LBT cur chuige comhtháite ar chlár um Láithreáin Sheirbhísithe do Bhailte a chur chun cinn, chomh maith le tacaíochtaí athúsáide oiriúnaitheacha lena soláthar trí bhíthin Údaráis Áitiúla chun rogha níos fearr tithíochta a chur ar fáil agus cónaí i lár bailte a spreagadh | RTRÁO | Údaráis Áitiúla |
| Gníomh 27 | Grúpa Náisiúnta Maoirseachta agus Comhairleach (GNMC) a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair agus chur i bhfeidhm agus chun fóram comhroinnte a chur ar fáil i gcomhair rannpháirtíocht ar fud an Rialtais | RTRÁO agus RFTP | Oifig Náisiúnta LBT, Earnáil Rialtais Áitiúil, Comhlachtaí Stáit, Ranna Rialtais, Comhlachtaí Saineolaithe |
| Gníomh 28 | Tacóidh Tionóil Réigiúnacha le hÚdaráis Áitiúla chun cuspóirí an Bheartais um Lár Bailte ar dTús a sholáthar trí bhíthin thograí chun cistiú CFRE a úsáid d'fhorbairt uirbeach | Tionóil Réigiúnacha | LGMA, RTRÁO, RCPA, Earnáil Rialtais Áitiúil |
| Gníomh 29 | Plean Bliantúil maidir le Cur i bhFeidhm a cheapadh chun soláthar a threorú ar leibhéal náisiúnta agus chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar trí bhíthin Tuarascálacha rialta ar an Dul Chun Cinn | Oifig Náisiúnta LBT | GNMC, Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |
| Gníomh 30 | Nuashonruithe Bliantúla ar an Dul Chun Cinn ar an bPlean maidir le Cur i bhFeidhm a sholáthar do Choiste Comh-Aireachta um Thithíocht | Oifig Náisiúnta LBT | GNMC, Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |

| | Gníomh | Príomh-fhreagracht | Páirtithe Leasmhara eile |
|---|---|---|---|
| **Gníomh 31** | **Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an Chuir Chuige seo ar an mBeartas um Lár Bailte ar dTús gach trí bliana** | Oifig Náisiúnta LBT | GNMC, Earnáil Rialtais Áitiúil, RTRÁO agus RFTP |
| **Gníomh 32** | **Uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na hinfheistíochta ag Ranna Rialtais agus ag a ngníomhaireachtaí ar Lár Bailte faoi pharaiméadair eacnamaíocha, shóisialta, chultúir agus inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm** | RTRÁO agus RFTP | Earnáil Rialtais Áitiúil, Oifig Náisiúnta LBT |
| **Gníomh 33** | **Fiosrú a dhéanamh ar chuir chuige ar chomhoibriú le cláir agus le tionscnaimh tras-rialtais nasctha** | Oifig Náisiúnta LBT, RTRÁO agus RFTP | Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Earnála |

## *Ár dTodhchaí Tuaithe*

Tá roinnt gníomhartha i dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann a thacóidh leis an mbeartas um Lár Bailte ar dTús. Tá an beartas roinnte ina réimsí beartais a bhfuil tionchar ag gach ceann acu ar ár mbailte. Tá fócas thar a bheith sonrach ar ár mbailte i gCaibidil 6, Bailte agus Sráidbhailte Tuaithe a Athbheochan – agus áirítear ann roinnt gníomhartha a chomhlánaíonn an beartas LBT seo.

Chun an doiciméad beartais iomlán a fheiceáil, tabhair cuairt ar Gov.ie nó cliceáil anseo chun dul go díreach chuig an doiciméad Ár dTodhchaí Tuaithe.

## *Tithíocht do Chách*

I *dTithíocht do Chách*, tógtar ar an uaillmhian a leagtar amach i *dTodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* chun tacú le bailte agus sráidbhailte ar fud na hÉireann a athghiniúint, a fhorbairt agus chun daonra breise a chur iontu. Chuig sin, tá roinnt gníomhartha i *dTithíocht do Chách* a théann agus a thacaíonn leis an gcur chuige sa bheartas um Lár Bailte ar dTús.

Faoi Chonair 3: Soláthar Tithíochta nua a Mhéadú, soláthrófar treoirlínte forbartha nuashonraithe i ngníomhartha 11.1 agus 13.5 chun tacú níos fearr le hathghiniúint Lár Bailte. Tá roinnt gníomhartha i gConair 4 de Thithíocht do Chách; Conair chun Dul i nGleic le Folúntas agus Athúsáid Stoic Reatha a thacóidh le athbheochan lárionad uirbeach, lena n-áirítear gníomhartha 19.1 go 19.13 agus gníomhartha 20.1 go 20.9.

Chun an doiciméad beartais iomlán a fheiceáil, tabhair cuairt ar Gov.ie nó cliceáil anseo chun dul go díreach chuig an doiciméad Tithíocht do Chách ina bhfuil liosta iomlán de na gníomhartha uile.

# Aguisín 2

# An Creat Náisiúnta Pleanála agus LBT

Is é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) plean straitéiseach ardleibhéil an Rialtais chun fás agus forbairt na tíre amach go 2040 a mhúnlú. Déanfar sin i gcomhthéacs aon mhilliún duine breise ionchasach (sa bhreis ar 2016) a bheidh ag cónaí in Éirinn faoi 2040 agus dhá thrian de mhilliún duine breise a bheidh ag obair anseo. Leis an CNP, tugtar creat d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm straitéisí spásúlachta agus eacnamaíochta réigiúnacha, pleananna forbartha contae agus cathrach, agus pleananna ceantair áitiúil ar fud na tíre le haghaidh na mblianta amach romhainn.

Tá léiriú láidir ar an aidhm atá againn ár mbailte agus ár gceantair uirbeacha a athbheochan i gcuspóirí agus i dtosaíochtaí an Chreata Náisiúnta Pleanála. Tá go leor de na Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta a shainaithnítear sa CNP, amhail Fás Dlúth, Geilleagair agus Pobail Tuaithe Níos Láidre, Soghluaisteacht Inbhuanaithe, Taitneamhachtaí Feabhsaithe agus An tAistriú go dtí Geilleagar Ísealcharbóin, ag teacht go mór le fócas ar fheabhas a chur ar ár mbailte agus tacú le méadú ar an daonra agus fás ar an bhfostaíocht iontu sa todhchaí.

Is príomhchuspóir go háirithe é fás dlúth agus inbhuanaithe a chinntiú – ciallaíonn sin dul i ngleic leis an patrún neamhéifeachtúil de shraoilleáil uirbeach atá le feiceáil le déanaí i bhfabhar cineálacha forbartha níos dlúithe a dhíríonn ar thalamh 'athfhorbraíochta' a athúsáid, láithreáin inlíonta a fhorbairt, agus láithreáin agus foirgnimh atá ann cheana féin a athúsáid nó a fhorbairt.

Is tábhachtach go gcuirtear béim i straitéis CNP maidir le fás dlúth ar fhorbairt agus infheistíocht nua a lonnú i gceantair ina bhfuil bonneagar fisiceach agus seirbhísí ann cheana féin. Tá go leor dár mbaile i riocht mhaith chun tacú le forbairt nua chun a lorg a chomhdhlúthú agus chun beocht nua agus cuairteoirí nua a sholáthar, chun cur le hinmharthanacht seirbhísí, siopaí agus iompair phoiblí, chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus chun a chur ar chumas níos mó daoine a bheith níos gaire do dheiseanna fostaíochta, áineasa agus iompair inbhuanaithe.

Leagann an CNP creata sonracha amach chun fás inbhuanaithe bailte agus sráidbhailte a chinntiú agus cion níos airde den fhorbairt tithíochta amach anseo le bheith laistigh den 'lorg' atá acu cheana féin i limistéir faoi fhoirgnimh. Tríd is tríd, samhlaítear sa CNP go soláthrófar 40% de na bailte cónaithe nua uile laistigh de lorg lonnaíochtaí atá ann cheana féin ar láithreáin athfhorbraíochta, agus go gcuimseofar leis sin ar a laghad 50% de na bailte cónaithe nua uile sna cúig chathair agus 30% de na bailte cónaithe nua i lonnaíochtaí in áiteanna eile.

Leis an mbeartas náisiúnta pleanála, tacaítear le fás tuaithe méadaithe agus le hiarracht a dhéanamh an meath ar dhaonra na tuaithe a aisiompú, trí bhíthin róil agus feidhmeanna nua d'fhoirgnimh, do shráideanna agus do láithreáin a spreagadh. Tacaítear le feabhas a chur ar an nascacht áitiúil le príomh-chumarsáid (leathanbhanda), agus le líonraí fuinnimh, iompair agus uisce, fad a ndéantar deiseanna eacnamaíocha nua ón nascacht dhigiteach, ón nuáil dhúchasach agus ón bhfiontraíocht sna hearnálacha bia agus turasóireachta traidisiúnta a chur chun cinn, agus deis ar chaighdeán beatha níos fearr mar bhonn taca leis sin uile.

Ar an leibhéal réigiúnach, tá an CNP dírithe ar fhás níos cothromaithe idir na réigiúin; 50% den fhás foriomlán náisiúnta ar an daonra le tarlú sna cathracha agus an 50% eile i líonraí bailte móra agus beaga, sráidbhailte agus ceantair thuaithe na hÉireann. Aithnítear sa CNP nach bhfuil na cúig chathair scaipthe go cothrom ar na trí réigiún agus go mbeidh ról réigiúnach níos suntasaí ag bailte thar a chéile. Sainaithnítear an cúig Lárionad Réigiúnach Fáis - Baile Átha Luain, Droichead Átha, Dún Dealgan, Leitir Ceanainn agus Sligeach - sa CNP mar áiteanna a bhfuil cumas suntasach acu fás inbhuanaithe a bhaint amach agus infheistíocht a fháil trí bhíthin láithreáin athfhorbraíochta a athghiniúint agus limistéir spriocdhírithe d'fhairsingiú uirbeach a fhéadfaidh iompar poiblí freastal orthu.

Tá na cuspóirí pleanála náisiúnta sin comhtháite go foirmiúil sa chóras pleanála ar leibhéal réigiúnach trí na Straitéisí Spásúlachta agus Eacnamaíocha Réigiúnacha de chuid na dTionól Réigiúnach agus tá siad mar bhonn faisnéise do na cláir infheistíochta straitéiseacha de chuid príomh-sholáthraithe bonneagair stáit ar bhealach a fhágann go mbaineann forbairt phleanáilte go dlúth leis an mbonneagar cumasaithe is gá.

Táthar ag leanúint de chlár forbartha a ullmhú do chathracha agus do chontaetha ar leithligh ar leibhéal an Údarás Áitiúil ar fud na tíre, rud a chuimsíonn beartas pleanála i gcomhthéacs áitiúil. Tá straitéisí áitiúla á bhforbairt sna pleananna forbartha atá le forbairt ag a lonnaíochtaí – tá príomh-chumais bhonneagair, spriocanna fáis do thithíocht agus úsáidí tailte criosaithe á sainaithint, tá cuspóirí forbartha áitiúla á sonrú agus tá áiteanna óna dteastaíonn athghiniúint agus infheistíocht á sainaithint[12]. Tá comhairliúchán cuimsitheach agus cleachtaí ullmhaithe pleananna mar bhonn taca d'fhoirmliú na mbeartas forbartha áitiúla sin agus tá ról lárnach ag ionadaithe tofa áitiúla maidir le hiad a cheapadh.

## Pleananna Forbartha

Dá bharr sin, cuireann pleananna forbartha comhthéacs forbartha reachtúil ar fáil ina bhféadfaidh pobail a dtionscnaimh agus a gcláir forbartha baile féin a cheapadh mar fhreagairt ar chlár oibre Lár Bailte ar dTús. Éilítear faoin Acht um Pleanáil go n-ullmhófaí Plean Ceantair Áitiúil[13] (PCÁ) freisin i gcás bailte ina bhfuil daonra >5,000 duine. D'fhéadfadh PCÁ den sórt sin deis a sholáthar chun gnéithe de straitéis LBT a chur ar bhonn reachtúil.

Tá forbairt chónaithe amach anseo ríthábhachtach chun bailte láidre agus athléimneacha a fhorbairt. Chun aghaidh a thabhairt ar na héilimh sonracha a bhaineann le tithíocht, ceapadh treoraíocht pleanála reachtúil shonrach nua maidir le soláthar tithíochta agus d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta í chuig údaráis phleanála i mí na Nollag 2020. Leis na Spriocanna Soláthair Tithíochta sin, cinnteofar go mbeidh cur chuige comhleanúnach agus comhtháite náisiúnta ar réamh-mheastacháin tithíochta á chur i bhfeidhm ar leibhéal an Údaráis Áitiúil, agus pleananna forbartha contae á n-ullmhú acu. Rinneadh an cur chuige sin a threisiú tuilleadh nuair a eisíodh Dréacht-Threoirlínte Pleanála maidir le Pleananna Forbartha a cheapadh, i mí Lúnasa 2021, lenar cruthaíodh ceanglais shonracha go soláthrófaí tithíocht i mbailte ag teacht leis an straitéis náisiúnta maidir le fás dlúth.

## Gníomhú ar Son na hAeráide agus Téarnamh Náisiúnta

Déantar an cur chuige foriomlán ar an gclár oibre sin um fhás dlúth a atreisiú le Plean um *Ghníomhú ar son na hAeráide 2021* de chuid na hÉireann ina spreagtar iarfheistiú fairsing ar áitribh agus ar stoc tithíochta atá ann cheana féin agus tosaíocht a thabhairt don athfhorbraíocht agus d'fhorbairt dhlúth. Ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Pleanála, léiríonn an *Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide* an gealltanas go soláthrófar ar a laghad 40% de na bailte cónaithe nua go náisiúnta laistigh de lorg foirgneamh lonnaíochtaí atá ann cheana féin ar láithreáin athfhorbraíochta, agus go gcuimseofar leis sin ar a laghad 50% de na bailte cónaithe nua uile sna cúig chathair agus 30% de na bailte cónaithe nua i lonnaíochtaí in áiteanna eile.

Le hiarfheistiú agus forbairt athfhorbraíochta laistigh de loirg uirbeacha atá ann cheana féin, éascófar fás uirbeach dlúth mar phríomh-shásra chun forbairt inbhuanaithe a chumasú, agus chun gníomhú ar son athrú aeráide agus róphlódú a bhrú chun cinn. Ina theannta sin, maolófar an costas suntasach don chomhshaol a bhaineann le forbairtí nuathógtha. Tá na gníomhartha ar tugadh gealltanas ina leith sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 ag teacht agus ag tacú go láidir le hathghiniúint agus le hathbheochan Bhailte na hÉireann trí bhíthin:

- Laghdú a chur ar an éileamh ar thaisteal i gcarranna, ar achair thaistil agus ar agaí aistear
- Méadú a chur ar roghanna taistil, laghdú a chur ar spleáchas ar charranna, agus róphlódú tráchta a mhaolú
- Laghdú a chur ar aerthruailliú agus modhanna iompair níos glaine agus níos gníomhaí a chur chun cinn
- Gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta ar leibhéal sráide a chothabháil chun pobail bhríomhara a chruthú
- Cur leis an rochtain ar shiopaí, ar fhostaíocht, ar sheirbhísí iompair agus ar thaitneamhachtaí áitiúla le modhanna inbhuanaithe

Ar an tslí chéanna, tugtar gealltanas sa *Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta 2021* chun tacú le téarnamh cothromaithe agus uilechuimsitheach trí bhíthin infheistíocht straitéiseach, forbairt réigiúnach agus díriú ar chaighdeáin bheatha ar fud na tíre a fheabhsú. Cuirfidh forbairt dhlúth, inbhuanaithe ar lár bailte go suntasach leis an obair agus feidhmeoidh sí mar fhócas comhordaithe do raon leathan clár cistithe agus gníomhaíochta faoi Thionscadal Éireann 2040.

12 I gcomhréir le s.10(2)(h) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

13 I gcomhréir le s.18-20 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

# Aguisín 3

## Grúpa Idir-rannach (GIR) agus Grúpaí Oibre

### Grúpa Idir-rannach

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (Comhchathaoirleach)

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Comhchathaoirleach)

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An Roinn Iompair

Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

# Aguisín 4

## Grúpa Comhairleach LBT (Ainmnithe/Eagraíochtaí)

Ionadaí ar na Tionóil Réigiúnacha

Cumann Rialtais Áitiúil na hÉireann (AILG)

Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA)

Ionadaí CCMA ó GIR

Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)

Comhlachtaí Gairmiúla:

- Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI)
- Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann (RIAI)
- Cumann na Suirbhéirí Cairte in Éirinn (SCSI)

Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann (Ionadaí )

POF na Comhairle Oidhreachta

POF na Gníomhaireachta Tithíochta

An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)

IBEC

Institiúidí Acadúla (2) (Ionad COBÁC do Bhailte na hÉireann CfIT/TUD)

POF Cuideachta Forbartha Áitiúla Uíbh Fhailí

Cathaoirleach Bhailte Slachtmhara, Sligeach / CFG (Ceantar Feabhsúcháin Gnó) Shligigh

Clár Údarás Áitiúil Uile Oileáin (Comhchathaoirleach)

IDA

Nasc Tuaithe na hÉireann

Tionscnamh Píolótach um Chónaí i Lár Baile (Baile Ionadaíoch)

Stiúrthóir na Forbartha Réigiúnaí, Fáilte Éireann

Stiúrthóir Foras Ailtireachta na hÉireann

Ard-Stiúrthóir, RGDATA

Bainisteoir Clár, Plean Fiontar Réigiúnach an Oirthuaiscirt

Ionadaí ón bPlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp (Comhchathaoirleach)

Spórt Éireann (Stiúrthóir Rannpháirtíochta)

CIF (IHBA)

Conradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa (ILCU)

Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (BOOÉ)

# Aguisín 5

# Ag Tacú leis an gCreat Infheistíochta

Mar chuid dá chuid oibre, rinne an GIR cleachtadh mapála inar liostaíodh an raon leathan scéimeanna rialtais a d'fhéadfadh tacaíochtaí infheistíochta agus eile a sholáthar, chun tacú le cur chuige Lár Bailte ar dTús ar athghiniúint.

## Cistí Athghiniúna Uirbeacha agus Tuaithe

Bunaíodh an Ciste Athghiniúna Uirbeach (CAFU) agus an Ciste Athghiniúna Tuaithe (CAFT) faoin bPlean Forbartha Náisiúnta chun tacú le cuspóirí an Chreata Náisiúnta Pleanála.

Tacaíonn **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach** (CAFU) le hathghiniúint uirbeach/fás dlúth i gcathracha/bailte ina bhfuil daonra os cionn 10,000 duine, agus cumasaíonn sé cion níos airde úsáide meascthа a sholáthar laistigh de na loirg fhoirgnimh atá ann cheana féin inár gcathracha agus inár mbailte, agus déanann áiteanna níos tarraingtí agus níos bríomhaire díobh.

Tacaíonn **An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT)** le hathghiniúint agus forbairt ar bhailte agus ar shráidbhailte tuaithe agus ar áiteanna imeallacha. An cuspóir leis ná tacú le cruthú post i gceantair thuaithe, dul i ngleic le dídhaonrú i bpobail thuaithe agus tacú le feabhsúcháin inár mbailte agus sráidbhailte a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine iontu.

Bunaíodh na Cistí um Athghiniúint Uirbeach agus Tuaithe chun tacú le forbairt inbhuanaithe níos dlúithe, trí bhíthin chathracha, bailte agus sráidbhailte na hÉireann a athghiniúint agus a athbheochan, agus trí bhíthin an Phlean Forbartha Náisiúnta. Is amhlaidh sin lena chinntiú go soláthrófar cion níos airde úsáide meascthа laistigh de na loirg fhoirgnimh atá ann cheana féin inár gcathracha agus inár mbailte, agus lena chinntiú go bhféadfaidh níos mó codanna dár limistéir uirbeacha a bheith ina n-áiteanna tarraingteacha agus bríomhara do dhaoine le roghnú cónaí, obair agus infheistiú iontu agus cuairt a thabhairt orthu.

I dteannta CAFU agus CAFT, tá raon leathan príomh-bheartas i bhfeidhm faoi láthair a thacaíonn le hathghiniúint, forbairt agus athbheochan ar bhailte agus ar a gceantair mháguaird.

## Cistí Eile

Leis **An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte,** soláthraítear cistiú chomh hard le €200,000, (á méadú go huasmhéid €500,000) chun tacú le téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta bhailte tuaithe ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine, agus dírítear ar thionscadail a bhfuil tionchair shoiléire acu ar an mbaile, i ndáil le comhfhorbairt áite agus athghiniúint lár bailte. Tá cistiú sonrach curtha ar fáil aici d'fheabhsúcháin sráid-dreacha in 2021 freisin.

Is chun seirbhísí a sholáthar do láithreáin i gcomhair tithe cónaithe nua i mbailte agus sráidbhailte réigiúnacha agus chun tacú le hathchóiriú tithe folmha atá an **Ciste Croí Cónaithe (Bailte)** nua. Oibreoidh gníomhaireachtaí bonneagair phoiblí, amhail Uisce Éireann, agus pobail áitiúla chun láithreáin sheirbhísithe a sholáthar i gcomhair tithíochta. Cuideoidh sin le daoine a mhealladh a dtithe cónaithe féin a thógáil agus cónaí i mbailte agus sráidbhailte beaga.

Tá **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa,** arna bhainistiú in Éirinn ag ár dTionóil Réigiúnacha, ag forbairt a chláir 2021- 2027 faoi láthair. Tá sé tugtha le tuiscint nach mór 8% de sholáthar iomlán na hÉireann a thiomnú ar lárionaid uirbeacha. Samhlaítear go gcuirfear béim faoi leith ar dhul i ngleic le folúntas agus dearóil i mbailte, ag tacú leis an gcur chuige Lár Bailte ar dTús, don chéad bhabhta eile den ghné chistithe seo, atá le comhaontú faoi go luath in 2022.

Le **Tionscnamh na mBailte Stairiúla,** tugtar cistiú d'oibreacha ar fhoirgnimh stairiúla suntasach, do chaomhnú agus d'fheabhsú sráid-dreacha agus d'oibreacha ar an ríocht phoiblí ionas go bhféadtar an oidhreacht a úsáid chun lárionaid uirbeacha a athghiniúint.

Leis an **tionscnamh "Bailte Cinn Scríbe",** féachtar le poitéinseal turasóireachta bhailte cinn scríbe a fhorbairt agus chun braistint áite a chruthú i mbailte ar fud na hÉireann, chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar agus chun cuidiú leis an mbonneagar is gá a chur ar fáil chun fás réigiúnach a bhaint amach sa tionscal turasóireachta.

Leis an g**Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú,** soláthraítear bonneagar poiblí lasmuigh den láthair chun faoiseamh a thabhairt do bhacainní bonneagair criticiúla. Leis sin, cumasófar soláthar luathaithe tithíochta ar phríomh-láithreáin forbartha agus i limistéir uirbeacha ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht.

Soláthraíonn **An Ciste Láithreán Seirbhísithe** príomh-bhonneagar éascaithe, ar thailte poiblí, chun tacú le soláthar tithe cónaithe inacmhainne le ceannach nó le fáil ar cíos.

Soláthraíonn **An Scéim um Dheisiú agus Léasú** cistiú roimh ré d'aon oibreacha a theastaíonn chun maoin faoi úinéireacht phríobháideach a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach. Mar chúiteamh air sin, comhaontaíonn úinéir na maoine an teaghais a ligean ar léas don Údarás Áitiúil le húsáid mar thithíocht shóisialta.

Tacaíonn **An Scéim um Cheannach agus Athnuachan** le hÚdaráis Áitiúla agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe aonaid tithíochta a bhfuil deisiú de dhíth orthu a cheannach agus a athnuachan, agus iad a chur ar fáil le húsáid mar thithíocht shóisialta.

Áireofar sa **Chlár Infheistíochta um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe** tacaíocht chun bonneagar nua agus feabhsaithe don iompar ghníomhach a rolladh amach i mbailte agus sráidbhailte.

Is dreasacht cánach an-shonrach é **Tionscnamh na Cathrach Beo** a bhfuil d'aidhm aige gnólachtaí agus úinéirí tithe cónaithe a spreagadh chun filleadh ar lár chathracha na hÉireann chun foirgnimh stairiúla i Limistéir Athbheochana Speisialta a chaomhnú.

Leis an scéim, tugtar faoiseamh ar cháin ioncaim nó ar cháin chorparáideach maidir le caiteachas incháilithe a thabhaítear ar athchóiriú agus/nó ath-oiriúnú foirgneamh incháilithe atá lonnaithe laistigh de na limistéir athbheochana speisialta i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh, i bPort Láirge agus i gCill Chainnigh.

Is clár uile-rialtais, cultúrbhunaithe é an Clár Éire Ildánach, faoi stiúir na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán, chun folláine an duine, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Faoin gClár Éire Ildánach, cuireann **tionscnamh na bPobal Cruthaitheach** ar chumas an phobail áitiúil a bheith páirteach sa chruthaitheacht chun tacú le folláine an duine agus an phobail, le comhtháthú sóisialta, agus le forbairt eacnamaíoch. Tá comhfhorbairt áite ina gné lárnach d'obair gach ceann de na 31 Údarás Áitiúil faoi thionscnamh na bPobal Cruthaitheach.

Tá an Clár Éire Ildánach ag obair i gcomhar le Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann ar thionscadal dar teideal Athshamhlú. Is feachtas náisiúnta é Athshamhlú a éascaíonn do phobail ar fud na hÉireann réitigh ar na dúshláin a shainaithin siad ina dtimpeallacht thógtha áitiúil a chomhchruthú agus a chomhdhearadh, le cleachtóirí ailtireachta.

Is scéim deontais chaipitil é **An Ciste um Struchtúir Stairiúla** chun struchtúir oidhreachta agus foirgnimh stairiúla, faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon, a chaomhnú agus a fheabhsú chun leas phobail agus chun leas poiblí.

Leis an **Deontas Caipitil don Oidhreacht Thógtha** tugtar deontais bheaga d'oibreacha ar fhoirgnimh stairiúla, ach is féidir iad a úsáid chun struchtúir stairiúla i mbailte agus i gcathracha a chaomhnú agus a dheisiú freisin..

Is Clár Infheistíochta Caipitil Ilbhliantúil i gCathracha/i mBailte é an **Clár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta.**

**Plean infheistíochta caipitil Uisce Éireann** i gcomhair bhonneagar uisce óil/fuíolluisce ar bhonn ilbhliantúil chun an pacáiste cistithe €8.5 billiún a sholáthar a gealladh d'infheistíocht in uisce i dTionscadal Éireann 2040.

Tá athrú ag teacht ar chistiú faoin **Straitéis d'Fhorbairt na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha Amach Anseo,** i ndiaidh fhoilsiú *Chlár an Rialtais*, chun Glasbhealaí a chomhtháthú go hiomlán i lár ár mbailte agus sráidbhailte trí bhíthin a chinntiú go dtugann tionscadail chistithe rochtain ón nGlasbhealach ar áiteanna oideachais, fostaíochta agus siamsaíochta i lár ár mbailte agus sráidbhailte.

Leis na **Tionscnaimh um Ghníomhú ar Son na hAeráide agus Iarfheistiú,** leagtar amach sprioc chun 500,000 teach cónaithe a uasghrádú chuig Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 / coibhéis is fearr costais nó coibhéis charbóin faoi 2030. Tugtar cistiú d'Údaráis Áitiúla chun tabhairt faoi chlár uaillmhianach iarfheistithe inslithe sna tithe sóisialta is lú atá tíosach ar fhuinneamh.

Tugtar tacaíocht faoin **gClár Deontais le haghaidh Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla** chun bóithre poiblí mbailte agus sráidbhailte a chothabháil. Ina theannta sin, áiríodh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 soláthar do roinnt tionscadal le haghaidh bóithre dáileacháin a dhearfaí chun an trácht a thaistealaíonn trí lár bailte a laghdú agus chun bonneagar a sholáthar chun tacú le modhanna taistil níos inbhuanaithe chuig scoileanna áitiúla, ceantair chónaithe agus áiteanna fostaíochta.

# Aguisín 6

# Ról an Oifigigh Athghiniúna Baile

Is é an ról a bheidh ag an Oifigeach Athghiniúna Baile, tacú le bunú na bhFoirne Baile agus lena gcuid oibre leanúnaí, agus a chinntiú go bhforbrófar agus go soláthrófar an Plean Lár Bailte ar dTús, in éineacht leis an gcosantóir áitiúil. Beidh siad ina nasc ríthábhachtach idir na Foirne Baile agus an saineolas laistigh den Údarás Áitiúil agus eagraíochtaí eile, agus éascóidh siad do na Foirne Baile teacht ar chistiú. Áireofar leis sin an méid a leanas:

1. Caidrimh a fhorbairt leis na Foirne Baile agus le páirtithe leasmhar eile, gníomhú mar phríomh-nasc leis an Údarás Áitiúil ábhartha.
2. Maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas rannpháirtíochta an phobail, i gcomhar le foireann ildisciplíneach an Údaráis Áitiúil, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla, de réir mar is cuí.
3. Tacaíocht theicniúil, chumarsáide, riaracháin agus bainistithe tionscadal a chur ar fáil d'Fhoirne Baile rannpháirteacha – lena n-áirítear tacú le bunú na bhfoirne agus sin a éascú. Cumas chomhaltaí na bhFoirne Baile a fhorbairt trí bhíthin rochtain ar oiliúint agus ar fhorbairt scileanna iomchuí a sholáthar.
4. Tacú leis an bhFoireann Bhaile chun tabhairt faoi Sheiceáil Sláinte Lár Baile chun sonraí bonnlíne faoin mbaile a chur i dtoll a chéile (e.g. le suirbhéanna agus bailiú sonraí) agus Plean LBT a fhorbairt ina dhiaidh sin. Soláthrófar iad sin bunaithe ar theimpléid agus treoraíocht náisiúnta agus déanfar gnéithe sonracha a sheachfhoinsiú de réir mar is gá. Tacóidh na hOifigigh Athghiniúna Baile le díospóireacht le páirtithe leasmhara áitiúla ar ábhair agus ar shaincheisteanna lárnacha.
5. Oibriú go dlúth leis an bhfoireann theicniúil ildisciplíneach san Údarás Áitiúil ábhartha, lena n-áirítear an tOifigeach Tithe Cónaithe Folmha, a scileanna agus saineolais a úsáid, agus naisc leis bhFoireann Bhaile agus le páirtithe leasmhara eile a fhorbairt.
6. Tacú le húinéirí maoine gnó agus cónaithe trí bhíthin áis "ionad uileghnó" agus ceardlanna comhairle a sholáthar, agus úsáid á baint as saineolas laistigh den Údarás Áitiúil nó lasmuigh de. D'fhéadfadh comhairle maidir le hathchóiriú foirgneamh, déanmhais chosanta, oiriúnú i gcomhair athúsáide, cistiú deontais, dreasachtaí cánach, etc. a bheith i gceist leis sin.
7. Tacú le soláthar an Phlean agus leis an gcéim chur i trí bhíthin:
    - Tacú le breis oibre mionsonraithe dearaidh agus féidearthachta agus iarratais ar chistiú faoin iliomad catagóirí deontas a thagann leis an bPlean LBT a ullmhú.
    - Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bhfoireann ildisciplíneach san Údarás Áitiúil atá freagrach as soláthar tionscadal agus as ábhair amhail féidearthacht, dearadh mionsonraithe, doiciméid chonartha agus an chéim tairisceana.
    - Rannchuidiú le bainistiú tionscadal agus leis an bpróiseas buiséadaithe; plean cumarsáide a ullmhú; agus tuairisciú chuig an bhFoireann Bhaile maidir le soláthar.
8. Ionadaíocht a dhéanamh ar an bhFoireann Bhaile áitiúil, de réir mar is gá, ag cruinnithe le baill foirne gníomhaireachtaí, Ranna Rialtais, ionadaithe tofa, grúpaí pobail/leasa ginearálta, gnólachtaí agus cónaitheoirí.
9. Bheith mar chuid de líonra náisiúnta LBT a thacóidh le forbairt eolais agus le dea-chleachtas a chomhroinnt ar leibhéal náisiúnta.

# Aguisín 7

## Foirne Baile LBT

Is éard atá i bhFoireann Bhaile LBT, grúpa cónaitheoirí áitiúla, lucht gnó, ionadaithe pobail agus páirtithe leasmhara eile a thagann le chéile chun áit níos fearr le cónaí agus le hoibriú inti a dhéanamh dá gceantar. Tagann comhaltaí Foirne Baile LBT ó earnálacha agus cúlraí éagsúla. Tá suíomh uathúil acu sa phobal le bheith ina 'saineolaithe áitiúla' ar a gceantar agus le bheith i gceannas ar thionscadail a fhorbairt a fhéadfaidh athruithe dearfacha fadtéarmacha a dhéanamh ar an mbaile.

- Is ann d'Fhoirne Baile in go leor bailte cheana féin agus oibríonn siad i riochtaí éagsúla – níl sé i gceist ag an mbeartas LBT teacht in áit na bhfoirne sin, ach cur leis an méid atá bainte amach acu. Seans go mbeidh ar roinnt foirne atá ann cheana féin iad féin a athchumrú nó comhaltaí breise a lorg – níl foirne ann in áiteanna eile agus beidh gá le iad a bhunú.
- Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile chun Foireann Bhaile a bhunú i gcás nach bhfuil ceann ann. Cinnteoidh sin go dtabharfar tacaíocht láidir don phróiseas ar leibhéal áitiúil, rud atá éigeantach d'éabhlóid rathúil bailte amach anseo.
- I measc na bpáirtithe leasmhara ar cheart smaoineamh ar iad a áireamh ar an bhFoireann tá Údaráis Áitiúla, Comhlachais Tráchtála, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, cumainn ghnó, earnáil forbartha áitiúla, grúpaí pobail, úinéirí gnó, forbróirí, miondíoltóirí, tiarnaí talún, cónaitheoirí, grúpaí turasóireachta, An Garda Síochána, carthanais, fiontair shóisialta, eagraíochtaí spóirt, grúpaí cultúir, grúpaí deonacha agus saoráidí oideachais.
- Féadfaidh 'cosantóir' áitiúil an Fhoireann a stiúradh, duine atá gníomhach cheana féin ó thaobh tacú le tionscnaimh lár bailte, b'fhéidir. Go hidéalach, bheadh an taithí, na scileanna agus na tréithe ceannaireachta is gá ag ceannaire na Foirne Baile, agus bheadh sé/sí roghnaithe go díreach ag an bhFoireann Bhaile chun tacú leis an mbaile.
- Cuideoidh an tOifigeach Athghiniúna Baile le cumas chomhaltaí Foirne Baile a fhorbairt trí bhíthin rochtain ar oiliúint, forbairt scileanna agus oideachas iomchuí. Déanfar sin le súil agus a gcumas a fhorbairt chun oibriú go héifeachtach mar aonad agus torthaí dearfacha dá mbailte a sholáthar. Seans go mbeadh an poitéinseal ann freisin chun cur leis an oiliúint trí bhíthin infheistíocht i dtionscadail phíolótacha bheaga arna soláthar trí bhíthin na bhFoirne Baile/ Comhpháirtíochtaí, rud a chabhródh le tacaíocht a fháil don phróiseas agus gnóthú luath a sholáthar.
- Déanfaidh an Fhoireann, le tacaíocht ó OAB agus foirne ildisciplíneacha an Údaráis Áitiúil, an próiseas seiceála sláinte a stiúradh, agus an plean don fhís LBT dá bhaile a fhorbairt, agus ceapfaidh siad plean um chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás Áitiúil.
- Déanfar tionscadail a sholáthar i gcomhar leis an Údarás Áitiúil agus le daoine eile de réir mar is gá. Rachaidh an Fhoireann Bhaile i gcomhairle leis an Údarás Áitiúil i rith chéim an tsoláthair.
- Beidh ról leanúnach ag an bhFoireann Bhaile chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar, cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean le himeacht ama ionas go gcoinneoidh sí úinéireacht ar an bpróiseas.

# Aguisín 8

# Gnéithe an Phlean LBT

## 1 | Comhoibriú agus Cumarsáid

Is cleachtadh comhoibríoch é an próiseas de phlean le haghaidh 'áit' a fhorbairt, nach mór na cónaitheoirí, grúpaí pobail agus eagraíochtaí deonacha áitiúla, an pobal gnó áitiúil, an tÚdarás Áitiúil agus príomhpháirtithe leasmhara eile a bheith rannpháirteach ann. Croí na Foirne Baile a bheidh sna rannpháirtithe sin. Cinnteoidh an Fhoireann Bhaile go mbeifear páirteach i bpróiseas cinnteoireachta comhairleach go leanúnach agus go mbeidh fáil ar fhoireann gairmithe ildisciplíneacha. Déanfar comhairliúchán pobail i gcéimeanna éagsúla. Ach oibriú le chéile tríd an bpróiseas, bainfidh daoine tairbhe as saineolas a chéile chun tuiscint dhomhain a fháil ar na saincheisteanna faoi leith a bhaineann leis an áit, agus dearcthaí éagsúla ar an tslí a bhféadfaí na dúshláin a shárú agus raon agus éifeachtacht na réiteach is gá chun dul i ngleic leo.

Cuid den phróiseas sin a bheidh i ndul i bpáirt leis an bpobal níos leithne ag céimeanna éagsúla. Chun teacht ar an méid is mó daoine sa phobal agus is féidir, d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin:

- Ábhar ilmheáin a chruthú
- Rannpháirtíocht thar ardáin mheáin shóisialta éagsúla
- Ceardlanna pobail
- Bothanna faisnéise i láithreacha feiceálacha
- Leabhráin nó bileoga eolais do lucht tithe cónaithe
- Suirbhéanna agus agallaimh
- Oibriú le leabharlanna nó scoileanna

Trína bheith rannpháirteach ag céim luath, tugtar deis uathúil don Fhoireann Bhaile leas a bhaint as eolas áitiúil agus tuiscint áitiúil ar an mbaile. Is tábhachtach tuiscint a bheith ar an áit sa chéim anailíse, go háirithe i ndáil leis an tslí a mbíonn, nó nach mbíonn, daoine rannpháirteach lena mbaile.

Is cuid lárnach d'fhorbairt agus de dhul chun cinn an Phlean í an chumarsáid, ó riachtanais agus mianta an phobail áitiúil agus na bpáirtithe leasmhara a chur in iúl, go dtí an plean críochnaithe agus an tslí a dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh a chur in iúl, chomh maith leis an tslí a bhfreagrófar dóibh trí bhíthin an Phlean. Tuiscint dhomhain ar na saincheisteanna agus ar na dúshláin i ngach baile, agus ar raon agus éifeachtacht na réiteach molta, an toradh a bheidh ar chomhoibriú agus cumarsáid idir na bpríomhpháirtithe leasmhara uile.

> **Comhoibriú Éifeachtach – *Ag tógáil ar rath na samhla Glao an Phobail***
>
> Gan amhras, beidh sé dúshlánach an Plean LBT seo a sholáthar. Beidh comhoibriú éifeachtach idir páirtithe leasmhara agus an rialtas áitiúil ríthábhachtach, mar a bheidh bealach comhaontaithe chun tosaigh a cheapadh.
>
> Leis an tsamhail Glao an Phobail, a forbraíodh le déanaí mar chuid de fhreagairt an Rialtais ar COVID-19, léiríodh a éifeachtaí a bhíonn gníomh an phobail, in éineacht le tacaíochtaí agus comhordú iomchuí, chun spriocanna beartais dúshlánacha a bhaint amach. Ar an tslí chéanna, aithnítear leis an tsamhail Lár Bailte ar dTús gur fhachtóirn ratha ríthábhachtach é fóraim phobail áitiúla a bheith ag obair le gníomhaireachtaí Stáit agus le grúpaí pobail agus deonacha.
>
> Chuir rannpháirtíocht, slógadh agus cumhachtaú líonraí pobail ag Údaráis Áitiúla ar fud na tíre cumas oibríochtúil mór ar fáil don chlár.

Tacóidh an struchtúr rialachais ilsrathach seo le cur i bhfeidhm rathúil mhodheolaíocht um Lár Bailte ar dTús trí bhíthin soláthar solúbtha a cheadú. Mar gheall go mbeidh a láidreachtaí agus a dhúshláin féin ag gach baile nó sráidbhaile faoi leith, tacóidh an tsamhail seo le pleananna iomchuí a fhorbairt ar 'leibhéal na talún' le tacaíocht agus rannpháirtíocht ón bpobal trí bhíthin na bhFoirne Baile ach go háirithe. Mar a léiríodh le Glao an Phobail, tabharfaidh an tsolúbthacht deis coigeartuithe atriallach a dhéanamh chun na ceachtanna a fhoghlaimeofar a chur san áireamh. Beifear in ann dul i ngleic le bearnaí breise a bhuí do chumas an chláir freagairt d'athrú ar riachtanais, chomh maith le móiminteam agus muinín a choimeád.

## 2 | Tuiscint ar an Áit (Anailís agus Meastóireacht)

Is saintréithe doláimhsithe iad go leor de na saintréithe atá ag áit agus baineann siad le taithí phearsanta, an tslí a gcuimhníonn daoine ar áit agus mar a mhothaíonn siad faoi áit. Is saintréithe inláimhsithe iad cuid eile, agus is féidir iad a shainaithint agus a thomhas go fisiceach (e.g. rátaí folúntais).

Dá bharr sin, baineann an próiseas le tuiscint a fháil ar áit le dul i gcomhairle le raon leathan daoine agus le sonraí/faisnéis faoi shaintréithe an bhaile agus an chomhthéacs thart air a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile. Tá comhthéacs ríthábhachtach, mar sin, chun plé le bailte faoi leith mar tá sraith éagsúil idirghabhálacha de dhíth ó gach baile, bunaithe ar mhéid, scála agus suíomh réigiúnach. Is ríthábhachtach é tuiscint a fháil ar chomhthéacs an bhaile laistigh den réigiún níos leithne agus léargas mionsonraithe ar a shaintréithe. Is é sin an chéad chéim chun fís a bhunú.

An príomh-thasc chun tuiscint a fháil ar an áit is ea sonraí faoi gach áit a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu. Cé go mbeidh éagsúlacht i gceist leis an gcineál faisnéise a bhaileofar ó áit go háit, beidh an méid a leanas san áireamh, de ghnáth:

- Carachtar fisiceach an bhaile (i.e. patrún na bhfoirgneamh, na sráideanna, na spásanna) agus a shuíomh sa tírdhreach (i.e. topagrafaíocht, radhairc, aibhneacha/sruthanna, dúlra agus plandú);
- Suirbhé ar úsáid foirgneamh (i.e. miondíol, tráchtáil, cultúr, pobal agus cónaí) lena n-áirítear na foirgnimh fholmha;
- Suirbhé ar an timpeallacht thógtha (lena n-áirítear taitneamhachtaí, folúntas, dearóil, oidhreacht, fachtóirí ailtireachta nó caomhnaithe etc);
- Cúrsaí gnó/fiontraíochta sa bhaile agus aon phríomh-thionscail
- Aois, cáilíocht, suíomh, formáid agus éagsúlacht na tithíochta;
- Stair agus oidhreacht an bhaile, mar ar tháinig athrú orthu le himeacht ama, cónaitheoirí, scéalta agus imeachtaí cáiliúla.
- Déanmhais chosanta, séadchomharthaí, limistéir chaomhantais ailtireachta agus limistéir is díol spéise ailtireachta iad a shainaithint;
- Faisnéis/suirbhéanna ar an tslí a dtaistealaíonn daoine chuig an mbaile nó tríd, lena n-áirítear aon naisc do choisithe, rothair nó iompar poiblí atá ar fáil, agus comhairimh thráchta (agus luas) agus iniúchtaí páirceála (lena n-áirítear fad ama páirceáilte)
- An tslí a n-úsáideann daoine sráideanna agus spásanna, limistéir ina bhféadfaidh daoine a ligean agus idirghníomhú lena chéile;

- Próifíl shocheacnamaíoch ar an mbaile a chur le chéile, lena n-áirítear aoiseanna, oideachas, ioncam agus rátaí fostaíochta (féach freisin Innéacs Díothachta HP de chuid Phobal) agus cineál/tionacht tithíochta;
- Fáil ar sheirbhísí agus acmhainní pobail, amhail saoráidí sláinte, saoráidí cultúir, saoráidí oideachais agus oiliúna, saoráidí spóirt, agus áineasa díothachta sóisialta agus clubanna pobail;
- Gabháltais thalún ollmhóra, cearta slí agus ceada slí;
- Athbhreithniú ar gach beartas pleanála ábhartha de chuid an Údaráis Áitiúil atá ina phlean forbartha contae agus athbhreithniú ábhartha sa phlean ceantair ar chumas seirbhísí bonneagair, ceadanna pleanála reatha, agus tionscadail phobail/ríocht phoiblí.
- Athbhreithniú ar limistéir chomhchosúla ina ndearnadh athghiniúint/forbairt fhairsing 'dhea-chleachtais'.

Tá uirlisí iniúchta éagsúla ann freisin atá in ann cuidiú leis an bpróiseas:

- Faisnéis faoi Iniúchtaí Cáilíochta, lena n-áirítear Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus Iniúchadh ar Dhearadh Sráideanna, atá le fáil ar www.dmurs.ie.
- Tá Uirlis Iniúchta Deartha Uilíoch ar an Insiúltacht deartha ag an Údarás Náisiúnta Iompair, Aoisbhá Éireann, Scoileanna Glasa agus Ionad Bairr Feabhais don Dear Uilíoch de chuid an Údaráis Náisiúnta Míchumais.
- Tá córas iniúchta 'Caighdeán Áite' níos leithne forbartha ag an Scottish Towns Partnership agus is féidir é a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht áite.

Beidh gá le meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhaileofar, ionas go dtuigfear í ina comhthéacs. Ba chóir torthaí soiléire teacht as an bpróiseas meastóireachta, agus ba chóir aird a thabhairt ar an tslí a múnlóidh na saincheisteanna sin an fhís don bhaile. Is iomaí teicníc mheastóireachta a fhéadtar a úsáid chun na torthaí a chur in iúl go hachomair.

## Anailís SCOT

| Láidreachtaí | Dúshláin | Deiseanna | Bagairtí |
|---|---|---|---|
| Gnéithe rathúla atá ag an mbaile seo a dhealaíonn ó bhaile eile é | Gnéithe an bhaile a fhágann faoi mhíbhuntáiste é agus a d'fhéadfaí a fheabhsú | An méid is féidir a athrú agus an tslí ar féidir tógáil ar láidreachtaí an bhaile | Na fachtóirí seachtracha a d'fhéadfadh cur isteach ar rath an bhaile |

## Saincheisteanna a d'fhéadfaí a fhiosrú

### Gluaiseacht agus Naisc
- Inrochtaineacht
- Gluaiseacht éasca
- Trácht agus páirceáil

### Dúlra agus Tírdhreach
- Aeráid
- Ríocht phoiblí/tírdhreachtú
- Radhairc/leagan amach
- Spásanna sibhialta

### Úsáidí Talún & Geilleagar
- Úsáid mheasctha/tithíocht
- Éagsúlacht siopaí
- Fostaíocht/Seirbhísí
- Cumas Fáis

### Sóisialta, Pobal & Cultúr
- Imeachtaí/taitneamhachtaí
- Turasóireacht
- Meon Pobail
- Sábháilteacht

### Tógáil
- Sráid-dreacha ardcháilíochta
- Oidhreacht
- Rátaí folúntais/dearóil

## 3 | An Áit a Shainmhíniú (Cuspóirí agus Gníomhartha)

Is leis an bpróiseas anailíse agus meastóireachta a leagfaidh amach na 'bloic tógála' bhunúsacha do Phlean LBT freagrúil a sholáthraíonn freagairt iomlánaíoch a thógann ar shócmhainní atá ann cheana féin, a théann i ngleic go díreach le saincheisteanna práinneacha agus a shainaithníonn dúshláin a bheidh ann amach anseo. Ba cheart an plean a leagan amach thart ar na téamaí ardleibhéil nó na cuspóirí a thiocfaidh chun cinn, amhail ról agus íomhá. De bharr gur nádúr uaillmhianach de chuid is mó atá ag na cuspóirí, ní mór breithniú mionsonraithe a dhéanamh ar an tslí a bhféadfaí í a chomhlíonadh. D'fhéadfaí sin a chur in iúl ina shraith 'Gníomhartha' nó 'Straitéisí' a thugann aghaidh ar na céimeanna is gá chun na cuspóirí a bhaint amach. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an tslí a dtomhaistear an cuspóir, an tslí a bhforbrófar tuilleadh é (ie pleananna agus straitéisí forlíontacha) agus an tslí a gcuirfear i bhfeidhm é.

**Samplaí de chuir chuige**

Múnlaítear go leor pleananna de sórt sin thart ar théamaí ardleibhéil, nó cuspóirí, a thagann chun cinn i rith an phróisis anailíse, amhail:

**Ról:** An phríomh-aidhm atá/a bheidh ag an mbaile (tionscail, turasóireacht etc.) i ndáil lena shuíomh agus an ordlathas níos leithne lonnaíochtaí sa chontae/réigiún.

**Íomhá:** An rud a bhfuil/a bheidh cáil ar an mbaile ina leith, an tslí a meallfaidh sé daoine/infheistíocht agus an tslí a rachaidh sé i bhfeidhm ar chuairteoirí.

**Beocht agus Fuinneamh:** An tslí a nginfidh an baile gníomhaíocht, a dtacóidh sé le raon éagsúil gnólachtaí, agus a gcuirfidh sé sráideanna bríomhara, spásanna bríomhara agus timpeallacht maireachtála tharraingteach ar fáil.

**Uilechuimsitheacht:** An tslí a dtacóidh an baile le folláine phobail éagsúil.

**Oidhreacht agus Cultúr:** An tslí a mbeidh stair shaibhir agus saol cúltúir an bhaile (agus an réigiúin bhróicéireachta) ina chuid thábhachtach d'eispéireas an láir bhaile.

**Aeráid:** An tslí a rachaidh an baile in oiriúint do dhúshláin amach anseo agus a gcuirfidh sé athléimhneacht ó thaobh na haeráide de san áireamh.

**I measc na saincheisteanna praiticiúla a mbeadh aghaidh le tabhairt orthu:**

- Nascacht agus inrochtaineacht a optamú chun soghluaisteacht inbhuanaithe a spreagadh
- Bainistiú tráchta chun tionchar feithiclí príobháideacha ar an ríocht phoiblí agus ar an timpeallacht maireachtála a laghdú.
- An ríocht phoiblí a fheabhsú chun sráideanna agus spásanna níos tarraingtí a chruthú agus chun riachtanais daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu a chomhlíonadh.
- Meascán comhlántach úsáidí a spreagadh chun gníomhaíocht a ghiniúint sa bhaile, i ndáil leis an ngeilleagar lae agus leis an ngeilleagar oíche araon.
- Roghanna éagsúla maireachtála agus tithíochta a spreagadh agus níos mó deiseanna aistriú teach cónaithe den mhéid ceart ag brath ar riachtanais éagsúla le himeacht ama.
- Deiseanna um ghníomhú ar son na haeráide do chreatlach thógtha bailte.
- Claochlú digiteach agus bealaí nua oibre agus maireachtála i ndiaidh na paindéime.
- Sócmhainní cultúir agus oidhreachta atá san áit cheana féin a thuiscint.
- Foirgnimh fholmha/thréigthe a chur in úsáid arís trí bhíthin athchóiriú nó úsáid nua a bhaint astu.
- Limistéir thearc-úsáidte inlíonta/thalamh chúil a fhorbairt.

Ráiteas i scríbhinn is ceart a bheith mar thoradh an phróisis sin, le tacaíocht ó ábhair fhíse (amhail sceitsí agus samhlacha) a chuireann 'braistint' den bhaile in iúl, chomh maith leis an bhfís don todhchaí. Féadfaidh ábhar tagartha a bheith sa phlean freisin (grianghraif) ó áiteanna eile a bhfuil na huaillmhianta céanna ar intinn nó bainte amach acu.

## 4 | An Áit a Chumasú

Tá an earnáil Rialtais Áitiúil, le tacaíocht ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Rialtais éagsúla, ar thús cadhnaíochta maidir leis na pleananna éagsúla a sholáthar, ar cláir agus beartais iad a chruthaíonn bailte rathúla. Féachann an LBT le tógáil ar an mbonn acmhainní sin le cur chuige comhtháite agus comhordaithe a chinntiú. Cuirtear 'smaointeoireacht chomhleanúnach' ar fáil san Fhís, maidir leis sin, faoin tslí a n-oibreoidh straitéisí agus tionscadail aonair le chéile chun an áit a fhorbairt.

Ba cheart bealach soiléir chuig an soláthar a shainaithint sa Phlean LBT. Ba cheart creat-ama soláthair a shannadh do ghníomhartha nó do thionscadail shainaitheanta, nuair is praiticiúil sin, agus ba cheart an tslí a mbainfear soláthar amach a léiriú.

Tugann an méid sin braistint níos mó 'breisíochta', ar gné thábhachtach agus bhunúsach í le breithniú ó thaobh infheistíocht a mhealladh ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach. Féadfaidh infheistíocht ón earnáil phoiblí ach go háirithe braistintí an mhargaidh a athrú, agus infheistíocht a dhéanamh tarraingteach d'fhorbróirí a cheapfadh nach inmharthana í seachas sin. Chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean, ba cheart bealach soiléir chuig an soláthar a shainaithint, lena n-áirítear:

Roinnt príomh-thionscadal, comhthéacs do gach ceann, tuairisc ar na tionscadail agus ar na buntáistí féideartha a bhaineann le gach ceann, agus príomh-ghníomhartha chun forbairt láithreach a dhéanamh orthu. Is féidir pleananna mionsonraithe a chur san áireamh nuair is inmharthana sin;

Sruthanna cistithe iomchuí /foinsí cistithe féideartha (féach Aguisín 5 den Bheartas LBT);

Cás gnó nó cás eacnamaíoch a scrúdaíonn na rioscaí agus na deiseanna i scéimeanna ó thaobh inmharthanachta, costas tairbhe agus tráchtálacht fhadtéarmach, i gcásanna áirithe;

Is féidir gníomhartha nó tionscadail shainaitheanta a thagann ón bPlean LBT a aistriú ina gCreat Dearaidh Uirbigh níos mionsonraithe, nó a chomhionann, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna níos sainiúla agus/nó comhtháthú níos leithne le struchtúr lár an bhaile (naisc, úsáid talún, páirceanna/cearnóga, leagan amach foirgneamh) agus mionsonraí a bhaineann le carachtar lár an bhaile (leagan amach na sráideanna, teanga ailtireachta, pailéid ábhar). Is léiriú iad pleananna den sórt sin ar bhreis tiomantais ó na húdaráis agus tugann siad breis cinnteachta do phobail agus d'infheisteoirí/d'fhorbróirí.

# 12 CÁS-STAIDÉAR
## Callainn, Contae Chill Chainnigh

Is scéim phíolótach é an Tionscnamh um Chónaí i Lár Baile (TCLB) atá á bainistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP), faoina bhfuil méid chomh hard le €100k ar fáil do bhailte rannpháirteacha chun tograí nuálacha a fhorbairt ina spreagfar athúsáid a bhaint as foirgnimh fholmha agus thearc-úsáidte i lár bailte, chun cónaí iontu.

Roghnaíodh Sráid an Droichid Uachtarach i gCallainn mar shuíomh do thionscadal píolótach TCLB. Le Seiceáil Sláinte thosaigh ar Challainn in 2018, sainaithníodh Sráid an Droichid agus an méid foirgneamh folamh uirthi mar phríomh-limistéar leasa, ina raibh 42% de na maoine folmha sa bhaile. Bhí an tSeiceáil Sláinte sin mar bhonn faisnéise do Phlean Ceantair Áitiúil Challainn, ina raibh Cuspóirí Bainistíochta don Oidhreacht Thógtha a bhí deartha chun carachtar stairiúil an bhaile a chosaint agus a fheabhsú.

Bhí sraith tionscadal pobal/cultúir lonnaithe thart ar Shráid an Droichid i gCallainn agus le tacaíocht ó Fhoireann Bhaile Challainn ina gcúis le hathghiniúint tráchtála/chónaithe ar scála beag ach a raibh tionchar mór aici.

Bhí 'Tionscadal Shráid an Droichid' ina *"athshamhlú comhchoiteann ar Shráid an Droichid Uachtarach mar spás poiblí a bhfuil todhchaí shibhialta aige"*. Forbraíodh an tionscadal trí bhíthin chomhoibriú idir-disciplíneach idir lucht déanta téatair, cleachtóirí ailtireachta, cónaitheoirí agus úinéirí gnó ar Shráid an Droichid, agus pobal níos leithne Challainn.

Rinneadh sraith idirghabhálacha dearfacha ina dhiaidh sin – iar-theach tábhairne a athoscailt mar chaife/ ionad cultúir, foirgneamh a bhí folmha athfhorbairt mar árasáin chónaithe, córas tráchta aontreo a thabhairt isteach agus feabhsúchán ar an ríocht phoiblí ag Teampall Mhuire, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

Léirigh na hidirghabhálacha sin, curtha le chéile, an tslí a bhféadfaidh toradh dearfach a bheith ar shineirge idir ghrúpaí pobail agus cultúir, rannpháirtíocht i gcomhpháirtíocht leis an earnáil tithíochta neamhbhrabúis agus an Údarás Áitiúil.








# Nótaí

# Nótaí

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland